Bainistíocht Áiseanna

Tá Rannóg na Bainistíochta Saoráidí faoi chúram na Seirbhísí Corparáideacha agus tá dhá rannóg inti. Tá an rannóg bainistíochta saoráidí inmheánach ag plé le cúram a dhéanamh de Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain, Lóiste an Chuain, Oifig Dhún Droma, Teach Carnegie (suas go mí na Nollag 2022) agus Teach Ballygowan. Tá an rannóg bainistíochta saoráidí seachtrach/seachfhoinisithe ag plé le cúram a dhéanamh de 19 bhfoirgneamh éagsúla: Leabharlanna, Ionaid Phobail, Ionaid Fóillíochta, Iostaí Cathracha agus Foirgnimh Chathartha.

Áirítear leis an obair a dhéanann an Rannóg Bainistíochta Áiseanna inmheánach:

- Cothabháil foirgnimh ar oifigí corparáideacha agus tíos ginearálta.

- Próiseas Ceannaigh / Soláthair / Tairisceana – tá cuid mhór airgid á sábháil ag an gComhairle ar an ábhar go bhfuil conarthaí na hOifige um Sholáthar Rialtais á n-úsáid le haghaidh nithe áirithe amhail Slándáil, Glanadh ar Conradh, Stáiseanáireacht, Leictreachas agus Gás, agus Creatáil GNPB á n-úsáid le haghaidh Seirbhísí Soghluaiste agus Líne Seasta.
- Bainistíocht ar sheirbhísí glantacháin, seirbhísí slándála, seirbhísí ceaintín, diúscairt dramhaíola agus athchúrsáil, carrchlóis na foirne, córais rialaithe rochtana agus nósanna imeachta aslonnaithe dóiteáin.
- Bainistíocht ar Chaidrimh le Custaiméirí in úsáid le haghaidh bainistíú conarthaí.
- Deasc Póirtéara.
- Bainistíú Chóras na dTeileafón / Fóin Phóca Chorporáideacha.
- Imeachtaí á reáchtáil i Halla an Chontae.
- Hallaí a ligean ar cíos/Searmanais Shibhialta.

Mórgníomhartha 2022

- Ath-thairiscint agus slógadh rathúil an Chonartha Bainistíochta Seirbhísí Saoráidí Illáithreáin a fhreastalóidh ar 19 bhfoirgneamh de chuid dlr.
- Cuireadh tuarascáil meastóireachta ar fáil lena ndeimhnítear staid na bpríomhshócmhainní meicniúla agus leictreacha ar fud 19 bhfoirgneamh de chuid dlr, rud a thacóidh le cinntí maidir le bainistíocht sócmhainní amach anseo.
- Uasghrádú suntasach ar sheomra an ghléasra i gCearnóg an Chuain.
- Suirbhé ar dhíon Halla an Chontae agus oibreacha móra deisiúcháin ina dhiaidh sin.
- Uasghrádaíodh córas soilse in oifig Dhún Droma go córas ísealfhuinneamh LED.
- Uasghrádú ar shoilse agus comharthaí éigeandála, agus rinneadh painéal aláram dóiteáin agus brathadóirí deataigh a shuiteáil i dTír na nÓg, Ballygowan House.
- D'éirigh go geal le roinnt rannóg de chuid Seirbhísí Cathracha a chomhtháthú i bhFoirgneamh Riaracháin Ionad Oibríochta Bhaile Uí Ógáin.

An Oifig Chumarsáide

Déanann an Oifig Chumarsáide maoirseacht ar chumarsáid chorporáideach agus inmheánach don Chomhairle. Tá an Oifig freagrach as na nithe seo a leanas: an chumarsáid go léir, idir inmheánach agus sheachtrach, caidreamh poiblí, bainistíocht géarchéime. Tá an oifig freagrach chomh maith as margaíocht thar ceann dlr a bhaineann leis na seirbhísí, gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar fad atá ag an gComhairle a chuirtear ar fáil agus a chuirtear chun cinn ar mhaithe le saoránaigh agus lucht gnó.

Mórgníomhartha 2022

- Freagraíodh gach ceist ó na meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Eisíodh 135 Preasráiteas
- Rinneadh gníomhaíochtaí agus imeachtaí na Comhairle a Chur Chun Cinn agus a Bhainistiú.
- Foilsíodh Cúig Eagrán de dlr Times
- Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2021
- Rinneadh cuntais meán sóisialta dlr a bhainistiú, rud a bhí ina uirlis chumarsáide an-fhreagrúil, maidir le cumarsáid isteach

agus amach, don Chomhairle. Seo a leanas líon na leantóirí a bhí ag cuntais meán sóisialta dlr:

- Tháinig méadú 8% ar líon na leantóirí ar Facebook
- Tháinig méadú 3% ar líon na leantóirí ar Twitter
- Tháinig méadú 23% ar líon na leantóirí ar Instagram
- Ceapadh Oifigeach Gaeilge
- Seoladh podchraoladh nua dlr
- Cuireadh Scéim Ghaeilge na Comhairle i bhfeidhm de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- Bainistiú suíomh gréasáin corporáideach agus imeachtaí na Comhairle. Amharcadh ar na leathanaigh ar an suíomh gréasáin corporáideach 2,099,822 uair in 2022. Bhí 513,427 cuairteoir ar an suíomh gréasáin corporáideach in 2022.
- Citizenspace dlr - tugadh cuireadh don phobal páirt a ghlacadh in 55 comhairliúchán ar Mhol Comhairliúcháin ar líne dlr
- Lá na dTvuíteanna – Sheol an Chomhairle 113 Tvuít ar an 1 Iúil, Lá na dTvuíteanna agus bhí an haischlib chéanna, #YourCouncilDay, le sonrú i ngach tvuít



Seoladh podchraoladh dlr

Oifig an Chathaoirligh

Cuireann Gnóthaí Corporáideacha tacaíocht iomlán ar fáil don Chathaoirleach agus don oifig, lena n-áirítear:

- Comhairle a Thabhairt ar Phrótaicail agus Bainistíocht Imeachtaí
- Dialann agus Coinní an Chathaoirligh a Bhainistiú
- Cuirí a Eisiúint agus a Bhainistiú
- Ríomhphoist agus Comhfhreagras a Fhreagairt
- Óráidí a Ullmhú
- Preasráitis a Eisiúint i ndiaidh Imeachtaí

An Ghaeilge

Thug an tOifigeach Forbartha Gaeilge comhairle phraiticiúil agus tacaíocht do gach Roinn maidir le teagmháil a dhéanamh le custaiméirí trí chumarsáid scríofa, ghréasáin, mheán agus bhéil. Le linn cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge, tugadh liosta frásaí bunúsacha don fhoireann iomlán le húsáid ina gcuid oibre laethúil chomh maith le focail/frásaí le húsáid i gcomhfhreagras.



Comhrá le Tadhg Mac Dhonnagáin

Tugadh cúnamh leanúnach don fhoireann ar fad maidir lena síniú ríomhphoist agus lena dteachtairacht as oifig a athrú le go mbeadh siad dátheangach

Cuireadh maidineacha caife ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge chun deis a thabhairt don fhoireann labhairt as Gaeilge agus iarracht a dhéanamh a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú. Rinne an tOifigeach Forbartha Gaeilge iniúchadh ar shuíomh gréasáin na heagraíochta, inar cheartaigh sé an leagan Gaeilge de na príomhleathanaigh seirbhíse go léir.

I mí na Bealtaine, i gcomhpháirtíocht le Carmel Kelly (Leabharlanna dlr) agus Siobhán Nic Gaoithín (Oifigeach Aoisbhá dlr, an Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúir) cuireadh imeacht Gaeilge ar siúl sa Stiúideo sa Lexicon leis an scríbhneoir Gaeilge mór le rá Tadhg Mac Dhonnagáin, imeacht inar phléigh sé a leabhar, Madame Lazare, leis an gcaoltóir Gaeilge, Cathal Póirtéir.

Gealladh sa Scéim Teanga 2018-2021 de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire agus Ráth an Dúin go mbunófaí, faoi Chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin nó faoina (h)ainmní, Coiste Comhairleach na Gaeilge agus go mbeadh an tOifigeach Forbartha Gaeilge, baill foirne eile ón gComhairle, Comhairleoirí agus ionadaithe ó eagraíochtaí lasmuigh den Chomhairle Contae mar bhaill de. Cuireadh an coiste sin le chéile i mí Dheireadh Fómhair 2022. Buailteann an Coiste sin uair in aghaidh na ráithe agus beidh páirt lárnach aige i bhforbairt agus i bhfás sheirbhísí na Gaeilge chomh maith le soláthar na Gaeilge ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le blianta fada amach romhainn.

Buaicphointe eile ón mbliain ná an t-imeacht dátheangach ceoil a cuireadh ar siúl le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, imeacht a thug deis don lucht féachana foghlaim faoi cheol traidisiúnta Gaeilge agus faoi uirlisí traidisiúnta, agus ligeadh dóibh na huirlisí a sheinm, canadh agus rince a dhéanamh. I ndiaidh an imeachta, bhí deis ag daoine bualadh le chéile agus a bheith ag caint as Gaeilge agus as Béarla agus cupán tae/caife á n-ól acu. Reáchtáladh an t-imeacht seo i gcomhar le Leabharlanna dlr agus mhaoinigh an Clár Éire Ildánach é

Tá an chuma ar 2023 gur bliain iontach a bheidh ann le himeachtaí éagsúla á bpleanáil cheana féin i gcomhair Sheachtain na Gaeilge 2023 agus imeachtaí eile i rith na bliana.

An Mol Cathartha

Is é an Mol Cathartha ár Lárionad um Sheirbhís do Chustaiméirí agus tá sé d'aidhm aige leibhéal ár seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú trí phointe teagmhála inrochtana amháin a chur ar fáil maidir le riachtanais ár gcustaiméirí. Seoltar gach cainéal cumarsáide tríd an Mol, lena n-áirítear ceisteanna ar an teileafón, ar ríomhphost agus ar líne, earraí poist agus ár gcuntar poiblí. Leis sin, déantar comhsheasmhacht a chinntiú sa chaoi a mbítear ag plé le custaiméirí agus cuirtear ar ár gcumas gach fiosrú a rianú ar fud na heagraíochta, agus fágann sé sin gur féidir le custaiméirí an t-eolas is déanaí a fháil maidir le haon cheist a chuir siad isteach. Sa Mhol Cathartha, déantar gach aighneacht ó Ionadaithe Tofa a thaifeadadh agus a rianú chomh maith. Saoráid iomlán inrochtana atá sa Mhol Cathartha agus tá cuntair níos ísle, suíocháin le haghaidh custaiméirí agus córas lúibe ionduchtúcháin ann. Tá bothanna féinfhreastail ann a chuireann ar a gcumas do chustaiméirí rochtain a fháil ar ár seirbhísí go neamhspleách agus bíonn tacaíocht ar fáil dóibh más gá.

Mórghníomhartha 2022

- Rinneadh teagmháil le custaiméirí 138,000 uair
- Freagraíodh 105,058 glaoch teileafóin
- Freagraíodh 28,926 ríomhphost
- Rinneadh 2,082 earra poist chláráithe a thaifeadadh
- Pléadh le 2,117 ceist ag daoine ag an gcuntar

Soláthar

Is é an ról atá ag Aonad Soláthair dlr ná soláthar breisluacha a chinntiú atá dírithe go straitéiseach agus a thacaíonn le seirbhísí nuálaíochta, inbhuanaithe, éifeachtúil ó thaobh costais de agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil, i gcomhréir le Plean Corparáideach dlr. Leis sin a bhaint amach, tugtar tacaíocht dár rannóga ceannaigh agus iad i mbun próisis soláthair a chur i bhfeidhm.

Tá an tAonad freagrach as na rudaí seo a leanas:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an soláthar corparáideach go léir,
- Cabhrú le doiciméid soláthair a dhréachtú sula bhfoilsítear iad,
- Bunachar na gConarthaí Corparáideacha agus an phíblíne a bhainistiú,
- Comhairle agus Tacaíocht a thabhairt don eagraíocht ar gach réimse a bhaineann le cúrsaí Soláthair,
- Oiliúint a chur ar fáil dár bhfoirne ceannaigh, de réir mar is gá,
- Soláthar comhoibritheach comhdhlúite a chur chun cinn,
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ar chonarthaí go corparáideach de réir an tsoláthraí,
- Páirt a ghlacadh i líonraí Náisiúnta agus Réigiúnacha Soláthair,
- Tuairisciú ar Sholáthar dlr don Choiste Iniúcháireachta agus don Rialtas Láir de réir mar is gá.

Mórghníomhartha 2022

- Freagraíodh 995 ceist a bhain le cúrsaí Soláthair
- Rinneadh 260 seiceáil comhlíonta ar idirbhearta thar gach roinn
- Rith an Chomhairle an Corporate Procurement Plan 2022-2024 (Plean Corparáideach Soláthair 2022-2024)

- Dréachtaíodh Beartas um Sholáthar Glas in dlr
- Cuireadh Iníúchadh Soláthair i gcrích agus tá moltaí á gcur i bhfeidhm

Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

D'oibrigh Gníomhaire Dlí na Comhairle, sa cháil atá aige mar Oifigeach Cosanta Sonraí i dteannta le baill den fhoireann seirbhísí dlí leis an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha chun Clár Comhlíonta Sonraí na Comhairle 2022 a chur i bhfeidhm. Lean an obair Creat na Comhairle um Rialachas Sonraí. Tá Foireann Chlár Príobháideachta na Comhairle mar chuid den chreat sin. Bhí na nithe seo a leanas ina measc:

- Ráitis príobháideachta do gach Roinn laistigh den Chomhairle a thabhairt chun críche
- Gníomhaíochtaí a leagadh amach san Iníúchadh RCGS Inmheánach a chur i bhfeidhm
- Comhlíonadh a bhrú leis an gceanglas ar Ranna na Comhairle chun Comhaontuithe Próiseála Sonraí agus Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí a dhéanamh
- An méid a dhéantar sonraí pearsanta a bhailiú trí fhoirmeacha agus ardáin éagsúla na Comhairle a shainaithint
- An méid a dhéantar agus an áit a ndéantar sonraí pearsanta catagóirí speisialta a phróiseáil ag an gComhairle

I dteannta leis an méid sin roimhe seo, bhainistigh an tOifigeach Cosanta Sonraí agus a fhoireann sárúithe ar chosaint sonraí pearsanta chomh maith le gearáin a fuair an tOifigeach Cosanta Sonraí. I ráithe 4 de 2022, aistríodh feidhm na Cosanta Sonraí agus RCGS go dtí an Roinn Seirbhísí Corparáideacha, faoin Rannóg Rialachais.

Saoráil Faisnéise

San Aonad Saorála Faisnéise (FOI), tá an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise (Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach) agus baill foirne riaracháin. Is é an tAonad i dtosach a phléann le gach larratas um Shaoráil Faisnéise, um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus um Rochtain ar Shonraí.

In 2022, fuair an Chomhairle 137 larratas um Shaoráil Faisnéise (FOI), 10 larratas um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE) agus 3 larratas um Rochtain ar Shonraí (DAR).

Staitisticí maidir le Saoráil Faisnéise le haghaidh 2022

Líon iomlán na nLarratas Saorála Faisnéise a próiseáladh	137
Pearsanta	19
Neamhphearsanta	118
larratais a Ceadáíodh	36
larratais a Ceadáíodh i bPáirt	39
larratais ar Diúltaíodh Dóibh	55
larratais a Aistríodh	1
larratais a Aistarraingíodh	3

larratais a Láimhseáladh taobh amuigh de FOI	3
Athbhreithnithe Inmheánacha a Rinneadh	6
Achomhairc don Choimisinéir Faisnéise	1
Foinsí na nLarratas a Fuarthas	
Daoine den Phobal	85
Iriseoirí	34
Gnólachtaí/Grúpaí Leasa	15
Oireachtas/Daoine den Phobal	2
Baill Foirne	1

Clár na dToghthóirí

Tháinig Clár na dToghthóirí 2022-2023 i bhfeidhm ar an 15 Feabhra 2022. Bhí 164,674 toghthóir ar an gClár deiridh. In 2022, athraíodh an próiseas toghcháin nuair a cuireadh isteach an tAcht um Athchóiriú Toghcháin 2022. Tháinig an tAcht i ngníomh ar an 13 Deireadh Fómhair 2022 agus i measc na bpríomhathruithe ar an bpróiseas, tá

ARE YOU REGISTERED TO **VOTE?**

Check the Register of Electors online at **www.voter.ie**

Contact us at **registerofelectors@dlrcoco.ie**
Tel: 01-2054880
www.dlrcoco.ie

clárú náisiúnta ar líne ag www.checktheregister.ie le hÚdarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath in ann clárú ag www.voter.ie freisin. I measc na bpróiseas nua eile tá clárú leanúnach, úsáid UPSPanna agus beidh daoine freagrach as a gcuid faisnéise féin a chlárú agus a choinneáil in ord. Níl Dréachtchlár ná Clár Eagraithe na dtoghthóirí ann a thuilleadh.

Oifig Dhún Droma

Chuir Oifig Dhún Droma seirbhís ardcháilíochta ar fáil, rud a d'fhág gurbh fhéidir príomhsheirbhísí a chur ar fáil, mar shampla iarratais nua ar phleanáil a chur isteach, cíosaanna tithíochta a íoc agus tionscadail innealtóireachta a thaispeáint, scéimeanna bóithre nua san áireamh. Tá Oifig Dhún Droma bródúil as neart seirbhísí de chuid na Comhairle a chur ar fáil in aon áit amháin. Tá 10 mbunscoil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a bhaineann leas as Scéim na mBéilí Scoile Uirbeacha atá á bainistiú in Oifig Dhún Droma.

Mórgníomhartha 2022

Reachtáladh na Cruinnithe agus na Taispeántais seo a leanas in oifig Limistéar Dhún Droma in 2022:

Laethanta Oscalte d'Athbhreithniú an Chontae ar Rátaí, Airde & Dlús Foirgnimh Leasú ar Scéim Pleanála Choill na Silíní agus ar an gComhairliúchán Poiblí do Scéim Rothaíochta Theach Naithí. Le linn na bliana, d'óstáil an oifig Dhún Droma údarás Áitiúla eile freisin chun tacú leis an bhfoireann Taistil Ghníomhaigh le roinnt dár scéimeanna Taistil Ghníomhaigh a thaispeáint.

- An Roinn Tithíochta 13
- Ranna eile 8
- Taisteal Gníomhach 4
- Oilíúint ar Láimhsíú Sábháilte
- Craoladh Gréasáin a Sholáthar do Chruinnithe Choiste Ceantair Dhún Droma 14
- Voter.ie iarratais ar an tairseach 460
- Iarratais checktheregister.ie 2,934

Iníúchadh Inmheánach

Is é is ról don Iníúcháireacht Inmheánach ráthaíocht neamhspleách a thabhairt do Bhainistíocht agus do Choiste Iníúcháireachta na Comhairle go bhfuil próisis na heagraíochta i gcúrsaí rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach. Agus a ról á chomhlíonadh ag Iníúcháireacht Inmheánach, scrúdaítear agus tuairiscítear leordhóthanacht rialuithe Inmheánacha na Comhairle.

Sa Phlean Bliantúil Iníúcháireachta Inmheánaí, arna cheadú ag an gCoiste Iníúcháireachta, tá clár iníúcháireachtaí a dhéantar le linn na bliana. Cuirtear torthaí agus moltaí gach iníúchta faoi bhráid na Foirne Bainistíochta agus an Choiste Iníúcháireachta. Baineann an Iníúcháireacht Inmheánach feidhm as córas iníúchta agus bainistíochta riosca ViClarity le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú moltaí ó thuarascálacha iníúchta.

Cuireann an Rannóg tacaíocht ar fáil don Choiste Iníúcháireachta fosta lena dhualgais a chomhlíonadh.

Baineann an Iníúcháireacht Inmheánach feidhm as córas iníúchta agus bainistíochta riosca ViClarity le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú moltaí ó thuarascálacha iníúchta.

Cuireann an Rannóg tacaíocht ar fáil don Choiste Iníúcháireachta fosta lena dhualgais a chomhlíonadh.

Mórgníomhartha 2022

- Cuireadh sé Thuarascáil Iníúcháireachta i gcrích agus cuireadh i láthair don Choiste Iníúcháireachta iad
- Cuireadh dhá Thuarascáil Seiceála chuimsitheach i gcrích, mar a éilítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí, agus cuireadh i láthair iad don Choiste Iníúcháireachta
- Rinneadh Cairt na hIníúcháireachta Inmheánaí a nuashonrú agus a fhorghnó ar an 10 Samhain 2022
- Ghlac foireann Iníúcháireachta Inmheánaí páirt i gcrúinnithe do Líonra Réigiúnach agus Náisiúnta Iníúchta an Rialtais Áitiúil
- Ghlac foireann Iníúcháireachta Inmheánaí páirt i seacht gcrúinniú den Choiste Iníúcháireachta

Coiste Iníúcháireachta

Is Coiste reachtúil den Chomhairle é an Coiste Iníúcháireachta arna ceapadh de bhun alt 59 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Tá seachtar comhalta ar an gCoiste Iníúchta, is é sin triúr comhalta tofa agus ceathrar ionadaí seachtracha. Cuireadh an Coiste Iníúcháireachta reatha le chéile i ndiaidh na dToghchán Áitiúil i mí na Bealtaine, 2019. Ní raibh athrú ar bith sa bhallaíocht le linn 2022. Bhí seacht gcrúinniú ag an gCoiste Iníúcháireachta in 2022.

Mórgníomhartha 2022

- Faomhadh Cairt an Choiste Iníúcháireachta, Tuarascáil Ghníomhaíochta do 2021 agus Clár Oibre Bliantúil do 2022 agus 2023
- Faomhadh tuarascáil an Choiste Iníúcháireachta ar an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil iníúchta agus Tuarascálacha an Iníúchóra Rialtais Áitiúil le haghaidh 2021
- Faomhadh Cairt na hIníúcháireachta Inmheánaí, an Tuarascáil Bhliantúil ar 2021, an Plean Bliantúil Iníúcháireachta 2022 agus rinneadh athbhreithniú ar Dhréachtphlean Bliantúil Iníúcháireachta 2023
- Breithníodh tuarascálacha Iníúcháireachta Inmheánaí agus fuarthas nuashonruithe rialta ar mholtaí na tuarascála iníúcháireachta
- Glacadh Beartas na Comhairle maidir le Calaois a Chosc agus a Thuirisciú agus doiciméad Nósanna Imeachta

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta in 2022.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá dlí tiomanta do thimpeallacht oibre shlán shláintiúil a choimeád, ní hamháin d'fhostaithe na Comhairle ach do dhaoine eile a bhféadfadh gníomhaíochtaí an Chomhairle difear a dhéanamh dóibh.

Tá feidhm ag an Oifigeach Sábháilteachta agus Sláinte Corparáidí comhairle a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach, don bhainistíocht shinsearach agus do Ranna gaolmhara maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde a bhainistiú sa Chomhairle.

In 2022, leanadh leis an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a leasú, de réir mar ba gha i gcomhréir le ceanglais reachtúla agus sláinte phoiblí.

Mar a tháinig athrú ar shocrú sláinte phoiblí, rinne an Chomhairle a próiseas oibre a oiriúnú d'fhonn leanúint le soláthar a seirbhísí (inmheánacha agus poiblí) chomh sábháilte agus a bhí réasúnta.

Agus an bhéim athdhíríte ar shocrúcháin sláinte poiblí an duine aonair seachas ar shocruithe sláinte poiblí comhchoiteanna, cuireadh tús le grúpaí comhairliúcháin arís.

Tugadh faoi iniúchtaí agus cigireachtaí ar oibríochtaí saothair dhírigh & conraitheoirí ar bhonn rialta le linn 2022 ar fud ranna/feidhmeanna uile na Comhairle.

Mórgníomhartha 2022

- Cuireadh 194 cigireacht ar an láthair intí i gcrích le linn na bliana féilire
- Cuireadh 390 cigireacht reachtach i gcrích le linn na bliana féilire agus tuairiscíodh locht láithreach amháin
- Rinneadh tástáil ar bhogearraí chun socrúcháin TTM a fheabhsú
- Cuireadh tús le grúpaí comhairliúcháin le hionadaithe Sábháilteachta tar éis Socruithe Sláinte Poiblí

Acmhainní Daonna

Bíonn Rannóg na nAcmhainní Daonna ag plé le riar forálacha reachtacha fostaíochta agus leis na beartais, leis na nósanna imeachta agus leis na scéimeanna a ghlac an Bhainistíocht.

Tá an Rannóg freagrach fosta as Earcaíocht, Foghlaim agus Forbairt Foirne, Bainistíocht Ama agus Tinrimh, Aoisiúntas, Rannpháirtíocht Éifeachtach Fostaithe, an tSeirbhís Folláine Foirne a chur ar fáil agus tacaíocht a chur ar fáil don phárolla san eagraíocht.

Choinnigh Acmhainní Daonna Clár Earcaíochta láidir le linn 2022, agus chuir dlrc chun cinn mar fhostóir iontach a fhreastalaíonn ar riachtanais an lucht saothair ag am ina bhfuil gníomhaíocht earcaíochta ann ná ch bhfacthas riamh.

Bhí coinneáil na foirne fós ina phríomhábhar imní i margadh earcaíochta an-iomaíoch agus lean Acmhainní Daonna ag obair trí na cláir, Foghlaim & Forbairt, Rannpháirtíocht Fostaithe agus Folláine Foirne chun taithí saoil oibre ár mball foirne a bharrfheabhsú.

Tugadh isteach Beartais Leanúnacha na Comhairle maidir le hObair Chumaisc agus an Ceart chun Dínascadh in 2022.

In 2022, foilsíodh an chéad Tuarascáil ar an mBearna Phá idir Inscní de chuid Chomhairle Contae Dhún-Laoghaire-Ráth an Dúin, lena neartaítear ár bhfócas ar thacú le hionad oibre atá oscailte agus ionchuimsitheach.

Mórgníomhartha 2022

- D'fhág 106 duine an Chomhairle agus tháinig 147 duine nua ar an bhfoireann. Tugadh ardú céime do 92 ball foirne go himmheánach. Fógraíodh 42 comórtas earcaíochta agus chuir 884 duine isteach orthu. Cuireadh 522 duine faoi agallamh agus cuireadh 180 iarratasóir ar phainéil. Ag deireadh 2022 bhí coibhéis lánaimseartha de 1120.5 ball foirne ag an gComhairle.
- Tugadh 383 cúrsa foghlama agus forbartha agus cuireadh oiliúint ar 2,540 ball foirne san iomlán. D'fhreastail 140 ball foirne ar 48 Comhdháil freisin. Tugadh tacaíocht do 28 ball foirne tús a chur le cúrsaí breisoideachais mar chuid den Scéim Cúnaimh.
- Lean an tSeirbhís Folláine Foirne ag fás faoi stiúir an Oifigigh Folláine Foirne. Reáchtáladh 13 Sheimineár Folláine ar líne i rith na bliana inar clúdaíodh réimse ábhar, agus ba iad na cinn ba mhó éileamh 'Disability in the Workplace', 'Mind Full nó Mindful' agus 'Building New Routines & Responding to Change'. D'fhreastail 707 duine san iomlán ar na seimineáir seo. Lean Spectrum Life, ár Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe, atá

neamhspleách, le seirbhís a chur ar fáil do bhaill fhoirne agus d'ionadaithe tofa 24/7 365 lá in aghaidh na bliana. Bhain 69 ball foirne / comhaltaí tofa úsáid as an tseirbhís le linn 2022.

- Rolladh amach Beartais dlrc um obair chumaisc. Léirigh ár gcéad Tuarascáil ar an mBearna Phá idir Inscní nádúr ionchuimsitheach ár n-ionad oibre le Meánbhearna Phá idir Inscní de -3.04% agus Bearna Phá idir Inscní Airmheánach de -7.99%.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Tionscnaimh Dhigiteacha

Seo a leanas ról Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise:

- An nuálaíocht a bhaineann le cúrsaí TF a stiúradh agus a éascú
- Socrú a dhéanamh chun seirbhísí nua TF a thabhairt isteach go héifeachtach mar chuid de thionscadail
- Socrú a dhéanamh chun na seirbhísí TF atá ann cheana féin ar fud na Comhairle a sholáthar go hiontaofa
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail agus tograí náisiúnta TF agus tacú leo

Ghlac an Rannóg TF an creat ITIL chun dea-chleachtas agus éifeachtúlacht a chinntiú agus seirbhísí a chuirtear ar fáil cheana féin á soláthar. Úsáidtear modheolaíocht bainistíochta tionscadail (PMM) lena chinntiú go ndéantar conarthaí a bhainistiú agus go ndéantar tionscadail a ailíniú le Plean Corparáideach agus Plean Bliantúil Soláthair Seirbhísí na Comhairle agus lena chinntiú go gcuirtear tionscadail i gcrích go tráthúil agus go mbíonn siad éifeachtúil ó thaobh costais de.

Mórgníomhartha 2022

- Réitigh deasc na seirbhíse TF 4,621 gloch ar an iomlán go sásúil in 2022. Is méadú 15% é seo ar 2021.
- Thacaigh an fhoireann um Bunathrú Gnó leis an uasghrádú ó Agresso Milestone 4 go Milestone 7.
- Uasghrádú ó Chóras Oscailte Bainistíochta Tithíochta (OHMS) go Tithíocht NEC
- Aipeanna New Dynamics um Bainistíocht ar Chaidrimh le Custaiméirí (CRM) chun cur ar chumas na foirne i bPáirceanna agus Seirbhísí Cathracha chun cásanna a uasdátú i bhfíor-am ón bpáirc agus an sreabhadh oibre cásanna a bhainistiú ar bhealach níos fearr.
- Ag obair le Gnóthaí Corparáideacha chun córais ar líne nua ePMDS (CBFF) agus Clár Eitice a sholáthar
- Seoladh na haipse um Obair Chumaisc
- Rolladh amach oiliúint feasachta cibearshlánda don fhoireann ar fad
- Cruthaíodh agus rolladh amach beartais um chibearshlándaíl don fhoireann ar fad
- Cuireadh isteach córas nua darb ainm Microsoft InTune/Endpoint Manager chun gach ríomhaire glúine/ríomhaire pearsanta de chuid na Comhairle a bhainistiú.
- Úsáid InTune/Endpoint Manager chun thart ar 700 gléas a uasdátú leis an leagan Windows is déanaí.
- Chríochnaigh an fhoireann um Straitéis Dhigiteach leis an rolladh amach den chlár WiFi4EU lena gcuirtear Wi-Fi saor in aisce ar fáil i mbailte, sráidbhailte agus ionaid phobail ar fud an Chontae

- Sholáthair an fhoireann Smart Dún Laoghaire, i gcomhair le mic léinn áitiúla ó Choláiste Breisoideachais Dhún Laoghaire, a gcéad clár Trendhunters a dhíríonn ar athraithe a shainaithe chun Dún Laoghaire a atá cliste, inbhuanaithe agus a sheasfaidh an aimsir a chothú
- Ag comhoibriú ar 3 thionscadal iomráiteacha arna mhaoiniú ag an AE (Probono, SCORE agus Precinct) atá dírithe ar inbhuanaitheacht, ceantair ghlasa agus athléimneacht ó thaobh na haeráide de
- Laghdú ar bhonneagar fisiciúil, rud a fhágann coigilteas suntasach fuinnimh agus costais, i gcomhar le clár nuachóirithe Windows Server
- Uasghrádú Líonra Limistéir Stórála (SAN)
- Comhaontaíodh Seiceálacha Sláinte na Comhpháirtíochta a chur ar fáil don bhliain seo chugainn
- Lorgaíodh comhpháirtíocht agus chomhaontaigh an chomhpháirtíocht sin oibriú lenár nOifig Chumarsáide chun Turais Chontae don Fhoireann a thabhairt isteach arís, ba chóir go gcuirfeadh tús leis sin in 2023
- Comhaontaíodh an tagarmharc le haghaidh Aitheantas as Fadseirbhís a athrú ó 25 go 20+ bliain, baineadh sin amach tar éis dhá ócáid a chur ar siúl ar an 17 Samhain & ar an 9 Nollaig
- Foilsíodh Féilire Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2022
- Bunaíodh Grúpa Gníomhaíochta um Chothabháil Bóithre chun críocha Moladh ón mBainistíocht na TAUanna Bhaile an Róistigh agus Iosta Loreto a bhogadh go Baile Uí Ógáin
- D'iarr an Oifig Chomhpháirtíochta smaointe agus moltaí ar Bhaill Fhoirne le linn na bliana.

Tosaíochtaí le haghaidh 2023 – obair agus infheistíocht leanúnach chun an eagraíocht a chosaint ó ionsaithe Cibearshlándála, oibriú ar ríomhphleanáil a thabhairt isteach, éascú a dhéanamh ar roinnt Seirbhísí Tithíochta ar Líne, digitiú a dhéanamh ar phróisis inmheánacha agus tuilleadh forbartha ar dlrDocs d'obair hibrideach gan pháipéar. Ina theannta sin, seolfar an suíomh gréasáin nua dlrcoco.ie agus tabharfar isteach córas cultaca nua mar chuid den uasghrádú SAN – coigilteas fuinnimh. Uasghrádú ar an gCóras Faisnéise Geografaí (GIS). Córas Bainistíochta Sócmhainní Bogearraí. Iarratais MyCoCo le haghaidh íocaíochtaí ar líne ar Rátaí agus ar cheadúnais Troscaín Sráide. Córas rialú stoic nua.

Comhpháirtíocht an Ionaid Oibre

Reáchtáil an Coiste Comhpháirtíochta a gcuid cruinnithe maidir lena sceideal le linn na bliana. Lean Grúpaí Gníomhaíochta Comhpháirtíochta le dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt cuspóirí/gníomhaíochtaí.

Áiríodh leis na himeachtaí & na scéimeanna:

- Reáchtáladh an Comóradh Bliantúil Foirne i Halla an Chontae & Baile Uí Ógáin, leis na srianta Covid-19 tar éis dul in éag, bhí Daoine atá Imithe ar Scor in ann freastal i mbliana. Cinneadh freisin an leagan leictreonach den imeacht a forbraíodh le linn Covid agus a raibh tóir air, a chur ar fáil i mbliana do Dhaoine atá Imithe ar Scor agus don Fhoireann araon
- Tá an-tóir i gcónaí ar Chomhpháirtíochtaí 'Little Good News' i measc na Foirne & Daoine atá Imithe ar Scor
- D'ainneoin iarracht mór an leibhéal suime do Chór Foirne dlr a thabhairt ar ais, socraíodh go raibh deireadh tagtha leis ar an drochuair, tar éis Covid
- Thug Comhpháirtithe an Ionaid Oibre 'físchomhráite' isteach le Baill Foirne éagsúla ar fud ár seirbhísí, postáladh naoi gcinn le linn na bliana
- Cuireadh scéim Smart Phone Purchase (Ceannaigh Fón Cliste) ar fáil don Fhoireann & do Dhaoine atá Imithe ar Scor
- Thug an grúpa Carthanais a bhunaigh an Coiste Comhpháirtíochta (HUG) cúnaimh airgid do chuid mhór grúpaí le linn 2022
- Lean an Chomhpháirtíocht ag cuidiú leis an Oifig Chumarsáide le haip nua gutháin dlrConnect do bhaill fhoirne lonnaithe in iosta a chur chun cinn,
- Lean Scéim Coigiltis na Nollag ar aghaidh, agus an-rath uirthi, tá ballraíocht na comhpháirtíochta méadaithe anois go 316, is é sin 220 ball foirne ar thuarastal agus 96 ball foirne ar phá agus i mbliana íocadh os cionn €330,000 i gcoigilteas. Tá an scéim oscailte don fhoireann & do dhaoine den bhfoireann atá imithe ar scor atá ar an scéim my-pay.



SEIRBHÍŚÍ Ailtireachta






ISO50001 Iniúchadh Athdheimhnithe Curtha i gCrích



51%

Feabhsú ar Éifeachtúlacht Fuinnimh



183

Pacáiste Fuinnimh Tí ar iasacht don phobal

2

Fheithicil Leictreacha ceannaithe



Brathadóirí Sceitheadh Teirmeach ar fáil i Leabharlanna Brainse



Pacáistí Coigilte Fuinnimh sa Bhaile ar fáil i **13** Leabharlann Bhrairse

An tSeirbhís Ailtireachta

Sa Roinn Ailtireachta, cuirtear seirbhísí ar fáil chun an caighdeán maireachtála a fheabhsú ar mhaithe le gach duine sa Chontae, athbhreithniú straitéiseach san áireamh ar láithreacha oiriúnacha do thithíocht, do chonláistí cathartha agus don fhorbairt uirbeach. Bíonn an Roinn ag plé go príomha leis an tógáil a bhainistiú i gcás tionscadail tithíochta sóisialta, mar aon le hoiriúnú agus uasghrádú tithe. Tugann na hAiltirí tacaíocht do ranna agus do rannóga eile, lena n-áirítear Bonneagar agus Athrú Aeráide, Gnóthaí Corparáideacha, Páirceanna, Pobal agus Leabharlanna, agus iad ag tabhairt faoi thionscadail tógála, faoin dearadh uirbeach agus faoi thionscadail ríochta poiblí.

Cuireann an Rannóg Caomhantais le Plean Forbartha an Chontae, chomh maith le comhairle a thabhairt faoi iarratais phleanála a bhaineann le struchtúir agus tithe cosanta i Limistéar Chaomhantais Ailtireachta. Tugann an rannóg deontais d'iarratasóirí rathúla faoi na Scéimeanna Cistiúcháin le haghaidh Deontais Chaomhantais agus Struchtúir Stairiúla.

Tá an Roinn freagrach chomh maith as bheith ag plé le Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha sa Chontae faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta).

Cuireann Roinn na nAiltirí an clár fuinnimh chun cinn sa Chontae i réimsí éagsúla: Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001, atá i bhfeidhm ar fud na corparáide, chomh maith le Foireann Fuinnimh tras-ranna, a bhainistiú. An fheidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh, flít agus soilsiú poiblí na Comhairle a mhonatóiriú agus a fheabhsú. Teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus le ranna rialtais maidir le foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh.

Tugann Ailtirí dlr tacaíocht don fhéile bhliantúil ailtireachta a reáchtálann Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, Open House Dublin. Reáchtáiltear turais phoiblí, gníomhaíochtaí agus imeachtaí saor in aisce leis an timpeallacht thógtha ardcháilíochta atá sa Chontae a chur chun cinn agus le tuiscint níos fearr a spreagadh maidir le réimse leathan na hailtireachta do gach aois.

Tithíocht

- Cuireadh 21 aonad cóiríochta do dhaoine scothaosta ar fáil ag Cúirt an Átha Leathain, Baile an tSaoir. Tá seomra pobail agus páirceáil faoin talamh san fhorbraíocht seo, atá lonnaithe timpeall ar chlós iata a bhfuil tírdhreachú déanta air.
- Cuireadh tús le hoibreacha suntasacha ag 4 cinn d'lar-lostáin Folmha an Gharda Cósta, Dún Laoghaire. Beidh siad ar fáil mar thithíocht ó 2023.
- Cuireadh tús le tógáil ar an scéim tithíochta poiblí is mó de 597 teach sóisialta agus inacmhainne ag Seangánach, Seanchill le dlr i gcomhpháirtíocht leis an Gníomhaireacht Forbartha Talún.
- Tá tógáil ar bun ag Cearnóg Bhaile Uí Ógáin le haghaidh 67 aonad tithíochta sóisialta. Beidh siad ar fáil ó 2023.



Cúirt an Átha Leathain

- I lár 2022, cuireadh tús le tógáil ar 4 aonad cónaithe breise ag Cúirt Moyola. Tá siad le bheith críochnaithe in 2023.
- Cuireadh tús le 4 aonad tithíochta a thógáil nuair a rinneadh athchóiriú agus síneadh ar Theach na Páirce, Dún Laoghaire atá folamh agus ar aonad miondíola ar urlár na talún.
- Le linn athchóiriú tí in 2018 ar theach ag deireadh sraithe, sainaithníodh suíomh féideartha sa Naigín. Go luath in 2023, beidh teach nua dhá stór le 2 sheomra leapa á thógáil ag an suíomh sin.
- Cuireadh isteach tairiscint le haghaidh 88 árasán ag Saint Laurence's i Stigh Lorgan, chomh maith le leabharlann nua.
- Tá 2 theach dhá stór agus 2 árasán ag Bóthar Reabóige, Cluain Sceach ag an gcéim tairisceana.
- Deonaíodh faomhadh Cuid 8 do 3 aonad d'Aonaid Bhuana agus Shealadacha Chóiríochta don Lucht Siúil (TAUnna) i bPáirc na Coille. Lorgófar cead ón Roinn Tithíochta agus Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go luath in 2023.
- Tá suíomh Buan TAU Pharóiste Mhichíl agus suíomh Sealadach TAU carrchlós Burton ag fanacht ar fhaomhadh Chuid 8 do 3 aonad.

Forbraíodh Córas Bainistíochta Tionscadal nua agus creat do chonraitheoirí mionoibreacha chun an Deontas do Dhaoine faoi mhíchumas (DPG) a sholáthar i gcomhar leis an Roinn Tithíochta. Déanann an Roinn Ailtireachta bainistíocht ar thionscadail DPG atá níos mó agus níos casta agus ar shintí tí inrochtana.



Folcadáin Dhún Laoghaire

An Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

Cuireadh Céim 1 de thionscadal Fholcadáin Dhún Laoghaire i gcrích agus osclaíodh don phobal é. Beidh spás stiúideo d'ealaíontóirí agus gailearaí agus áiseanna caifé i bPallúin na bhFolcadán. Soláthróidh an bealach siúil slí nua ó Bhaile Nua Mhic Gabhann go dtí an Cé Thoir le radhairc leathanradhairc thar Bhá an Albanaigh leis an ngaiséabó athchóirithe feadh an bhealaigh.

Bhronn the Academy of Urbanism (Acadamh an Uirbeachais) an **Great Town 2022 Award** (Duais an Bhaile Mhóir 2022) ar Dhún Laoghaire.

Is iad na gradaim seo (Great Places Urbanism Awards) an príomhardán atá ag an Acadamh le samplaí iontacha d'uirbeachas sa RA, ar fud na hÉireann agus na hEorpa a aithint agus a cheiliúradh. Roghnaigh na Urbanism Awards (Gradaim Uirbeacha) Dún Laoghaire mar gheall ar an Rotharbhealach Soghluaiasteachta Cósta agus mar gheall ar an tionscadal réimse poiblí i Sráidbhailte; lena nasctar sráidbhailte uirbeacha, áiteanna folcadáin, siúlóidí agus páirceanna feadh an chósta.

Leanann Ailtirí dlí ag obair leis an Infrastructure and Climate Change Directorate (Stiúrthóireacht um Bonneagar agus Athrú Aeráide) ar dhearadh roinnt tionscadal ríochta poiblí ar fud an chontae. Déantar an obair seo freisin i gcomhar leis an rannóg um Thaisteal Gníomhach. Le chéile táimid ag soláthar bealaí sábháilte chuig na scoileanna, tionscadail sráideanna cónaithe lena n-áirítear sráidbhaile na Carraige Duibhe agus príomhshráid Dhún Laoghaire.



Academy of Urbanism (Acadamh an Uirbeachais) – Great Town Award (Duais an Bhaile Mhóir)

Táimid gníomhach freisin leis na tionscadail COVID agus tionscadail shráideanna an tsamhraidh a chothabháil go leanúnach agus táimid páirteach freisin sa tionscnamh um sráideanna sábháilte agus ciúine Ghort na Mara agus san obair leanúnach ar Bhealach Soghluaiasteachta an Chósta. Chomh maith leis sin, tá slí isteach nua go Páirc na bhFianna á dhearadh ag Ailtirí dlí, lena n-áirítear slí isteach atá inrochtana agus tréscailteach. Tá sé sin le bheith críochnaithe in 2023.

Tá Ailtirí dlí ag tabhairt moltaí chun cinn freisin don cheantar cois cladaigh ar an gCarraige Dhubh. Áirítear leis an tionscadal seo athshamlú cuimsitheach ar an gceantar cois farraige lena n-áirítear na carrchlóis lasmuigh den Stáisiún DART, naisc thar an Líne Dart go dtí an cladach agus forbairt pláis cathartha nua.

Foirgnimh Shibhialta

Tá tógáil na leabharlainne poiblí St Laurence i Stigh Lorgan agus feistiú Leabharlann Samuel Beckett ag an gcéim tairisceana. I gCill Iníon Léinín tá moltaí ar siúl le haghaidh saoráid spóirt uisce de



Conservation Grant Society of the Sacred Heart (Sochaí Deontais Caomhantais an Chroí Rónaofa), Teach Gloine ag Mount Anville

chuid Fáilte Éireann agus i nDún Droma tá réamhdhearadh agus staidéir féideartha ar siúl do na moltaí chun Ionad Pobail, Cultúir agus Cathartha nua a lonnú i gcroílár Dhún Droma. Tá an moladh le freastal ar mhuintir Dhún Droma agus na ceantair mórthimpeall ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais na nglúnta atá ann agus ar riachtanais na nglúnta atá le teacht, le leabharlann mhór uasdátaíthe chomh maith le háiseanna pobail, cultúrtha agus cathartha lena n-áirítear seomra comhairle go léir a sholáthar.

Caomhnú na hOidhreachta Tógtha

Cuireann an Rannóg Caomhantais Cuid IV (Oidhrecht Thógtha) ón Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 i bhfeidhm, chomh maith le comhairle a chur ar fáil don phobal agus gníomhairí maidir le gach gné den Oidhrecht Thógtha. Tugann an fhoireann tacaíocht i gcónaí don Roinn Pleanála, idir Bhainistíocht Forbartha agus Phleanáil Chun Cinn.

Rialú Forbartha

Iarratais Phleanála (eolas breise agus tuarascálacha cuideachta san áireamh)	Dearbhúithe, Cuid 5	Dearbhúithe, Cuid 57	Seisiúin chomhairliúcháin réamhphleanála
250	30	1	15

Deontais

Déanann an Rannóg Caomhantais de Roinn na nAiltirí riar ar Scéimeanna Bliantúla Deontais Caomhantais na Roinne Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta.

Do Chiste na Struchtúr Stairiúil 2022 (HSF) bhronn an Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta €137,848 ar 4 thionscadal.

Líon na dtionscadal a fuair maoiniú	Líon na gcistí gearáilte príobháideacha a chaith na hiarrthóirí	Líon na laethanta fostaíochta a cruthaíodh (1 lá = 8 n-uair an chloig)
4	€68,924.72	414

Leithdháileadh €126,400 ar dlr don Scéim Infheistíochta don Oidhrecht Thógtha 2022 (SIOT), agus maoiníodh réimse tionscadal leis.

Líon na dtionscadal a fuair maoiniú	Líon na gcistí gearáilte príobháideach a chaith na hiarrthóirí	Líon na laethanta fostaíochta a cruthaíodh (1 lá = 8 n-uair an chloig)
19	€421,784.46	1,338.5

Struchtúir Chontúirteacha

Cuireann Roinn na nAiltirí an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) 1964 i bhfeidhm i ndáil le Struchtúir & Áiteanna Contúirteacha. Déanann an Roinn an obair ina dhiaidh a chomhordú i gcomhar le Cigirí Tógála, Dlí, Bainistíocht Réadmhaoine, réimse de ghníomhaireachtaí rialtais agus leis an bpobal chun na rioscaí a íoslaghdú. Sa tábla thíos, déantar achoimre ar chatagóirí na bhfoirgneamh contúirteach agus líon na gcásanna a tuairiscíodh in 2022.

Foirgneamh contúirteach	7
Foirgneamh a d'fhéadfadh a bheith contúirteach	36
Foirgneamh nach bhfuil contúirteach	44
Iomlán	47

Bainistíocht Fuinnimh

- Bunaithe ar an gcóras Monatóireachta agus Tuarascála de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), d'fheabhsaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin éifeachtúlacht fuinnimh le 51% in 2021 i gcomparáid le bonnlíne 2009, ag coinneáil an leibhéil feidhmíochta a baineadh amach in 2020.
- In 2021, bhí astaíochtaí dlr a bhain le fuinneamh 39% níos ísle ná an bhonnlíne den mheán in 2016-2018. Cé go léirítear leis seo céimeanna maithe leis an sprioc 51% a bhaint amach faoi 2030, ní raibh sé chomh maith leis an 44% a tuairiscíodh in 2020 agus mar sin ní mór aird a thabhairt air lena chinntiú nach dtéitear siar ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo. Tá an dul chun cinn ar astaíochtaí neamh-leictreachas a bhaineann le teirmeach (teas) agus modh iompair níos moille le laghdú 27% ar an mbonnlíne.
- Rinne Certification Europe an t-iniúchadh athdheimhnithe 3 lá ar Chóras Bainistíochta Fuinnimh dlr le haghaidh ISO 50001:2018 agus d'éirigh linn an creidiúnú a choinneáil.
- Ghlac dlr páirt san fheachtas 'Úsáid Níos Lú' de chuid an Rialtais a thacaíonn le laghdú ar ídiú fuinnimh. Rinneadh 444 postáil ar phríomhchuntais meán de chuid dlr agus de chuid na Leabharlanna dlr mar chuid den fheachtas, lena gcruthaíodh 1,777 rannpháirtíocht. Cuirfear tuarascáil deiridh ar fáil nuair a chríochnófar an feachtas, ach léiríonn na réamhshonraí go bhfuil dlr ar an mbóthar ceart chun an laghdú 15% ar a bhfuil sé dírithe a bhaint amach.

Open House Bhaile Átha Cliath

Tá dlr fós ina rannpháirtí agus ina urraitheoir ar Open House Bhaile Átha Cliath, an fhéile ailtireachta is mó in Éirinn.

- Reáchtáladh seimineár ar Uasghrádú ar Fhuinneamh Baile sa Seomra Comhairle ina raibh cuir i láthair ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Irish Green Building Council, ailtirí áitiúla, saineolaí caomhnaithe agus úinéir tí ag labhairt faoina thaithí ar aisfheistiú iomlán. Chomh maith leis an imeacht a reáchtáil san fhíorshaol, cuireadh taifeadadh de na cuir i láthair ar fáil ar chainéal YouTube de chuid dlr.
- In éineacht leis na láithreoirí sa Halla Tionóil bhí ionadaithe ó na siopaí ilfhreastal arna gceadú ag an SEAI, comhairleoirí fuinnimh, níos mó ailtirí, meantóir Pobail Fuinnimh Inmharthana le haghaidh seisiún 'Buail leis na Saineolaithe' a chuimsigh taispeántais ar an bPacáiste Coigilte Fuinnimh sa Bhaile a chuir ionadaithe Leabharlanna dlr ar fáil. Labhair an Cathaoirleach, an Comhairleoir Mary Hanafin leis an slua de thart ar 200 duine a d'fhreastail ar an imeacht i Halla an Chontae.
- Bhí 15 turas agus imeacht ar siúl ar fud cheantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin lena n-áirítear an turas 'Grounded' sa Charraig Dhubh a thug an tOifigeach Oidhreachta dlr agus geolaí. I measc na mbuaicphointí eile tá na turais ar Ard an Átha Leathain, Forbraíocht Choill na Silíní, Fern Cottage, Coimisinéir Shoilse na hÉireann, Regency Cottage, na Baoiseanna i bPáirc Naomh Éanna agus 8A Sráid Sheoirse Íochtarach.



FORBAIRT Pobail & Chultúrtha





Bhí an chéad
'INDIA FEST'
ar siúl i bPáirc Chill
Bheagóige, Meán
Fómhair 2022

80

damhachtain agus deontas
bronnta ar dhaoine aonair
agus eagraíochtaí chun tacú
le forbairt na n-ealaíon
go háitiúil



22

cruinniú d'Fhóram Freagartha an
Chomhphobail, mar fhreagra ar theacht
na nÚcránach díláithrithe i ndiaidh d'ionradh
na Rúise ar an Úcráin



20,000

cóip d'Iris
Aoisbhá 2022 de chuid dIris
scaipthe




146

Bronnadh Deontas Pobail
ar luach iomlán

€ 134,762



Bratacha Glasa an Taisce
bronnta ar **Pháirc Mharlaí,**
Pháirc Chábán tSíle, Páirc
Sheangánaí, People's Park
agus ar **Pháirc na bhFianna**



Forbairt Pobail & Chultúrtha

Tá réimse de phríomhsheirbhísí mar chuid den Roinn, lena n-áirítear na hEalaíona; an tSeirbhís Leabharlainne; Forbairt Pobail agus Ionchuisiú Sóisialta; Páirceanna, Bithéagsúlacht, Oidhreacht, agus Forbairt Spóirt & Rannpháirtíocht. Tá na seirbhísí sin dírithe ar thacú le forbairt pobail, cuimsiú sóisialta agus caighdeán na beatha agus na folláine a chur chun cinn ar mhaithe le cách.

Forbairt an Phobail

- Reáchtáladh 7 gcruinniú líonra saoráidí in 2022 a thug tacaíocht d'oibreoirí saoráidí i réimsí lena n-áirítear rialachas, sláinte agus sábháilteacht agus forbairt beartais.
- Rannpháirtíocht rathúil leanúnach de pháirtithe sa Scéim Fostaíochta Pobail dlr, ag cur deiseanna oiliúna, scileanna poist, cóitseáil agus meantóireacht ar fáil dóibh siúd atá dífhostaithe le fada nó atá faoi mhíbhuntáiste. Mhéadaigh líon na Socrúchán Fostaíochta Pobail go 115 duine a cuireadh in 28 saoráid Pobalbhunaithe lena n-áirítear clubanna spóirt, áiseanna cúraim leanaí pobail agus ionaid phobail.
- Lean an fhoireann poiblí ag obair go dlúth le hoibreoirí 27 saoráid pobail, ag soláthar cláir um gníomhachtú pobail chomh maith le seirbhísí andúile, seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, seirbhísí óige, cúram leanaí, grúpaí gníomhacha don lucht scoir, botháin na bhfear, agus gníomhaíochtaí sóisialta agus fóillíochta.
- Oibriú leanúnach den Chlár Bainistíochta Eastáit in 12 ceantar, ag obair i gcomhpháirtíocht chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn d'fhonn feabhas a chur ar an dtimpeallacht áitiúil.
- Leanadh ar aghaidh ag obair le Hub na nÓg chun comhairliúchán agus rannpháirtíocht le leanaí agus daoine óga ar gach saincheist a neartú. Ghlac breis agus 30 ball foirne páirt in dhá sheisiún ceardlainne a reáchtáladh i mí an Mhárta 2022.
- D'éirigh le dlr maoiniú a fháil do Lá Náisiúnta Súgartha 2022, agus ba é an téama a bhí ann ná 'Imir go Léir le Chéile'. Bhain seirbhísí áitiúla Leanaí & Óige leas as an maoiniú a úsáideadh chun cur leis an trealamh súgartha céadfach agus lasmuigh atá acu.
- D'éirigh le dlr cúnadh deontais a fháil ón Roinn Sláinte chun páirt a ghlacadh sa Pilot Period Poverty Project (Tionscadal Píolótach um Anás Míosta). Tugadh táirgí míosta saor in aisce do 18 suíomh timpeall an Chontae lena n-áirítear Leabharlanna, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Oifigí na Comhairle agus Áiseanna Pobail.
- Bhí Bainistíocht Eastáit Ráth Salach/Seangánach/Páirc Clifton agus Campas Cathartha Samuel Beckett, Baile Uí Ógáin sa dara háit sna Annual Pride of Place Awards (Gradaim Bhlíantúla Mórtas Áite)
- Athghníomhaíodh an Fóram Freagartha Pobail chun tacaíocht a thabhairt d'Úcránaigh dlíáthrithe atá ag teacht chuig an gContae seo tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin.
- Osclaíodh Bothán na bhFear i mBaile an tSaoir

Forbairt agus Ionchuisiú Sóisialta

- Bhí Féile Uilechuisitheacha dlr 2022 – Comhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú a Chur Chun Cinn in Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar siúl thar cheithre seachtaine i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair. Reáchtáil beagnach 40 eagraíocht agus grúpa go leor imeachtaí i bpearsa agus ar líne saor in aisce



India Fest 2022 (Féile na hIndia 2022)

lena dtaispeánadh agus lena dtarraingíodh aird ar thionscail agus ar ghníomhaíochtaí a cheiliúráil ionchuimsiú sóisialta, éagsúlacht agus comhionannas ar fud dlr.

- Tháinig Fóram Imeasctha dlr le chéile go rialta agus tháinig níos mó ballghrúpaí isteach san fhóram. Reáchtáil agus thacaigh an Fóram le himeachtaí pobail lena n-áirítear Lá na hAfraice, Féile na hIndia agus imeachtaí le linn Féile Uilechuimsitheachta dlr.
- Reáchtáladh imeachtaí Lá na hAfraice 2022 ar an 25 Bealtaine 2022, le tacaíocht ó mhuintir an Phobail Afraice, Leabharlanna dlr, eagraíochtaí spóirt, IADT agus Dublin South FM chun ceiliúradh a dhéanamh agus béim a chur ar chultúr na hAfraice in dlr.
- Bhí an chéad 'India Fest' (Féile na hIndia) ar siúl i bPáirc Chill Bheagóige ar an 17 Meán Fómhair agus d'fhreastail 3000 + duine uirthi ag ceiliúradh agus ag léiriú cheol agus chultúr na hIndia le maoiniú agus tacaíocht curtha ar fáil ag an Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta.
- Le linn na bliana, tugadh tacaíocht agus maoiniú do ghrúpa uilechuimsitheachta sóisialta le heachtraí agus tionscail lena n-áirítear an Southside Travellers Action Group, The Muslim Sisters of Éire, Men's Sheds, Making Connections, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, foilseacháin atá oiriúnach do dhaoine a bhfuil Disléisce orthu, imeachtaí atá oiriúnach do dhaoine a bhfuil Néaltrú orthu, etc.
- Oiliúint feasachta d'Fhoireann & do Chomhaltaí Tofa dlrc ar shaincheisteanna amhail frithchinióchas, éagsúlacht agus ionchuimsiú, aoisbhá, LADTA+, éagsúlacht chultúrtha, etc.

Clár a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

- Straitéis Aoisbhá 2022-2026 críochnaithe agus curtha faoi bhráid na Comhairle
- Cuireadh Comhairle na nDaoine Scothaosta (OPC) dlr i ngníomh arís i ndiaidh do dhianghlasáil Covid chun cruinnithe míosúil ar an láthair a chur ar siúl ó mhí Feabhra.

D'athchláraigh 40 grúpa leis an OPC agus soláthraíodh beagnach €6,000 i ndeontais iompair agus imeachtaí thar ceann OPC dlr do ghrúpaí, do chumainn agus do chlubanna a thacaíonn le daoine atá breacaosta le linn 2022.

- Scéim um Ghlais Ardsráid – 308 glas curtha i 188 teach
- Reáchtáladh imeachtaí na Féile Bealtaine lena ndéantar cruthaitheacht i ndaoine breacaosta a cheiliúradh ar fud dlr le linn mhí na Bealtaine agus eagraíodh imeachtaí a thacaíonn le daoine breacaosta le linn don Féile Uilechuimsitheachta.
- Irisleabhar Aoisbhá 2022 de chuid dlr foilsithe, bhí 84 leathanach d'eolas maidir le tacaíocht agus seirbhísí a thacaíonn le daoine breacaosta chomh maith le scríbhneoireacht chruthaitheach agus imeachtaí, agus scaipeadh 20,000 cóip le linn na bliana
- Bhuail an Comhantas Aoisbhá dlr ceithre huair in aghaidh na bliana chun comhoibriú ar sheirbhís a thacaíonn le daoine breacaosta a sholáthar ar fud an chontae.
- Rinneadh Ronnie Delany a cheiliúradh mar Ambasadóir Aoisbhá i mí Bealtaine 2022
- Clár Cuairt gus Cultúr de 6 ealaíontóir agus éascaitheoirí folláine cuairte chuig 11 Teach Altranais agus Ionad Cúraim Lae arna eagrú ag Oifig na nEalaíon, Leabharlanna & Clár a Thacaíonn le Daoine Breacaosta dlr le linn 2022.

Comhairle na nÓg

- Reáchtáladh Comhairle na nÓg dlr i bpearsa ar an 16 Samhain. Bhí 70 duine óg i láthair, ag déanamh ionadaíocht ar 17 meánscoil.
- Chuathas i gcomhairle le baill de Chomhairle dlr maidir leis an Play and Recreational Policy (Beartas um Shúgradh agus Fhóillíocht) de chuid Chomhairle Contae dlr.
- Rinne an Chomhairle dlr cur i láthair don Chomhchoiste Oireachtas um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh ar na saincheisteanna a bhaineann leis an Óige in Éirinn.



Club Cniotála ag Leabharlann Chabán tSile

- Vótáil Comhairle dlr chun tacú le feachtas Fhoras Croí na hÉireann chun an aois dhlíthiúil chun táirgí tobac a dhíol a ardú ó 18 go 21.
- D'fhreastail toscaireacht de Chomhairle na nÓg dlr ar Dháil na nÓg. Rinne na rannpháirtithe iniúchadh ar théama an chomhionannais.
- Rinneadh ionadaíocht ar Chomhairle dlr ag Seanad na nÓg. Roghnaigh na toscairí an topaic 'Costas Maireachtála an Mhic Léinn' le plé leis na Seanadóirí.

CFPÁ

- Bhí 7 gcrúinní den Chlár um Ionchuísiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) ann agus 6 chruinní foghrúpa ann in 2022
- Rinne an Coiste Áitiúil Forbartha agus Pobail (CFPA) monatóireacht agus athbhreithniú ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath dlr CLG leis an gClár um Ionchuísiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) in 2022 – conradh bliantúil atá ann ar luach €1,010,651 le €132,296 sa bhreis leithdháilte don tacaíocht SICAP d'Úcránaigh díláithrithe in dlr.
- Tugadh tacaíocht do 33 Grúpa Pobail Áitiúil & do 605 Duine Aonair in 2022: Cás-Staidéar SICAP 2022: Clár Fiontraíochta Sóisialta - YouTube
- Tacaíocht agus monatóireacht maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí pobail i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail dlr 2016 - 2021 agus cuireadh tús le forbairt PÁEP do 2023-2028.
- Tacaíocht agus cur chun cinn leasa an phobail lena n-áirítear:
- Bhí 568 balleagraíocht gníomhach i Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) dlr, thuas ó 531 in 2021, agus bhí ionadaithe de LRP ar an gCoiste Áitiúil Forbartha agus Pobail (CFPÁ) agus ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPC)
- Cór Deonach dlr: Cruthaíodh 234 deis d'obair dheonach, méadú níos mó ná 100% ar an bhfigiúr céanna le haghaidh 2021 (102), lena n-áirítear tacú le hionad vacsainithe mór a oscailt i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS), ag tacú leis an Mol um Dheontas do Lucht na hÚcráine agus leis an Mol um Deontas d'Iarrthóirí Tearmainn
- Bronnadh €284,216 ó mhaoiníu deontais rialtais ar ghrúpaí pobail in dlr - don Chlár Feabhsúcháin Pobail - Ciste Gníomhaíochtaí Pobail
- Tugadh tacaíocht don chlár Éire Shláintiúil Babhta 4 in dlr 2022-2025 le tacaíocht leanúnach do ghníomhartha áirithe Babhta 3 sa phobal in 2022.

CCP/FÁP

- Bhí 4 Chruinní coiste agus aon chruinní poiblí amháin ag an CCP (Comhchoiste Póilíneachta) in 2022
- Leanadh ar aghaidh leis an obair i rith 2022 le plean oibre sé bliana CCP dlr a chur i bhfeidhm faoi thrí sprioc – Tacú leis an gCosc ar an gCoireacht agus é sin a chur chun cinn in dlr, Sábháilteacht agus Slándáil an Phobail a fheabhsú in dlr agus Éascaíocht a dhéanamh ar Rannpháirtíocht agus Comhoibriú an Phobail.
- Bhí 6 chruinní coiste ag Fóram Áitiúil Póilíneachta (FÁP) Áth an Ghainimh agus na Céime agus cruinní poiblí amháin
- Bhí 6 chruinní ag FÁP Bhaile Uí Lachnáin, an Bhaile Bhric agus Sheanchille agus cruinní poiblí amháin

- Bhí 4 chruinní ag FÁP Dhún Laoghaire Lárnach.
- Bhí 5 chruinní ag FÁP Dhún Droma Stigh Lorgan.

Cuireadh an t-eolas is déanaí ar fáil don CCP maidir le ceadúnas ar sholáthar thearmainn foréigin teaghlaigh sa Chontae.

Seirbhísí Leabharlainne

Le deireadh a chur le srianta in 2022, lean Leabharlanna dlr ar aghaidh lenár seirbhísí ar an láthair a athbhunú, trí dhaoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as seirbhísí leabharlainne arís.

Cuireadh isteach Córas Bainistíochta Leabharlainne náisiúnta nua agus leanadh ar aghaidh le seirbhís fhreagrúil leabharlainne a chur ar fáil trínár líonra brainse agus trí acmhainní feabhsaithe ar líne.

Chláraigh Leabharlanna dlr breis agus 2,000 imeacht agus taispeántas chomh maith le himeachtaí ar líne a choinneáil ar mhaithe le hinrochtaineacht fheabhsaithe.

Leathnaíodh an tionscnamh My Open Library chun leabharlann Dheilginse a chuimsiú. Rinneadh oibreacha uasghrádaithe i Leabharlann Ghráinseach an Déin agus Dheilginse. Rinneadh oibreacha caomhantais i leabharlanna Sheanchille agus Dhún Droma.

Cuireadh fáilte roimh Iarratas ar Thairiscintí le haghaidh leabharlanna Stigh Lorgan agus Bhaile Uí Ógáin. Teagmháil leis an Ionad Pobail Cathartha agus Cultúrtha i nDún Droma

Críochnaíodh an Plean Forbartha Leabharlainne Nua 2022-26 agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle é

I measc bhuaicphointí na bhféilte i mbliana tá Murder One, IMRAN na nÓG, Art of Reading Initiative (Tionscnamh um Ealaíon na Léitheoireachta) agus an Fhéile Scéalaíochta Fadó Fadó.

Reáchtáil Lexicon dlr Oíche Chultúir de chuid an International Federation of Library Associations (IFLA) le 1500 leabharlannaí i láthair.

- Cuireadh 3 thionscadal Leabharlainne ar an ngearrliosta i nDámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachais Tráchtála na hÉireann:
- Mhéadaigh uaireanta oscailte 126% i leabharlann Dheilginse agus leabharlann Ghráinseach an Déin le Seoladh My Open Library agus le seoladh Sheomra na gCéadfaí i leabharlann Ghráinseach an Déin.
- Méadaigh úsáid aip na leabharlainne 97%.
- Rinne Leabharlanna dlr comhordú ar an gClár 2022 Éire Ildánach. I measc na mbuaicphointí bhí Cruinní na nÓg (11 Meitheamh 2022), Dún Laoghaire Anseo 2022, i dTreo Dhún Laoghaire Cruthaithigh agus dlr Creative Café.
- Fuair 5 Thionscadal Leabharlainne maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin
- Chun tacú le teacht mhuintir na hÚcráine, fuarthas sraith acmhainní agus soláthraíodh iad: <https://padlet.com/dlrLibraries/dlr-libraries-resources-for-ukrainian-nationals-8dlspprug6mpi2xs>
- Cuireadh 25 méadar fuinnimh agus 25 brathadóir sceite teirmeach ar fáil le tógáil ar iasacht

Clár na nEalaíon

Tá páirt lárnach ag Oifig na nEalaíon le forbairt na n-ealaíona, le tacaíocht a thabhairt d'fhéiniúlacht chruthaitheach dlr agus leis an gcaighdeán maireachtála a fheabhsú. Tá ról aici i mórtas an cheantair agus i dtacú le heacnamaíocht chruthaitheach dlr.

I measc bhuaicphointí ár gclár dánlainne, tá Framing the Senses, clár atá oiriúnach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu atá dírithe ar na daoine sin agus ar a gcúramóirí. Maoinithe ag gradam Éire Ildánach, áirítear leis an tionscadal mór seo suiteáil ealaíne ilchéadfaí, clár ealaíne bunaithe in áiteanna chúraim cónaithe, imeachtaí agus ceardlanna atá oiriúnach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu. Leis an tionscadal seo cuireadh clár cruthaitheach agus sóisialta ar fáil do dhaoine a thugann cúram do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.

Glúin an Cheoil

Lean Glúin an Cheoil ar aghaidh lena gclár a sholáthar i mbunscoileanna DEIS le linn 2022. Ghlac 1,295 dalta páirt sa tionscnamh.

Mar chuid den tionscnamh “Ionstraimí i bPáirceanna” le Páirceanna dlr, suiteáladh ionstraimí ar leith don taobh amuigh in 4 pháirc (Baile



Tionscadal ealaíon ilchéadfach in áiteanna cúraim

Sheol Oifig na nEalaíon 6 dheis chun tacú le healaíontóirí agus le rannpháirtíocht chruthaitheach an phobail i Stiúideonna Ealaíontóirí Folcadáin Dhún Laoghaire a osclaíodh le déanaí. Leis an tionscadal caipitil seo, baintear amach príomhspríoc maidir le spás oibre a bhfuil géarghá leis a sholáthar d'ealaíontóirí go háitiúil.

Mar fhreagra ar an tionchar suntasach a bhí ag paindéim Covid ar earnáil na dtaibhealaíon beo, rinne Oifig na nEalaíon caipitliú ar Live Performance scheme (scéim chun Tacú le Taibhiú Beo) na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus chuir an Oifig 32 taibhiú ar siúl don lucht féachana a d'fhill ar imeachtaí beo san amharclann ar fud an Chontae.

- Soláthraíodh 61 tionscadal forbartha ealaíon in 2022.
- Le tacaíocht ó Chomhairle na nEalaíon, ceapadh Comhordaitheoir Ealaíne Poiblí nua chun tosaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an Public Art Policy (Beartas dlr Ealaíne Poiblí) de chuid dlr.
- Le ciste breise, bronnadh curiarracht de 80 deontas agus sparánacht ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí chun tacú le forbairt na n-ealaíon go háitiúil
- Chuir an Scéim chun Tacú le Taibhiú Beo de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán fostaíocht ar fáil do 452 duine, taibheoirí, stiúrthóirí, foirne stáitse agus teicniúla ina measc

Amhlaoihb, an Charraig Dhubh, Cábán tSíle agus Seangánach) chun leanaí agus daoine óga, agus gach duine sa phobail, a spreagadh chun taitneamh a bhaint as ceol i spásanna poiblí.

I ndiaidh do chéim tosaigh Glúin an Cheoil dlr (2019 – 2022), tá Comhairle Contae dlr, in éineacht leis an Music Generation National Development Office (Oifig Forbartha Náisiúnta Glúin an Cheoil) ag déanamh athbhreithniú ar an gclár sula gcuirfear tús leis an gcéad chéim eile.

- Ghlac 260 duine óg páirt i gclár Hip-Hop 3 mhí

Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha

Déanann an tSeirbhís Páirceanna agus Tírdhreacha os cionn 1,200 heicteár de Pháirceanna agus Spás Oscailte a choinneáil agus a bhainistiú. Anuas air sin, in 2022 tháinig isteach córas atá níos oiriúnaí do phailneoirí agus níos mó ceantar anois ann nach ndéantar a lomadh chomh luath ná chomh minic agus a rinneadh roimhe.

I measc na mórfháirceanna sa Chontae tá Marlaí, Cábán tSíle, Cill Bheagóige, Seangánach, Cnoc na Raithní, an Charraig Dhubh, Cnoc Chill Iníon Léinín agus Páirc an Phobail.

Déanann Páirceanna freisin páirceanna comharsanachta a bhainistiú, lena n-áirítear Páirc Chluain Mhór, Páirc Amhlaoihb, Páirc Crosthwaite, Páirc Vesey, Páirc an Díolúnaigh, Páirc Loreto, Páirc Chluain Caoin, Páirc Líneach Bhaile Uí Lachnáin, Páirc

Sorrento, Páirc Naomh Pádraig, Páirc Dhún Éideann, Páirc an Ardáin Ríoga, Páirc Éidin, Páirc Bhóthar Hudson, Gairdíní an Trá, Baile Nua Mhic Gabhann, Gairdíní an Longfoirt, Páirc an Draighin, Páirc an Hídigh, Mionpháirc Bhóthar na Raithní Móire.

Bronnadh Bratacha Glasa ar Pháirc Mharlaí, Páirc Chábán tSíle, Páirc Sheangánaí, The People's Park, Páirc na bhFianna (a cuireadh isteach ar Chomórtas na mBratach Glas don chéad uair in 2022

I measc na dtionscadal a soláthraíodh bhí:

- Cur Crann Fairsing ar fud an Chontae
- Leithris inmhúirínithe a suiteáladh i gCnoc na Raithní
- Feabsú Raonta Rothar/Glasbhealaí - Páirc an Chuilinn & Páirc Chnoc an Fhuaráin
- Luascán cathaoireacha rothaí i bPáirc Mharlaí & sa People's Park
- Cúirt Boules tógtha i bPáirc Mharlaí & i bPáirc Loreto
- Cuireadh aonad leithris nua i gClós Súgartha Chábán tSíle
- Síneadh an clós súgartha i bPáirc Bhaile Amhlaioibh
- Osclaíodh clós súgartha na Céime
- Cuireadh tús le hoibreacha ríochta poiblí i Sruthán na Coille/ Mainistir Chorcaí lena n-áirítear acmhainní súgartha
- Cuireadh tús le tógáil páirc nua i gCearnóg an Mhiortail, lena n-áirítear páirc súgartha

- Tógadh Plásóg Amasaithe i bPáirc Mharlaí
- Oibreacha athchóirithe cosáin
- In 2022, leanadh leis an gCóireáil Ionracha ar fud Pháirc Druid Valley agus an cheantair máguaird
- Cuireadh slí isteach nua Bhaile an Bhóthair i bPáirc na Carraige Duibhe i gcrích
- Cuireadh feabhas ar raonta rothar i bPáirc Chnoc an Fhuaráin agus i bPáirc an Chuilinn i gcrích
- Cuireadh páirceanna Scoil Chnocán na Rós i gcrích
- Cuireadh tús le slí isteach inrochtana ag Cnoc Chill Iníon Léinín

Reiligí

Tá roinnt reiligí i limistéar riaracháin na Comhairle á riar ag an gComhairle agus déanann an Chomhairle cothabháil orthu. Tailte druidte stairiúla atá i gcuid mhór de na reiligí sin. Is iad na reiligí i nGráinseach an Déin agus Seangánach an dá reilig go príomha sa Chontae atá fós ag feidhmiú. Tá foireann ann atá lonnaithe ag an dá reilig, agus tá an ceannáras riaracháin agus seirbhís do chustaiméirí lonnaithe i nGráinseach an Déin. Tá taifid adhlactha reiligí Ghráinseach an Déin agus Sheangánaí ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin na Comhairle.



Clár Cuimsitheach um Rothar a fháil ar Cíos - Rothair oiriúnach do Dhaoine i gCathaoireacha Rothaí (Wheelchair Platform Bike)

Bhí 1149 adhlacadh san iomlán sa bhliain 2022. Díoladh 208 uaigh san iomlán i Seangánach. Díoladh 23 uaigh i Reilig Ghráinseach an Déin. Díoladh 21 cuasán sa Bhalla Colmlainne.

- Bronnadh Bratach Ghlas ar Reilig Ghráinseach an Déin
- Cuireadh crainn úra / fála úra
- Soláthraíodh suíocháin nua
- Osclaíodh Áis Athraithe i Reilig Sheangánaí

Imeachtaí Dhún-Laoghaire-Ráth an Dúin

- Leithdháileadh €61,500 do ghrúpaí chun tacú le himeachtaí ar fud an chontae
- Scannáin Amuigh faoin bhFaiche ag Soilse na hÉireann
- Samhain i bPáirc Mharlaí ag dul ó neart go neart. D'fhreastail thart ar 22,000 duine ar an imeacht a bhí ar siúl thar 2 lá.
- Bhí Féile Nollaig na Soilse ar siúl timpeall an chontae le suiteáil soilse nua in áiteanna amhail Páirc Chábán tSíle, Lexicon dlr, Leabharlann Dhún Droma, le siúlóidí soilsithe rathúla i Marlaí agus i gCabán tSíle. Mar chuid de Christmas Drive in Movies ag teacht go Dún Laoghaire arís.

Rannpháirtíocht agus Forbairt Spóirt in dlr

Sholáthraigh an Rannóg Spóirt réimse leathan cúrsaí oiliúna, ceardlann agus clár gníomhaíochtaí coirp spriocdhírthe do gach aoisghrúpa, leibhéal cumais agus cineál spóirt in 2022. Lean Comhpháirtíocht Spóirt dlr ar aghaidh le deiseanna gníomhaíochta a chur ar fáil do chách, le heolas a roinnt agus le maoiniú/tacaíocht a chur ar fáil chun tionscnaimh inbhuanaithe a fhorbairt. D'fhostaigh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin breis agus 10,200 duine i rith na bliana i dtionscnaimh a cuireadh ar fáil do na príomhghrúpaí daonra.

- Imeachtaí agus Clár Rannpháirtíochta – d'fhreastail – 7,600 duine de gach aois agus cumas ar thionscnaimh spriocdhírthe thar réimse leathan de spóirt agus gníomhaíochtaí coirp.
- Ionchuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt – cuireadh réimse leathan tionscnamh agus campaí ar fáil a bhain le gach sórt míchumais do bhreis agus 1,550 páiste agus duine fásta faoi mhíchumas.
- Oilíúint d'Oibrithre Deonacha – rinne – 1,030 oibrí deonach oilíúint i réimse ábhar lena n-áirítear Cumhdach Leanaí, Feasacht ar Mhíchumas, Garchabhair Spóirt agus Cailíní a Chóitseáil.
- Cathracha Gníomhacha Bhaile Átha Cliath– d'obair le Spóirt Éireann agus le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt Chathracha Gníomhacha eile chun gníomhaithe agus tionscadail a sholáthar ar mhaithe le rannpháirtíocht i mBaile Átha Cliath a mhéadú.
- Deontais Chomhpháirtíochta Spóirt – €61,900 dáilte ar chlubanna trí 56 deontas éagsúla chun tacú lena n-obair ar oilíúint d'oibrithre deonacha, rannpháirtíocht na mban agus ionchuimsiú daoine faoi mhíchumas
- €29,500 leithdháilte ar thionscadail leis an scéim deontais forbartha Spóirt do chlubanna agus do ghrúpaí ar fud an chontae le haghaidh gníomhaíochtaí agus trealamh.



- Leanadh agus forbraíodh comhpháirtíochtaí le Cumann Peile na hÉireann (FAI), Leinster Cricket, Leinster Rugby, trí
 - chlár phobail – gníomhaíochtaí do 33 grúpa óga ar fud an chontae
 - chlár scoile - gníomhaíochtaí spóirt tar éis na scoile scoil agus ar scoil (thart ar 3,100)
 - oideachas cóitseálaí – ceardlanna cóitseálaí éagsúla, cuairteanna ar chlubanna, cúrsaí slándála.

Oidhreacht

Tá ár gcuid oibre á dtreorú ag an bplean náisiúnta, *Oidhreacht Éireann 2030*. Leagtar amach i bPlean Oidhreachta dlr conas a insimid scéalta faoin áit seo, conas a thugaimid cúram don mhéid a thabharfaimid don chéad ghlúin eile, agus conas a chuirimid ar ár gcumas tionscnaimh faoi stiúir an phobail a reáchtáil. Tá obair tras-roinne laistigh den dlrcc, comhpháirtíocht le heagraíochtaí eile agus comhoibriú le grúpaí pobail ag baint leis an obair seo. Seo a leanas roinnt de na buaicphointí in 2022:

- dlr turais Spring into Heritage/Summer of Heritage, siúlóidí Geolaíochta, Ulysses 100, Seachtain na hOidhreachta
- Dublin Mountains Community Archaeology (Seandálaíocht Phobail Shléibhte Bhaile Átha Cliath), i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus Dublin Mountains Partnership (Páirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath)
- 15 thionscadal oidhreachta atá faoi stiúir an Phobail comhchistithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

- 260 rannpháirtí in *Stair Dhaoine Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin* i gcomhpháirtíocht le COBÁC
- Cuireadh na leabhair *The Casement Memorial Statue* agus *Dublin's Monumental Mountains* ar fáil.

Bithéagsúlacht

Clúdaíonn Bithéagsúlacht dlr gach ceantar den chontae ó cheantair na mara agus an cósta go dtí na tailte uirbeacha atá ag fás agus siar i dtreo na sléibhte. Tá bainistíocht ár mbithéagsúlachta faoi cheannas Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais do 2030, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2023 (an 4ú Dréacht) agus ár bPlean Gníomhaíochta Contae um Bithéagsúlacht 2021-2025 féin. Leis seo, tá gá le cur chuige tras-roinne lena n-áirítear rannóga éagsúla de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a théann i bhfeidhm ar thorthaí na bithéagsúlachta. Tá cur chuige comhoibritheach le go leor comhpháirtithe mar pháirt de freisin, lena n-áirítear comhpháirtithe Biosphere, comhlachtaí rialtais, ENRanna, poiblí, pobail áitiúla agus daoine aonair.

- Plean Gníomhaíochta Contae um Bithéagsúlacht 2021-2025 a fhoilsiú.
- Marine Reef Study 2022 (Staidéar ar Sceir Mara 2022) - Mapáil ar Ghnáthóg Sceir an AE suntasach feadh ár gcósta ar fad
- Bosca Uirlisí Fál Sceach do Scoileanna a fhorbairt- sraith pleananna ceachta do scoileanna agus Bosca Uirlisí um Sheirbhíse Éiceachóras do Scoileanna - lena mínítear téarmaí nua agus teicniúil in amanna i bpleananna ceachta éasca
- Foilseachán an Biosphere Conservation and Research Strategy 2022 -2026 (Straitéis um Chaomhnú agus Taighde Bithféar 2022 -2026) a forbraíodh le hOifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- An bhliain dheireanach den Brent Geese Tagging Project (Tionscadal Clibeála Cadhan) agus mapáil ar limistéir shealgairí agus fharáí thar Réigiún Bhaile Átha Cliath, comhpháirtíocht idir Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Cuireadh gnéithe Bithéagsúlachta den Entente Florale ar fáil do Bhailte Slachtmhara Dheilginse
- Baint áitiúil síolta do thionscadail chaipitil agus cúrsaí um shíolta a shábháil don phobal.
- Imeachtaí Bithéagsúlachta ar líne le linn 2022 lena n-áirítear siúlóidí nádúir agus cainteanna i bPáirc Chill Bheagóige, Páirc Chábán tSíle, Páirc Líneach Bhaile Uí Lachnáin, Cnoc na Raithní, Páirc Bhaile Amhlaoibh, siúlóid ialtóige an Ardáin Ríoga, caint geabhróga ar Oileán Dheilginse, ceardlanna ar speicis ionracha do bhail foirne, ceardlann ar fhálta sceiche do bhail foirne agus caint ar fhálta sceiche ar líne.

Margaí CoCo

Bhí Margaí Coco fós ar siúl i bPáirc Mharlaí ar an Satharn agus ar Domhnach agus i nDún Laoghaire ar an Domhnach. Is tús iontach iad na Margaí CoCo do ghnólachtaí atá ag teacht chun cinn, agus cuireann siad ardán ar fáil don ghluaiseacht bhia áitiúil agus ligeann siad do dhaoine den phobal cruinniú le chéile i dtimpeallacht bhríomhar. Is é an rud is mó a chuireann béim ar na Margaí Coco ná suíomh álainn na margaí sna páirceanna is áille sa chontae.

Margadh Coco Dhún Laoghaire - 54 Trádálaí

Margadh Coco Mharlaí (Dé Sathairn) – 23 Trádálaí

Margadh Coco Mharlaí (Dé Domhnach) - 18 Trádálaí



FORBAIRT Airgeadais & Eacnamaíoch





Buiséad Ioncaim 2022 =

€214M



Rátaí Tráchtála =

41.4%

den Bhuiséad Iomlán 2022

Clar Caipitil 3 Bliana =

€806M



€246M = 28,286

Íocaíochtaí próiseáilte ag Cuntais Iníochta

55 tacaíocht Bheart 1 tugtha do ghnóthaí a cruthaíodh

€940,254.94

Leis an maoiniú sin, tugadh tacaíocht go díreach do

58 POST ÁITIÚIL NUA



110

Dearbhán don Trádáil ar Líne a faofa ar luach

€255,605.95

2306

cliant a ghlac páirt i seisiún oiliúna, seimineáir, cláir forbartha bainistíochta agus imeachtaí líonraithe



413

cliant tar éis tacaíocht mheantóireachta duine le duine a fháil



39

Tionónta Tobshiopa



13

iarratas le haghaidh na Scéime um Réadmhaoin Fholamh)



20

Iarratas ar an Scéim chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí



7

nDeontas um Chur Chun Cinn Gnó sa Cheantar

10,126

leantóir thar 4 chainéal mean: Facebook, Twitter, Instagram agus LinkedIn



788

dalta ó

16

mheánscoil a ghlac páirt sa Chlár Fiontraíochta do Dhalta sa chlár Fiontraíochta Dalta

Airgeadas & Forbairt Eacnamaíochta

Sa Roinn Airgeadais, cuirtear réimse leathan seirbhísí airgeadais ar fáil, lena n-áirítear:

- Bainistiú Cistí agus Sreabhadh Airgid
- Ullmhú an Dréachtbhuiséid Bhliantúil agus rialú buiséid
- Ráitis Bhliantúla Airgeadais a ullmhú
- An Córas Bainistithe Airgeadais a riar
- An Clár Caipitil Trí Bliana a Ullmhú
- Riar an Phárolla
- Rátaí Tráchtála agus Tobhach Réadmhaoine Iontrála (P.E.L.) Billeáil & Bailiú
- Bailiú Riaráistí le haghaidh Táillí Dramhaíola Comhshaoil
- Íocaíocht Soláthraithe
- Riar Árachais agus Éileamh
- Riarachán agus Bailiú Riaráistí an Íocaíocht ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (N.P.P.R)
- Clár Riosca a bhainistiú agus a athbhreithniú
- Billeáil & Bailiú Thobhach an Cheantair Feabhsaithe Gnó (thar ceann Cuideachta Ceantair Feabhsaithe Gnó)

Sa Roinn Airgeadais, déantar cinnte de go mbítear ag cloí le prionsabail reachtúla agus airgeadais um chuntasaíocht.

Rannóga	Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil
Párolla	Riar íocaíochtaí le haghaidh Tuarastal, Íocaíochtaí Comhairleoirí agus lena n-áirítear Costais Taistil & Cothaithe.
Árachas	Polasaithe agus Éilimh a bhainistiú/a riar.
Rátaí	Ioncam ó rátaí agus riaráistí isteach a bhainistiú/a bhailiú. Bainistiocht agus bailiúchán Tobhach P.E.L. agus B.I.D
Riaráistí Dramhaíola agus N.P.P.R. (Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha)	Táillí dramhaíola agus riaráistí N.P.P.R a bhainistiú agus a bhailiú. Deimhniú díolúine agus urscaoilte na Táille ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha a phróiseáil.
Bainistiocht Airgeadais	Ullmhú an Bhuiséid ioncaim bhliantúil agus an Chlár Chaipitil Trí Bliana, na Ráitis Bhliantúla Airgeadais a ullmhú, Rialú Buiséid Bainistiú Ciste; Réiteach Bainc; Fáltais Ioncaim, Cothabháil Chlár na Sócmhainní agus Aisíocaíochtaí lasachtaí.
Cuntais Iníoctha	Soláthraithe a íoc, Comhlíonadh cánach; Tuairisciú reachtach.

Bainistiocht Riosca	Bainistiocht agus éascú ráithiúil na gClár um Riosca Corparáideach agus Roinne a éascú agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil straitéisí maolaithe ailínithe leis na rioscaí a aithnítear iontu chun na hiarmhairtí mar gheall ar rioscaí a laghdú.
---------------------	--

Mórgníomhartha 2022

- RÁTAÍ - Cuireadh an tarscaoileadh dírithe 3 mhí ó R1 2022 i bhfeidhm ar chuntais rátaí. Chuimsigh sin 493 Custaiméir Rátaí agus tarscaoileadh dar luach €2,505,380.26. Rinneadh teagmháil le hÍocóirí Rátaí i rith na bliana. Cuireadh ar an eolas iad maidir leis na tacaíochtaí gnó atá ar fáil dóibh ón gComhairle.
- Cuntais Iníoctha - Lean Cuntais Iníoctha ag obair go leanúnach lena chinntiú gur íocadh soláthraithe chomh gasta agus ab fhéidir chun cuidiú lena riachtanais ó thaobh sreafaí airgid de. Rinneadh 28,286 íocaíocht a phróiseáil, arbh fhiú €246m iad.
- Clár Caipitil – I gClár na Comhairle ina dtugtar Clár na dTionscadal Caipitil atá beartaithe le haghaidh 2022 – 2024, leagadh amach clár uailmhianach tionscadal ar fud na tíre, idir thionscadail Tithíochta, thionscadail Fóillíochta agus thionscadail Bhonneagair. Is é €806m an caiteachas tuartha don chlár. Táthar ag dréim le €595m de sin taobh istigh de na trí bliana.
- BUISÉAD 2023 – Ghlac na Comhairleoirí le Buiséad Ioncaim 2023 na Comhairle ag an gCruinniú Buiséid a reáchtáladh ar an 8 Samhain 2022. Ardaíodh Rátaí Tráchtála 4% ach méadaíodh na bandaí maidir le Deontais Tacaíochta Íocóirí Rátaí 4% le haghaidh 2023 freisin. Níor tháinig aon athrú ar an ráta folúntais.

Oifig Fiontair Áitiúil

Tá Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (OFA dlr) mar an chéad áit a dtugann daoine cuairt uirthi agus iad ar lorg comhairle, faisnéise agus tacaíochta maidir le tús a chur le gnóthas nó cur le gnóthas atá ann cheana. Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil, áirítear comhairle agus meantóireacht gnó, oiliúint, tacaíochtaí airgeadais, deiseanna líonraithe, clár bhainistíochta, tacaíochtaí atá ailínithe le hearnálacha agus le dúshláin gheilleagracha ar nós an phróisis bhainistíochta LEAN, tuiscint ar Airgeadas, ceardlanna faoi Brexit, clár fhiontraíochta do mhic léinn agus comórtais fiontraíochta amhail na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar.

Mórgníomhartha 2022

- Rinneadh 55 deontas Bheart 1 (14 deontas le haghaidh staidéir indéantachta, 12 deontas le haghaidh Prímeáil Gnó, 13 deontas le haghaidh Leathnú Gnó agus 16 deontas le haghaidh Margaíocht Easpórtála) OFÁ a fhaomhadh, arbh fhiú €918,703.43 iad. Leis an maoiniú sin, tacaíodh go díreach le 58 post áitiúil nua.
- Rinneadh 110 dearbhán don trádáil ar líne a fhaomhadh, arbh fhiú €255,605.95 iad. Leis sin, tacaíodh le gnóthais áitiúla in earnálacha tábhachtacha lena láithreach trádála ar líne a leathnú agus a fheabhsú.
- Aistríodh 14 Cuideacht Cliant go Fiontraíocht Éireann mar chuid den Chonair Chun Cinn idirghníomhaireachta. Léiríú

atá sna haistrihe sin ar an dóigh a gcuireann tacaíocht luath ó OFÁ Cuideachtaí i riocht inar féidir leo tuilleadh infheistíochta a aimsiú agus deiseanna fáis a aithint.

- Tugadh meantóireacht ghnó do 413 cliant i seisiún duine le duine.
- Ghlac 2,306 cliant páirt i seisiún oiliúna, seimineáir, clár forbartha bainistíochta agus imeachtaí líonraithe.
- Chríochnaigh 28 cliant tionscadal Lean mar chuid den chlár Lean do Mhicreaghnothaí a bhfuil sé mar sprioc aige claint a spreagadh chun prionsabail ghnó Lean a úsáid ina n-eagraíochtaí chun iomaíochas a mhéadú (Méadú ó 22 in 2021).
- Ghlac 788 dalta ó 16 mheánscoil páirt sa Student Enterprise Programme (Clár Fiontraíochta do Dhaltaí) a bhfuil na dámhachtainí fiontar mar chuid de, mar aon le himeachtaí sárthaispeántais fiontar.
- Lean OFÁ dlr ar aghaidh leis an bhfócas atá againn ar thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí beaga ullmhú do thodhchaí ísealcharbóin a mbeidh tíosach ar acmhainní lena gclár Green for Micro (Glas do Mhicreaghnothaí) agus faomhadh 12 iarratas in 2022 (suas ó 7 in 2021). Reáchtáil OFÁ dlr imeacht freisin mar chuid de Sheachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath 2022 - "Tóg an chéad chéim eile - Tacaíocht chun cabhrú le gnólachtaí beaga ar a dturas chun inbhuanaitheachta". Mar gheall ar mhaoiniú GCC a chinntigh Oifigeach Gnó Glas dlr i gcomhréir le OFÁ dlr agus OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath, rinneadh oiliúint MODUS um Eacnamaíocht Chiorclach i Ráithe 1 - 2022. Bhí 40 áit ar fáil agus bhí 37 san iomlán i láthair a rinne ionadaíocht ar 27 gnó agus fiontar shóisialta.
- Mar chuid dár bpróiseas atreoraithe le Micro Finance Ireland, cuireadh 11 iarratas ó chliant ar iasachtaí ar aghaidh le go ndéanfaí iad a fhaomhadh.
- Thar ceann OFÁ Réigiúin Bhaile Átha Cliath, reáchtáil dlr imeacht, Lá Náisiúnta Fhiontar na mBan, a cuireadh ar siúl ar

an 13 Deireadh Fómhair 2022 sa Phailliún, Ráschúrsa Bhaile na Lobhar. Mar chuid den imeacht "Meon Straitéiseach a Fhorbairt" rinneadh díospóireacht phainéil le ceathrar fiontraithe ó Réigiún Bhaile Átha Cliath agus eochairchainteoirí ar Smaoineamh Straitéiseach agus Líonrú. Ócáid ardfhuinnimh, fhaisnéiseach agus inspioráideach a bhí ann le 243 úinéir gnó agus fiontraí ban i láthair.

- Chuir OFÁ dlr 41 nuachtlitir chuig bunachar sonraí ina bhfuil 2,742 faighteoir. Tháinig méadú leanúnach ar líon na leantóirí ar na meáin shóisialta; 5,602 leantóir ar Twitter, 2,158 leantóir ar Facebook, 1,542 leantóir ar Instagram agus 824 nasc ar LinkedIn.
- Bhí cruinnithe rialta ann le comhghleacaithe ó OFÁ sna comhairlí eile i mBaile Átha Cliath le pleanáil a dhéanamh ar chláir agus ar sheirbhísí a sholáthar do chliant ar fud an réigiúin ar fad. I measc na gcomhar tá Tacaíochtaí don Earnáil Bia (Imeachtaí de chuid Dublin Food Chain agus clár de chuid Food Academy), Clár Nuálaíochta Urfhuascailte, na tacaíochtaí Glas do Mhicreaghnothaí agus Lean do Mhicreaghnothaí.
- Sheol OFÁ dlr Clár um Airgead a Thuiscint i Samhain 2022. Tugann an Clár rochtain ar ardán féinfhoghlama ar líne ina bhfuil dhá mhodúl úsáideoirí nach bhfuil cúlra airgeadais acu a chuideoidh leo cur lena n-inniúlacht airgeadas. Tá an clár seo ar fáil saor in aisce do chliant OFÁ dlr agus cuimsíonn sé tacaíocht mheantóireachta duine le duine do gach rannpháirtí.
- Sheol OFÁ dlr, i gcomhpháirt le Fiontraíocht Éireann, Nova COBÁC agus IADT, tionscnamh nua darb ainm Collaborate dlr. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh féiniúlacht agus pobal láidir réigiúnach a chruthú do ghnólachtaí laistigh de chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ba é an téama a bhí ar an imeacht tosaigh seo a cuireadh ar siúl ar an 26 Deireadh Fómhair 2022 sa Phailliún, Ráschúrsa Bhaile na Lobhar, ná an tábhacht a bhaineann le hinfeistíocht a dhéanamh i scileanna agus táirgí.



dl Anseo Zabou

Forbairt Eacnamaíochta

Oibríonn an tAonad um Fhorbairt Eacnamaíochta le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun timpeallacht shláintiúil eacnamaíoch a chruthú agus a chothú a mheallfaidh gnólachtaí go dIar agus a choinneoidh ann iad. Cuireann sé tacaíochtaí airgeadais díreacha ar fáil, cuireann sé tionscadail straitéiseacha chun cinn, feidhmíonn sé mar ghuth inmheánach sa chomhairle do ghnólachtaí in dIar agus, go ginearálta, cuireann sé tionscnaimh chun cinn a chothaíonn fás eacnamaíoch sa Chontae.

Tá an Clár Forbartha Bainistíochta IOMLÁN, faoi stiúir an Aonaid um Fhorbairt Eacnamaíochta, uathúil do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus tacaíonn sé le gnólachtaí smaoineamh agus gníomhú go straitéiseach, méadú agus cur le brabúsacht. Bunaithe ar thrí bhunchloch de Thuiscint Airgeadais, smaointeoireacht LEAN agus Ceannaireacht, tá an glacadh láidir, le 66 cliant tar éis glacadh páirt sa chlár in 2022.

Glacadh go mór leis na tacaíochtaí díreacha seo a leanas: Scéim chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí, an Tobshiopa, an Deontas Troscán Sráide agus Deontais Chur Chun Cinn Réimse Gnó.

Tá fócas láidir ag an Aonad ar choisithe a mhealladh chun tacú le gnólachtaí miondíola ar leibhéal na sráide agus chun tionscnaimh chomhforbartha áite a bhrú chun custaiméirí agus gnólachtaí araon a mhealladh agus a choinneáil.

Mórgníomhartha 2022

- Soláthraíodh tionscnaimh shuntasacha sa chomhforbairt áite agus sa phleanáil chun tacú le gnóthais
- Teagmháil mhéadaithe le bunphobal gnó ar fud dIar agus ionadaíocht fhorleathan ann maidir lena gcuid riachtanas do pháirtithe leasmhara
- Rolladh amach an Clár Forbartha Bainistíochta FULL in dIar
- Chuamar i gcomhpháirtíocht le IADT ar an Tionscadal i dTreó Dhún Laoghaire Cruithaithigh arna mhaoiniú ag Éire Ildánach
- Bhí méadú leanúnach ar an tacaíocht a cuireadh ar fáil chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí
- Reáchtáladh an tionscnamh móréilimh Ealaíne Sráide Dún Laoghaire Anseo
- Rolladh amach an Clár Aitheantais do Gnólachtaí Aoisbháúla
- Seoladh an chéad Fhéile Ghrinn de chuid Dhún Laoghaire chun geilleagar oíche sa bhaile a chur chun cinn
- Leanadh ar aghaidh leis an gCiste Séasúrach do Líonraí gnó chun beocht a chur sna bailte agus sna sráidbhailte do shéasúr na Nollag chomh maith le hiad a shoilsiú
- Crochadh bratacha “Caith do Chuid go hÁitiúil” i mórbhailte agus úsáideadh an mana i bhfeachtais ar líne
- Rinneadh comhoibriú le Dublin Canvas chun Boscaí Tráchtá a phéinteáil i mbailte agus i sráidbhailte
- Tugadh urraíocht do Chéad Fhrámaí dIar i gcomhpháirtíocht le hOifig na nEalaíon a thugann tacaíocht do scannánóirí nua
- Comhpháirtíocht le Rannóga dIar agus páirtithe leasmhara seachtracha le moltóireacht an Great Town Award a óstáil, duais a bronnadh ar Dhún Laoghaire ar deireadh thiar.
- Cuireadh athbhreithniú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2022 i gcrích, agus cuireadh tús leis an PÁEP 2023-2028

Turasóireacht

Ba bhliain é 2022 inar tháinig an turasóireacht chun cinn arís sa chontae. Bhí Both Eolais Turasóireachta dIar i bhfeidhm le linn na bliana le seirbhís iomlán 7 lá in aghaidh na seachtaine ar fáil.

Bhí líon na gcuairteoirí mall ar dtús ach tháinig méadú seasta air i rith na bliana.

Cuireadh fáilte mhór roimh roinnt imeachtaí amhail Féile an Ghliomaigh Deilginse, Féile Leabhar Dheilginse agus Fáilte Nasc ag Páirc Mharlaí, a cuireadh ar siúl arís i mbliana. Anuas air sin, chuaigh an Roinn Turasóireachta i gcomhpháirtíocht linn leis an gcéad bhliain d'Fhéile Ghrinn Dhún Laoghaire i mí na Samhna, séasúr níos ciúine ó thaobh na turasóireachta de, agus d'éirigh go hiontach leis an bhféile agus leis an gcomhpháirtíocht féin.

Mórgníomhartha 2022

- Cuireadh Féilte & Imeachtaí ar siúl arís sa chontae, lena n-áirítear tacaíocht ón gcomhairle ar an bhféile rathúil Food on the Edge ag Teach Bhán an Aeir.
- Leis an gcur chun cinn ar líne, lean cainéil meán sóisialta Turasóireachta de chuid dIar ag díriú ar chuireoirí ar Bhaile Átha Cliath agus iad a spreagadh le teacht amach as an gcathair. Tháinig iriseoirí ó Thuaisceart na hÉireann ar cuairt chuig dIar ar thuras eolais, agus cuireadh roinnt ábhar bolscaireachta clóite agus ar líne faoin gcontae chun cinn i dTuaisceart na hÉireann i ndiaidh an turais sin.
- I mbliana, críochnaíodh sraith nua grianghraf den chontae le linn an tsamhraidh agus na soilse nua ar fhoirgnimh thábhachtacha sa bhaile le hiad a úsáid i gcur chun cinn leanúnach an chontae.
- Tar éis teagmháil fhada le Fáilte Ireland, suiteáladh an chomharthaíocht fhisiciúil do Chonair Chósta Bhaile Átha Cliath feadh an chósta i stáisiúin traenach agus i mbailte cois farraige.
- Cuireadh an tionscadal URBACT Tourism Friendly Cities (tionscadal um Chathracha a chuireann Fáilte roimh Turasóireacht) i gcrích in 2022.
- Bhí obair na mBailte Ceann Scríbe de chuid Fáilte Éireann fós ar siúl le suiteáil na dtionscadal soilsithe nua bhaile Dhún Laoghaire
- Reáchtáladh na Cruinnithe Líonra Soláthraithe Turasóireachta dIar i mBán an Aeir & Deilginis le teagmháil láidir ó sholáthraithe turasóireachta.
- I gcomhar le Foireann Chuan Dhún Laoghaire, chuir an earnáil Turasóireachta fáilte roimh 70 long chrúsála go Dún Laoghaire le foireann fáilte ann chun treoir agus cúnamh a thabhairt do chuireoirí ar thuirlingt dóibh.

Nascadh & Caidreamh Idirnáisiúnta

Mar chuid dár gcomhpháirtíocht leis an gCathair Vincennes, i mí Bealtaine 2022, bhí Dún Laoghaire-Ráth an Dúin mar aionna oinigh ag an “Europe Day Festival” (Féile Lá na hEorpa) i gCathair Vincennes, toscaireacht a bhí faoi cheannas an Chathaoirleach, an Clr Letty Mc Carthy. Bhí an deis againn Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur chun cinn mar cheann scríbe trí Thaispeántas Gailearaí Allamuigh.

I mí na Samhna, rinneamar éascaíocht ar chomhoibriú idir scoil dara leibhéal in Vincennes agus in Stepside Educate Together. Thug an Cathaoirleach, an Clr Mary Hanafin, agus ionadaithe ó Stepside Educate Together cuairt ar Scoil Hector Berlioz in Vincennes chun comhair fhéideartha eile a chur chun cinn.

Chuir an Cathaoirleach, an Clr Mary Hanafin, fáilte roimh ionadaithe ó Pharlaimint na nÓg Vincennes i Halla an Chontae i mí na Nollag. Bhuail na hionadaithe óga seo le hionadaithe óga ó Stepside Educate Together.

Tá spéis léirithe ag an gComhairle comhair leis an gcathair Palo Alto in California a fhorbairt. Tá an chéad teagmháil déanta agus níl ach tús curtha leis an gcaint.



RÉAMHPHLEANÁIL
PLEANÁIL
Bonneagair






Tá pleanáil ann le haghaidh thart ar teach in
CFS Choill na Silíní

3764 + THART AR **137,843** MÉADAR CEARNACH
agus
i bhforbraíochtaí nach
forbraíochtaí cónaithe iad



Páirc na Tulaí Céim 2 – cuireadh tús leis an
tógáil i **MÍ AN MHEITHIMH 2021**
críochnaíodh an tógáil den chuid is mó
i mí na Nollag 2022

Fuarthas maoiniú deontais de do shé thionscadal maidir le
Rochtain, Tréscailteacht agus Taitneamhacht Choill na
Silíní faoi Ghlaó 2 an Chiste Forbartha



€40.4 MILLIÚN

agus Athghiniúna Uirbí.



Bonneagar don Phleanáil Chun Cinn

Tá Bonneagar don Phleanáil Chun Cinn (BPCC) freagrach as feidhmiú na Scéime Pleanála um Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) Choill na Silíní a chur chun cinn <https://www.dlrcoco.ie/en/planning/cherrywood-sdz> agus as na tionscadail atá maoinithe ag an Rialtas mar chuid de Choiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (CAFU) Choill na Silíní, Glao 1 agus Glao 2 agus as an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBÁSTG).

Is é an príomhchúram atá ag BPCC ná cuidiú le húinéirí talún forbairt iomlán CFS Choill na Silíní a chur chun cinn taobh le tionscadal CBÁSTG Choill na Silíní, atá faofa, chomh maith leis na tionscadail atá faofa agus ar faomhadh maoiniú dóibh a sholáthar faoi Choill na Silíní CAFU (Glao 1 agus Glao 2).

Tá sé freagrach chomh maith as Major Urban Housing Development Site (MUHDS) (Mórshuíomhanna um Thithíocht Uirbeach a Sholáthar) i gCoill na Silíní a chur chun tosaigh.

Mórghníomhartha 2022

- Tá pleanáil ann le haghaidh thart ar 3,764 teach i CFS Choill na Silíní agus thart ar 137,843 méadar cearnach i bhforbraíochtaí nach forbraíochtaí cónaithe iad.
- Fuarthas maoiniú deontais de €40.4 milliún ar son 6 thionscadal maidir le Rochtain, Tréscailteacht agus Taitneamhacht Choill na Silíní faoi Ghla 2 an Chiste Forbartha agus Athghiniúna Uirbí.
- Páirc na Tulaí, Céim 2 – cuireadh tús leis an tógáil i mí an Mheithimh 2021 agus críochnaíodh an chuid is mó den tógáil i mí na Nollag 2022.

Crios Forbartha Straitéisí (CFS) Choill na Silíní

Lean Foireann Thionscadal Gníomhaireacht Forbartha Choill na Silíní le stiúradh a dhéanamh ar an bhforbairt sa CFS chun comhsheasmhacht le riachtanais Scéim Pleanála CFS Choill na Silíní 2014 (arna leasú) a chinntiú.

Leanadh ar aghaidh leis an teagmháil le gach páirtí leasmar maidir le gach gné de Choill na Silíní ina mbíonn cur chuige comhordaithe ag teastáil ó gníomhaireachtaí stáit agus ó sholáthraithe seirbhíse éagsúla, lena n-áirítear plé ardleibhéil leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.



Crios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní

Leanadh ar aghaidh leis an obair scóipe agus le measúnú ar leasuithe a d'fhéadfadh a chur i bhfeidhm ar an Scéim Pleanála fhaofa lena chinntiú go mbeifear ag teacht le beartas Rialtais.

Mórgníomhartha 2022

- Leanadh ar aghaidh le gníomhaíocht láidir i réimse na pleanála in 2022, le pleanáil le haghaidh thart ar 3,764 teach sa CFS agus thart ar 137,843 méadar cearnach i bhforbraíochtaí nach forbraíochtaí cónaithe iad, agus na chéad chónaitheoirí ag dul i mbun áitíochta i bhFómhar 2022;
- Cuireadh Leasú molta Uimh. 8 ar aghaidh: Athbhreithniú ar Airde agus ar Dhlús an Fhoirgnimh
- Le ceardlanna tras-ranna, leanadh le dul i ngleic le ceisteanna tábhachtacha amhail Pleanáil, Tógáil i gCúram, Inacmhainneacht (Gné CBÁSTG) agus soláthair bonneagair
- Cuireadh an t-athbhreithniú ar an Cherrywood Biodiversity Plan (Plean Bithéagsúlachta Choill na Silíní) ar aghaidh
- Cuireadh an t-athbhreithniú ar an Cherrywood Planning Scheme Development Contribution Scheme 2017 - 2020 (Scéim Pleanála Choill na Silíní maidir le Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2017 - 2020) ar aghaidh

An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Gníomhachtú (LIHAF)

Is é cuspóir an chiste, mar pháirt de Chlár Atógála na hÉireann, bonneagar seachtrach poiblí a sholáthar chun baic ar bhonneagar criticiúil, a aithnítear ar cheann de na príomhchonstaicí roimh fhorbairt príomhshuíomhanna do thithíocht, a mhaolú, d'fhonn freastal ar sholáthar brostaithe aonad cónaithe ar na suíomhanna sin i mBaile Átha Cliath agus i gceantair uirbeacha ina bhfuil an-éileamh ar thithíocht.

Tá tionscadal Shruathán na Coille/Sheangánaí á thabhairt ar aghaidh ag an bhforbarthóir agus ní chuimsítear é ar an liosta de thionscadail faofa ag CBÁSTG. É sin ráite, meastar go raibh an próiseas CBÁSTG ríthábhachtach le poitéinseal an cheantair seo a thaispeáint agus na páirtithe go léir a thabhairt le chéile chun cur leis an bhforbairt.

Tá comhaontú deontais ar neasluch €15m ag dlr do thionscadal Choill na Silíní -Gleann an Draoi le huasghrádú bóithre agus droichid.

Lean BPCC le dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal CBÁSTG seo i ndlúthchomhar le hOifig na dTionscadal dlr, leis na húinéirí talún, leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le gníomhaireachtaí seachtracha stáit. Tá rannpháirtíocht leanúnach idir BPCC agus an Roinn maidir le haon dúshlán, a d'fhéadfadh a theacht aníos ar an láthair agus a d'fhéadfadh dul chun cinn na dtionscadal seo a mhoilliú, a phlé.

Mórgníomhartha 2022

- **Coill na Silíní - Bóthar Ghleann an Draoi (Q-P)** (bóthar/droichead) - €15.19M
- Cuireadh Céim 1 den tionscadal (Q-P*) i gcrích;
- Céim 2 (P*-P3) cuireadh an dearadh mionsonraithe agus doiciméid tairisceana chun cinn; agus

- Céim 3 (P3-P) Críochnaíodh Dearadh Coincheapa an Droichid lena n-áirítear fótamontáisi.
- Déanann an Project Governance Board (Bord Rialaithe an Tionscadail) maoirseacht agus rialú ar gach gné de sheachadadh an tionscadail.

Mórshuíomhanna um Thithíocht Uirbeach a Sholáthar (MTUS)

Is tosaíocht don Rialtas de réir an Phlean nua Tithíocht do Chách é dlús a chur le soláthar tithíochta do na hearnálacha príobháideacha, sóisialta agus cíosa. Bhí an ghníomhaíocht phleanála láidir fós sna trí cheantar MTUS, Coill na Silíní, Cill Tiarnáin/Gleann na Muc agus Sruthán na Coille/Seangánach, in dlr le haghaidh mórsheachadadh tithíochta.

Mórgníomhartha 2022

- Leanadh ar aghaidh le gníomhaíocht phleanála in 2022 i gceantair Choill na Silíní, Ghleann na Muc/Cill Tiarnáin agus Shruathán na Coille/Seangánach.

An Ciste Forbartha & Athnuachana Uirbí (CAFU)

Le Glao 1, maidir le Tionscadal Pháirceanna Poiblí, Ghlasbhealaí agus Mhaolúchán Choill na Silíní, déanfar 4 fho-thionscadal faoi leith a fhorbairt a chuimseoidh an Pháirc Líneach, maolú ar uisce dromchla na lochán 2a agus 5a agus críochnú Céim 2 de Pháirc na Tulaí. Tugtar thart ar €17.8M do na ceithre fho-thionscadal seo de chuid CAFU sa chéadú maoinithe agus is maoiniú díreach ón Rialtas a thagann 75% de.

Cuireadh na tionscadail seo, atá á mbainistiú ag BPCC, chun cinn in 2022, i bpáirt leis na comhairleoirí deartha ildisciplíneacha a ceapadh do gach tionscadal, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI).

Tá teagmháil leanúnach á déanamh leis na húinéirí ábhartha talún maidir le rochtain ar éadail talún, rochtain ar shuíomhanna le haghaidh iniúchtaí agus suirbhéanna.

Tá an BPCC ag cur tionscadal Choill na Silíní um Rochtain Phoiblí, Tréscailteacht agus Conláiste, mar chuid de Glao 2 an URDF (An Ciste Forbartha agus Athghiniúna Uirbí) chun cinn, le tuairim is €40.3M de ag dul i dtreo 6 thionscadal i gCoill na Silíní. I mí an Mheithimh 2022, chuir an BPCC Réamhchás Gnó i leith tionscadal Glao 2 faoi bhráid na Roinne.

Mórgníomhartha 2022

- Dul chun cinn á dhéanamh le URDF Glao 1 - Tionscadal Choill na Silíní um Páirceanna Poiblí, Glasbhealaí agus Maolú
- Páirc na Tulaí Céim 2 – cuireadh tús leis an tógáil i mí an Mheithimh 2021, agus críochnaíodh é i mí na Nollag 2022 agus snas deireanach á chur ar chúrsaí
- Páirc Líneach –Rinneadh pleanáil Reachtuil Cuid 8 a fhaomhadh i mí an Mheithimh 2022 agus tá an tionscadal ag dul ar aghaidh go céim na tairisceana chun foireann deartha ilsmachta a cheapadh chun an tionscadal a chur ar aghaidh.

- Lochán 2 A – Cuireadh críoch le hoibreacha glanadh láithreáin agus suirbhéanna, agus rún ann go gcuirfear ar aghaidh go céim na tairisceana le haghaidh tógála in R2 2023 é.
- Lochán 5a – Tá an tionscadal ag dul ar aghaidh agus rún ann go rachaidh sé go céim na tairisceana in R3 2023.
- Lean an BPCC ar aghaidh leis na tionscail faofa faoi Ghla 2 de CAFU maidir le Rochtain Phoiblí, Tréscailteacht agus Conláiste Choill na Silíní.
- bhail dlr le hionadaithe ón Roinn i Meán Fómhair 2022 mar chuid de chruinniú athbhreithnithe an tionscail um CBÁSTG & CAFU de chuid dlr ar an láthair i gCoill na Silíní
- cheap dlr sainchomhairleoir chun tabhairt faoin réamhchás gnó i leith an Chóid Caiteachais Phoiblí do thionscail Ghla 2 CAFU, a eisíodh don Roinn ar an 8 Meitheamh 2022.



TITHÍOCHT



497 teach nua curtha ar fáil



211  deontas íochta faoin scéim um Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta ar luach iomlán de

€1,766,268

878 réadmhaoin a ndearnadh suirbhé orthu mar chuid dár suirbhé stoic tithíochta



6228 iarratas ar chothabháil curtha i gcrích



2156 Rinneadh iniúchadh ar réadmhaoin ar cíos go príobháideach



 **82** Rinneadh uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh ar réadmhaoin



29% méadú ar líon na dtithe a leithdháileadh in 2022



13 tionóntacht Thithíocht ar dTús déanta

21 Ceadaíodh Iasacht Tí Údaráis Áitiúil ar luach

€4.6m 

504 leithdháileadh tithíochta déanta



Faomhadh

36 teaghlach le bogadh chuig teach níos lú



22% de na tithe go léir leithdháilte do Dhaoine faoi Mhíchumas



Straitéis Nua um Iompar Frithshóisialta 2022– 2028 Glactha



Tithíocht

Cuireann an Roinn Tithíochta tithíocht ar fáil do theaghlaigh nach bhfuil in ann íoc as áit chónaithe dóibh féin. Tugaimid tacaíocht agus seirbhísí do dhaoine leochaileacha, d'iarratasóirí tithíochta agus do na tionóntaí atá againn. Tá an Roinn Tithíochta freagrach, freisin, as bainistíocht agus cothabháil ár stoc tithíochta, chomh maith lena chinntiú go n-úsáidtear ar bhealach éifeachtach é.

Oibrímid i gcomhpháirt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO), leis an nGníomhaireacht Tithíochta, le Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiúin Bhaile Átha Cliath (DRHE), le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) chun soláthar tithíochta a mhéadú agus chun rogha níos leithne a éascú do dhaoine, go háirithe Daoine Scothaosta nó Daoine atá faoi Mhíchumas.

Tacaímid le húinéireacht tí trí dheontais a sholáthar tríd an Scéim Iasachta um Cheannach Tí de chuid an Údaráis Áitiúil agus tríd an Scéim Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí a riar. Ina theannta sin, cabhraímid le húinéirí tithe príobháideacha trí dheontais a sholáthar chun oiriúnuithe nó feabhsúcháin a dhéanamh a chuidíonn leo fanacht ina dtithe féin.

Soláthar Tithíochta

Tá an soláthar tithe trí thógáil agus athchóiriú mar thosaíocht ag an gComhairle. Bhí hipearbhoilsciú agus éifeachtaí Covid-19 fós ina ndúshlán mhóra do thionscadail na tógála le linn 2022, go háirithe sa chéad ráithe den bhliain. Chuir an timpeallacht tógála dhúshlánach seo isteach freisin ar sheachadadh trí Chuid V, agus cuireadh moill ar chríochnú ar roinnt scéimeanna. Soláthraíodh 223 teach san iomlán in 2022, lena n-áirítear tógáil nua, éadálacha agus Cuid V. Ina theannta sin, chuir 5 réadmhaoin ar léas fadtéarmach (25 bliain) cóiríocht shlán fadtéarmach ar fáil do theaghlaigh a raibh gá acu le tithíocht.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag fiosrú gach rogha maidir le soláthar tithe úra in 2022 a mhéadú, lena n-áirítear na scéimeanna Cóirigh le Léasaigh, léasú fadtéarmach, Ceannaigh agus Athchóiriú, agus Morgáistigh le Ligean ar Cíos.

Tugadh isteach Croí Cónaithe i dtreo dheireadh 2022 a thugann cúnamh deontais d'úinéirí áitritheoirí chun réadmhaoin atá folamh le fada a athchóiriú. Seoladh feachtas freisin i dtreo dheireadh 2022 chun díriú ar réadmhaoin fholamh chun iad a chur in úsáid arís.



Casadh an fhóid ag Seangánach, Seanchill – cuireadh tús le tógáil na scéime tithíochta poiblí is mó sa Stát le blianta beaga anuas agus 597 teach le seachadadh

Mórgníomhartha 2022

- Soláthraíodh 223 teach in 2022 lena n-áirítear tógáil nua, éadálacha agus Cuid V.
- Síniadh 17 gComhaontú trí Chuid V lena soláthróidh 382 aonad tithíochta sóisialta lena n-áirítear 16 chinn faoi léas fadtéarmach
- Cuireadh 135 teach ar fáil trí chlár tógála i gcomhpháirtíocht le AHBanna agus 9 dteach nua breise a cuireadh ar fáil trí léas fadtéarmach
- Cuireadh tús le tógáil ar thailte cónaithe Sheangánaí áit a soláthrófar 200 teach sóisialta, 91 teach ar phraghas réasúnta agus 306 teach ar cíós costais

Oiriúnuithe Tithíochta do Sheanáirí agus do Dhaoine atá faoi Mhíchumas

Cabhraíonn an Roinn Tithíochta le daoine fanacht ina dtithe féin chomh fada agus is féidir nuair a bhíonn gá le hathruithe ar an teach chun freastal ar riachtanais chóirithe duine den teaghlach. Áirítear leis seo athruithe ar stoc atá faoi úinéireacht na Comhairle agus soláthar deontas d'úinéirí tithe príobháideacha i bhfoirm deontas. Samplaí de na hoiriúnaithe a bhíonn ag teastáil ná seomraí folctha inrochtana, cithfolcadáin gan chéimeanna, leathnú doirse, rampaí, greimráillí agus cathaoireacha staighre. Tá deontas um dheisiúcháin riachtanacha ar fáil freisin do thionóntaí príobháideacha a bhfuil cónaí orthu i ndroch-choinníollacha tithíochta chun na feabhsuithe a dhéanamh ar shlí a ligeann dóibh fanacht ina dteach.

Mórgníomhartha 2022

- Íocadh 211 deontas faoi Scéimeanna na nDeontas chun Tithíocht a Oiriúnú ar luach iomlán €1,766,268
- Rinneadh 89 oiriúnú in ionaid réadmhaoine ar leis an gComhairle iad, ar chostas €386,810

Cothabháil

Coinníonn The Housing Maintenance Department (an Roinn Cothabhála Tithíochta) thart ar 4,800 réadmhaoín.

Chuireamar tús le suirbhé cuimsitheach ar riocht an stoic i mí Eanáir 2022 a chuirfidh ar ár gcumas faisnéis a bhailiú faoi riocht iomlán ár stoic tithíochta agus clár a cheapadh don obair chothabhála phleanáilte riachtanach ar fad.

Mórgníomhartha 2022

- 6,228 iarratas ar chothabháil curtha i gcrích
- Rinneadh suirbhé ar 878 réadmhaoín mar chuid dár suirbhé maidir le riocht stoic tithíochta

Clár Athfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh

Bliain iontach ab ea 2022 i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin don Chlár Athfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh.

Mar gheall ar ár gclár oibreacha i mbliana rinneadh uasghrádú suntasach ar 82 teach de chuid daoine scothaosta ainmnithe a chónaíonn inár stoc tithíochta. I measc na n-oibreacha uasghrádaithe a rinneadh ar gach réadmhaoín bhí insliú seachtrach, doirse agus fuinneoga nua, grianphainéil, uasghrádú ar an gcóras téimh agus insliú áiléir. Sula ndearnadh an t-uasghrádú fuinnimh, bhí Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (RFF) chomh híseal le F agus G sna hionaid réadmhaoine. Agus an obair críochnaithe anois, tá rátáil A bainte amach ag 63 réadmhaoín agus rátáil B bainte amach ag an 19 réadmhaoín eile.

Píosa suntasach den obair a rinneadh in 2022 ab ea suiteáil córas téimh ceantair nua ina raibh ocht gcinn de chaidéal teasa aer go huisce inár mBeaufort. Is é seo an chéad chóras téimh ceantair a cuireadh isteach faoin gClár Athfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh do thithíocht shóisialta agus d'fhaomh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na hoibreacha ar bhonn piolótach.



Ár dtithe ag Beaufort tar éis athfheistiú fuinnimh a fháil

Mórghníomhartha 2022

- Rinneadh 82 réadmhaoin a athfheistiú
- An chéad chóras téimh ceantair suiteáilte faoin gClár Athfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh do thithíocht shóisialta

Athlígian Tithíochta

Nuair atá teach á athlígian ar cíós déanann an Roinn Tithíochta imscrúdú ar bhail na réadmhaoine agus déanann sé feabhsuithe air, chomh maith leis na gnáthoibreacha a dhéantar orthu nuair is gá. D'fhéadfadh na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh: suiteáil doirse agus fuinneoga nua, athshreangú leictreach, feistiú aláram nua deataigh, teasa agus carbóin, insliú áiléir, coire téimh lárnaigh agus/nó an córas iomlán téimh lárnaigh a athsholáthar. Baineann buntáiste breise leis an obair seo. Mar gheall air, feabhsáitear an rátáil RFF agus cuirtear teach níos compordaí agus níos éifeachtaí ó thaobh an fhuinnimh de ar fáil don tionónta.

Mórghníomhartha 2022

- Cuireadh críoch le 152 athlígian

Leithdháiltí agus Aistriú

Déanann an Roinn Tithíochta measúnú ar incháilitheacht le haghaidh Tacaíocht Tithíochta Sóisialta, tugann sé áiteanna cónaithe d'iaratasóirí ar an Liosta Feithimh do Thithíocht de réir Scéim Leithdháilte na Comhairle. Socraítear na háiteanna ar an Liosta Feithimh do Thithíocht de réir a fhaide atá iarratas bailí ar thithíocht ag teaghlach. Leithdháileadh an líon is mór riamh in 2022, le 504 teach curtha ar fáil.

Is féidir le teaghlaigh ag a bhfuil tionóntacht íosta de 3 bliana acu iarratas a dhéanamh go gcuirfí san áireamh iad ar liostaí aistrithe. D'fhéadfadh sé go gceadófaí aistriú frithpháirteach idir tionóntaí a bhfuil áiteanna cónaithe den chineál céanna acu freisin agus i gcásanna go mbainfí úsáid níos fearr as an gcóiríocht de thoradh an aistrithe.

Tá an Roinn Tithíochta tar éis an córas Rogha Tithíochta (CBL) a uasghrádú le hé a chomhcheangal leis an gCóras Bainistíochta Tithíochta (NEC) in 2022.

Mórghníomhartha 2022

- Rinneadh an córas nua CBL a uasghrádú le hé a chomhcheangal le NEC
- 504 Leithdháileadh déanta d'iaratasóirí a bhfuil tithíocht shóisialta uathu
- Cuireadh Achoimre i gcrích maidir le Measúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta do 2022

Laghdú Méide

Bhí laghdú méide/coigeartú méide do thionóntaí Comhairle fós ina tosaíocht le linn 2022. I gcásanna nach n-oireann teaghlaigh a bhfuil a gcóiríocht reatha acu dá gcuid riachtanas a thuilleadh agus gur mian leo teach níos lú a fháil, tabharfaimid tosaíocht dá n-aistriú go cóiríocht eile. Leis seo cuireann sé ar chumas na Comhairle úsáid níos fearr dár stoc tithíochta a bhaint trí réadmhaoin níos mó a leithdháileadh ar theaghlaigh atá ar an liosta tithíochta.

Déantar gach iarracht réadmhaoin oiriúnach a aimsiú lena gcuirtear ar chumas an tionónta fanacht sa phobal agus sa láthair atá luaite go sonrach acu. I measc na ndreasachtaí do thionóntaí tá costais chothabhála agus cúraim, billí teasa níos ísle agus, i bhformhór na gcásanna, réadmhaoin atá níos inrochtana don tionónta agus a fheastalaíonn ar a riachtanais féin.

Mórghníomhartha 2022

- Faomhadh 36 teaghlach le bogadh chuig teach níos lú
- Bhog 20 teaghlach go teach níos lú

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Oibríonn Rannóg na Comhairle um Dhaoine gan Dídean i gcomhar leis an bhFeidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine (DRHE) chun cabhrú le daoine gan dídean, nó daoine atá i mbaol bheith gan dídean, cóiríocht éigeandála a fháil agus éalú ón easpa dídine. Chomh maith le measúnú a dhéanamh ar riachtanais na dteaghlach a thagann i láthair agus rochtain ar Chóiríocht Éigeandála a sholáthar, cuireann an Rannóg um Dhaoine gan Dídean tacaíocht ar fáil freisin, amhail Place Finders agus Housing First mar bhealaí amach as an easpa dídine.

Ag deireadh 2022, bhí 226 teaghlach (71 teaghlach agus 155 duine singil) cláraithe mar dhaoine gan dídean leis an Rannóg um Dhaoine gan Dídean.

Aimsitheoirí Áiteanna Cónaithe (Place Finders)

Cabhraíonn an tseirbhís Place Finders le teaghlaigh gan dídean agus le teaghlaigh atá i mbaol bheith gan dídean rochtain a fháil ar fíochtaí Cúnamh Tithíochta (HAP). Oibríonn an tseirbhís freisin le tiarnaí talún príobháideacha agus le gníomhairí réadmhaoine cóiríocht phríobháideach ar cíós a fháil.

Mórghníomhartha 2022

- Thacaigh Placefinders le 257 duine aonair
- Soláthraíodh 91 Tionóntacht do Dhaoine gan Dídean leis an fíochtaí Cúnamh Tithíochta

Tithíocht ar dTús (Housing First)

Is é atá i dTithíocht ar dTús ná samhail a bhfuil tithíocht mar bhonn léi agus na rannpháirtithe ina croílár a dhíríonn ar chríoch a chur le heaspa dídine dóibh siúd a bhíodh gan dídean le blianta fada nó a mbaineann leochaileacht ar leith leo agus sainriachtanais acu. Soláthraítear leis tithíocht agus rochtain ar sheirbhísí tacaíochta speisialaithe agus déine. Tá dlí an-ghníomhach maidir le tionóntachtaí Tithíocht ar dTús a sholáthar. Is é sprioc 5 bliana Tithíocht ar dTús de chuid na Comhairle do 2022–2026 ná 85 tionóntacht.

Mórghníomhartha 2022

- Soláthraíodh 13 tionóntacht mar chuid de Thithíocht ar dTús

Bainistíocht Tionóntachta

Lean Rannóg Bainistíochta Tionóntachta na Comhairle le tacaíocht agus cúnamh a sholáthar do thionóntaí leochaileacha maidir lena dtionóntachtaí a bhainistiú agus a chothabháil. Déanann an Rannóg iniúchadh freisin ar ghearáin maidir le hiompraíocht frithshóisialta de réir Straitéis um Iompar Frithshóisialta de chuid na Comhairle agus oibríonn sí chun dea-bhainistíocht eastát a chur chun cinn agus chun pobail níos fearr a chruthú do chách.

Ghlac na Comhaltaí Tofa an Straitéis um Iompar Frithshóisialta 2022-2028 i mí Eanáir 2022.



Mórghníomhartha 2022

- Soláthraíodh 3 Chúrsa Réamhthionóntachta
- 50 cás Oifigeach Leasa Tithíochta ag soláthar saintacaíochta
- 35 cás ag an Tenancy Sustainment Service (Seirbhís um Chothú Tionóntachtaí), ag soláthar tacaíochta
- Oibríocht rathúil le linn Oíche Shamhna, an rannóg ag obair leis an nGarda Síochána
- 3 chás maidir le sealbhú nua os comhair na gcúirteanna
- Eisíodh 17 Rabhadh Tionóntachta
- Imscrúdaíodh 150 cás maidir le hiompar frithshóisialta

Cíos ar Thithe

Ríomhtar an cíos a bhailíonn an Chomhairle i gcomhréir leis an Scéim Cíosanna Dífreálacha. Socraíonn an Scéim cíos an tionónta bunaithe ar dhá ghné:

1. ioncam iomlán an teaghlaigh agus
2. an líon teaghlaigh

Mórghníomhartha 2022

- 372 cuntas cíosa nua cruthaithe in 2022

Scéim Iasachta Tithíochta de chuid Atógáil na hÉireann

Tháinig an Scéim Iasachta um Cheannach Tí de chuid an Údaráis Áitiúil Nua i bhfeidhm ón 4 Eanáir 2022. Tháinig sé in ionad na Scéime Iasachta Tithíochta de chuid Atógáil na hÉireann.

Is éard atá sa Scéim Iasachta um Cheannach Tí de chuid an Údaráis Áitiúil ná morgáiste arna thacú ag an rialtas a chuirtear ar fáil do Cheannaitheoirí Céaduaire nó d'Iarratasóirí incháilithe trí údarás áitiúla. Tá an scéim le haghaidh tithe cónaithe nua nó athlámhe a cheannach agus le haghaidh tithe féin-thógála atá suite laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cuimsítear leis freisin tithe a cheannach trí scéimeanna Stáit amhail an Scéim Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí agus Scéimeanna um Thithíocht Inacmhainne, seachas Scéim an Chéad Bhaile. Baineann prionsabal 'Tús Úr' leis an scéim Iasachta um Cheannach Tí de chuid an Údaráis Áitiúil.

Mórghníomhartha 2022

- Faomhadh 21 iasacht tí
- Is é luach na n-iasachtaí a faomhadh ná €4.6m

Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais

Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais i gcomhréir leis an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 – 2027. Bhuail an Grúpa Stiúrtha go ráithiúil agus thug sé an t-eolas is déanaí ag cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht i rith 2022. Le linn 2022, tugadh 22% den tithíocht leithdháilte do Dhaoine Faoi Mhíchumas. Leanann an Grúpa leis an bPlean Áitiúil do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun cinn.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Lean an Roinn Tithíochta lena gealltanais do chur i bhfeidhm an Chláir Cóiríochta do Thaistealaithe 2019 – 2024 (CCT), le cóiríocht ardchaighdeánach a sholáthar don Lucht Siúil atá ar ardchaighdeán, lena n-áirítear forbairt láithreán nua, athchóiriú agus síneadh ar láithreáin atá ann cheana, corrfholúntais agus gnáth-tithíocht.



Áit shábháilte le himirt ag ár gcóiríocht don Lucht Siúil ag St. Louise's

Mórghníomhartha 2022

- Cead Pleanála Chuid 8 tugtha do shuíomhanna buana agus sealadacha i bPáirc na Coille, an Naigín
- 4 thionscadal beagnach ag céim faofa Chuid 8 de réir CCT
- 10 n-áitreabh/bá athchóirithe, 6 fholúntas ócáideacha, leithdháileadh ghnáth-thithíochta ar 4 theaghlach
- 7 dteach shoghluaiste faighte agus curtha ar fáil mar chuid d'athlonnú tionóntaí - CCT 2019-2024
- 6 theach shoghluaiste curtha ar fáil faoin Scéim Náisiúnta Phiólótach Iasachta Carbháin
- Ionad Súgartha Sábháilte críochnaithe ag St Louise's Park, an Charraig Dhubh, maoinithe ag Ciste na gCuntas Dímhaoín
- Críochnaíodh oibreacha Sábháilteacha Dóiteáin ag Burton, Paróiste Mhichíl, agus Baile na Coille

Mórghníomhartha 2022

- Rinneadh iniúchadh ar 1,323 réadmhaoín
- Rinneadh 2,156 iniúchadh
- Chloígh 254 réadmhaoín leis na Rialacháin um Chaighdeáin Tithíochta
- Seirbheáladh 23 Fógra Feabhsúcháin
- Seirbheáladh 3 Fhógra Toirmisc

Caighdeáin na Tithíochta Príobháidí ar Cíos

Ní mór iniúchadh a dhéanamh ar thionóntachtaí sa mhargadh cíosa príobháideach agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin lena chinntiú go gcomhlíontar Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2019. Tá an Housing Standards Section (Rannóg na gCaighdeán Tithíochta) freagrach as forfheidhmiú na Rialachán. Tugann cigirí cuairteanna ar ionaid réadmhaoine le seiceáil go bhfuiltear ag comhlíonadh na Rialachán. Eisíonn an Roinn Tithíochta sprioc bhliantúil de 25% de thionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe a bhfuil iniúchadh le déanamh orthu.

I gcásanna ina bhfaightear amach nach bhfuil réadmhaoín ag cloí leis na Rialacháin Tithíochta, tá réimse pionós ag an gComhairle, suas go hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche, agus ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche san áireamh, arbh fhéidir iad a chur ar thiarna talún nach gcomhlíonann a réadmhaoín iad.



67 teach nua le seachadadh in 2023 i gCéim 1 de Chearnóg Bhaile Uí Ógáin



BONNEAGAR & Athrú Aeráide





Logáladh fiosruithe
ó chustaiméirí maidir
le Forfheidhmiú
Comhshaoil in CRM

4739

Patróil
Bruscair déanta



118

Scoil Ghlasa
cláraithe
sa chontae

519

fineál eisithe ag na
Maoir Forfheidhmithe
Comhshaoil



An chéad údarás áitiúil
a shínigh an **DEARBHÚ**
UM CHATHRACHA
CIORCLACHA

Níos mó ná

5400 MÉADAR CEARNACH

de ghraifití bainteSQ



105

Ceardlann Comhshaoil
curtha ar siúl

500

Bosca Bruscar
Donn curtha ar
fáil don phobail

9864 TONA

de dhramhaíl athchúrsáilte
in Ionad Athchúrsála
Bhaile Uí Ógáin



260,904

líon na gcustaiméir a bhain
úsáid as Ionad Athchúrsála
Bhaile Uí Ógáin

350 seastan pairceala
rothar suiteailte



6,976 méadar de
ghlasbhealach
uirbeach críochnaithe



10,862

méadar de raonta
rothar críochnaithe



Níos mó ná

4000 MÉADAR

de chosáin suiteailte
nó feabhsaithe

Bonneagar agus an tAthru Aeráide

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht um Bonneagar agus Athru Aeráide réimse leathan seirbhísí do shaoránaigh agus do chuirteoirí. Dearadh na seirbhísí sin chun go gcuirfí timpeallacht ardchaighdeán ar fáil, go rachfaí i ngleic leis an Athru Aeráide agus chun bonneagar agus ríocht phoiblí den chéad scoth a sholáthar.

Oifig na dTionscadal Caipitil

Tá Oifig na dtionscadal Caipitil freagrach as cur i gcrích an Chláir Chaipitil chun na príomhscéimeanna caipitil a sholáthar.

Mórgníomhartha 2022

Is iad seo a leanas na Príomhthionscadail/Príomhscéimeanna Chaipitil atá á ndearadh/á dtógáil faoi láthair ag an gComhairle, nó a chuir an Chomhairle i gcrích le déanaí, arna maoiniú ag Tobhaigh/Deontais Forbartha:

Scéimeanna atá á dtógáil/curtha i gcrích:

- Folcadáin Dhún Laoghaire
- Tionscadal Aisghabhála Láithreán Líonadh Talún Bhré agus Sruthán na Coille
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an Ghleanna Dhuibh

Scéimeanna atá ag an gCéim Dearaidh Mhionsonraithe:


- M50 Nascbhóthar Acomhal 14
- N11 Bóthar Ghleann an Draoi Acomhail P*-P3 (Céim 2)
- Uasghrádú ar Acomhal Bhóthar Áth na Sceire/Bhóthar Ghleann na Muc (Acomhal na Liathróide Órga)
- Scéim Bóithre Cheantar Ghleann na Muc

Scéimeanna atá ag an gCéim Réamhdheartha:

- Nasc na Carraige Duibhe (cuid de S2S)
- N11 Bóthar Ghleann an Draoi Acomhail P3-P (Céim 3)
- Bóthar Mhullach an Chnoic
- Uasghrádú ar Bhóthar Choill na Silíní
- Nascbhóthar Bhaile na Lobhar Céim 2
- Bóthar na Raithní Móire go Nascbhóthar Dhroim Máirtín
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Ghráinseach an Araltaigh

Tionscadail Speisialta:

- Feirm Ghaoithe amach ón gcósta agus nascadh leis an eangach ar talamh
- Caisleán Sheangánaí (daingniú na réadmhaoine)
- Mol Pobail, Cultúir agus Cathartha Dhún Droma (DCCCH)
- Campas Cathartha Samuel Beckett- Céim 2A (Leabharlann Bhaile Uí Ógáin lena n-áirítear í a fheistiú)
- Campas Cathartha Samuel Beckett - Céim 2B (Campas Cathartha/Spóirt agus linn snámha)
- Staidéar Measúnaithe ar Acmhainn Bonneagair Cheantar an Oirdheiscirt



Acomhal scoite nua ag Bóthar Chill Mochuda Íochtarach/Nascbhóthar Dhroim Máirtín

Taisteal Gníomhach

Bunaíodh an Rannóg um Thaisteal Gníomhach in dlr in 2021. Díríonn an fhoireann thiomanta seo ar bhonneagar siúil agus rothaíochta sábháilte agus mealltach a sholáthar. Tá an Rannóg dírithe, ní hamháin ar thionscadail chaipitil a sholáthar amhail Taisteal Gníomhach Scoile, ach ar ghné níos forleithne de thaisteal gníomhach a chur chun cinn freisin amhail suirbhéanna scoile.

Cuireann na scéimeanna seo neart buntáistí ar fáil don saoránach maidir le sábháilteacht, gníomhú ar son na haeráide, an comhshaol, sláinte agus airgeadas chomh maith le caighdeán na beatha a fheabhsú.

Mórghníomhartha 2022

- Bronnadh gradam an European Cycle Federation (Cónaidhm Rothaíochta an hEorpa) do Dhearadh Bonneagair ar Thaisteal Gníomhach
- Bronnadh tionscadal Pathfinder ar bhaile Dhún Laoghaire
- Leanadh le hearcaíocht na foirne um Thaisteal Gníomhach
- Rinneamar óstáil ar roinnt údarás áitiúil a thug cuairt ar dlr chun eolas a roinnt agus féachaint ar ár dtionscadail
- Ghlacamar páirt i roinnt seimineár gréasáin chun eolas agus ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt
- Thug an Bhainistíocht Shinsearach agus Comhairleoirí cuairt ar an Ísiltír ar thuras staidéir
- Rinne an Fhoireann um Thaisteal Gníomhach cur i láthair ag Velo City Liúibleána

Cuireadh na tionscadail a leanas i gcrích:

- Bealach Rothaíochta Farraige go Sléibhte
- Bealaí Rothaíochta Páirc go Páirc agus Sléibhte go dtí na Ráillí (gan Bóthar Ghráinseach an Déin a áireamh)
- Sráideanna Sábháilte agus Ciúine: Páirc Dhroim Máirtín
- Feabhsú ar Pháirc Éidin
- Oibreacha cosanta rothaíochta ag Páirc na Meala
- Rochtain tréscailteachta ag Goatstown Close

Cuireadh tús le tógáil ar:

- Scéim Taistil Gníomhaigh Bhóthar Wyattville
- Bóthar Chluain Sceach (COBÁC go dtí na Dothra)
- Bóthar na Carraige (síneadh leis an mBealach Soghluaisteachta Cósta)

Baineadh pleanáil Chuid 8 amach le haghaidh:

- dlr Lárnach

Críochnaíodh comhairliúchán poiblí ar:

- Bóthar Ghleann na gCaorach Uachtar
- Bealaí Sábháilte chun na Scoileanna Mír 1
- Bóthar Theach Naithí go N11

Scéimeanna a cuireadh ar aghaidh in 2022:

- Nascóir dlr (réamhdhearadh críochnaithe)



Grá ár Lánaí, an Naigín

- Cuireadh tús le Cuid 8 de Bhealach Rothaíochta Ghráinseach an Déin
- Ascaill Bhaile an Róistigh (an réamhdhearadh críochnaithe)
- Sráideanna Cónaithe: An Charraig Dhubh – cuireadh dearadh de scéim bhuan don sráidbhaile chun cinn
- Sráideanna Cónaithe: Dún Laoghaire – samhail tráchta, rannpháirtíocht phoiblí réamhdhearaidh tugtha chun críche agus réamhdhearadh ar siúl
- Feabhsú ar Thaisteal Gníomhach Bhóthar Bhaile na Lobhar (an réamhdhearadh críochnaithe)
- Dearadh sonraithe Chéimeanna Pháirc na bhFianna curtha chun cinn
- Grá ár Lánaí (réamhdhearadh curtha chun cinn)
- Bealach Soghluaisteachta Cósta – leanadh ar aghaidh le taighde Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Gníomhú ar son na hAeráide

Leanann an Chomhairle lena hiarrachtaí a dhíriú ar chur i bhfeidhm a Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019-2024 agus ar mhonatóireacht a dhéanamh air, i gcomhthéacs na gcúiseanna agus na dtionchar leanúnach d'athrú aeráide. Chomh maith leis sin, leanann an Chomhairle ag comhoibriú le ranna, baill foirne agus Comhaltaí Tofa chun éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdúithe astaíochtaí a bhaint amach ina foirgnimh, saoráidí, taisteal, feidhmeanna agus seirbhísí féin, agus, ag an am céanna, tionchar a imirt ar ghníomhaithe ar son na haeráide sa phobal i gcoitinne. Tagann sé seo ó Phlean Corparáideach na Comhairle, ar croíluch é 'Tús Áite don Aeráid - Tabhair tús áite don aeráid agus tú i mbun cinnteoireachta'. Tá an rannpháirtíocht leanúnach le saoránaigh agus le páirtithe ag croílár an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus ár gContae mar 'phobal' ag iarraidh go mór cur leis an sprioc choiteann náisiúnta ar son na haeráide, mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide 2023 de chuid an Rialtais – Éire a Athrú chun Feabhais.

Mórghníomhartha 2022

- D'fhoilsigh an Chomhairle an tríú Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019-2024 atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- In 2022, ba í an Chomhairle an chéad údarás áitiúil in Éirinn chun European Circular Cities Declaration (Dearbhú um Chathracha Ciorclacha na hEorpa) a shíneadh. Is gealltanais é seo ó chathracha agus ó réigiúin ar fud na hEorpa chun cur le hiarrachtaí aistriú ó gheilleagar líneach go eacnamaíocht chiorclach.
- Roghnaigh an Chomhairle ceantair Dhún Laoghaire agus na Carraige Duibhe mar Chrios Dícharbónaithe an Chontae. Tá an áit seo le bheith ina fócas do réimse de bhearta gníomhaithe ar son na haeráide, amháil tionscadail agus torthaí a shainaitheint a chuideoidh le spriocanna náisiúnta ar son na haeráide a bhaint amach.
- I gcomhréir le Codema agus CARO, d'eagraigh agus sholáthair ceithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath an dara Sheachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide (DCAW22) a thit amach i mí Mheán Fómhair 2022. Bhí breis agus caoga imeacht ann, ar líne agus ar an láthair, le linn na seachtaine, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin, ceardlanna, cuairteanna láithreáin, turais rothaíochta agus siúil.

- Chuaigh an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le Belamine Sustainable Energy Community - SEC (Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe Bheallairmín) agus Shankill Action for a Green Earth - SAGE (Gníomhaíocht na Seanchille ar son Domhan Glas) - Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe, chun maoiniú idirlinne a thabhairt, chun tacú le hullmhúchán na chéad Máistirphleananna Fuinnimh (EMP) cuimsitheacha do na ceantair seo.
- Codema – Tá Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath ag obair faoi láthair leis an gComhairle agus le húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, ar iarratas ar Chlár Athfheistithe Pathfinder na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, le fócas ar thionscadail athfheistithe ísealcharbóin atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de.
- Tá an Chomhairle mar pháirtneir sa tionscadal Lines of the Sea (Línte na Farraige), arna maoiniú ag an gclár Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide de chuid an Rialtais, atá mar chuid den Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide. Is é an toradh a bhí air seo ná sraith de shuiteáin radhairc iontacha a dhear ealaíontóirí ón bhFionlainn agus a cuireadh ar thrí shuíomh ar chósta na hÉireann i mBaile Átha Cliath, i Loch Garman agus i nGaillimh. Tá na suiteáin comhdhéanta de línte cothrománacha soilsithe atá ina léiriú ar leibhéal na farraige sa todhchaí agus ar bhorradh stoirme. D'oibrigh an Chomhairle le réimse comhpháirtithe tionscadail le linn 2022 chun an suiteáin ag Túr Martello, i bPáirc na Carraige Duibhe, a phleanáil.

Feasacht Chomhshaoil

Leanann Feasacht Chomhshaoil ar aghaidh ag plé le scoileanna, le pobail agus le muintir an phobail chun dea-chleachtas comhshaoil, bainistíocht acmhainní agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn. Feidhmíonn an tOifigeach Feasachta Comhshaoil (E.A.O) mar an nasc idir an údarás áitiúil agus muintir an phobail trí spiorad pobail láidir a spreagadh agus trí chur ar chumas an phobail a ról a imirt i ngníomhú ar son na haeráide agus i ndea-chleachtas maidir le cúlraí comhshaoil.



Seoladh an Fheachtais Scally the Dog

Eagraíodh imeachtaí, ceardlanna, scéimeanna deontais agus comórtais le scoileanna agus pobail. I gcomhar leis an Taisce, éascaíonn an tOifigeach Feasachta Comhshaoil clár na Scoileanna Glasa i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Cur chun cinn agus tacú le seachadadh bearta gníomhaithe ar son na haeráide de chuid dlr, beartais chomhshaoil agus pleananna réigiúnacha comhshaoil, lena n-áirítear réimsí a bhaineann le bainistíocht acmhainní, bainistíocht bruscair agus athchúrsáil.

Mórghníomhartha 2022

- 500 bosca bruscar donn curtha ar fáil le haghaidh Seachtain Náisiúnta um Athchúrsáil Dramhbhia 2022
- Chuir bunscoileanna níos mó ná 250 maisiúchán isteach ar Chomórtas Maisiúchán Athchúrsáilte na Nollag
- Chláraig 118 Scoil do chlár na Scoileanna Glasa i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Cuireadh 105 ceardlann comhshaoil ar fáil do scoileanna agus do phobail.
- Fuarthas breis agus 100 póstaer don Chomórtas Bunscoile le haghaidh Póstaer Frith-Bhruscar/Salú Madra
- Mhaoinig an Environment and Climate Action Grant (Deontas maidir le Comhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide) 27 tionscadal comhshaoil pobalbhunaithe.
- Bronnadh Bratach Ghlas ar 27 scoil.
- 27 ceantar páirteach i nGradaim na gCeantar Slachtmhar
- Cuireadh 5 phailéad múirín ar fáil don phobal le haghaidh Seachtain Náisiúnta um Athchúrsáil Dramhbhia i gcomhar le Thornton's Recycling.
- Forbraíodh feachtas meán sóisialta nua 'Scally the Dog' i gcomhar le húdarás áitiúla eile chun úinéireacht fhreagrach madraí a chur chun cinn agus chun aird a tharraingt ar na hiarmhairtí a bhaineann le gan salú ag madra a thógáil.
- Cruthú na bhfíseán 'Sorted - How to Reduce, Segregate and Manage School Waste' i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Fhine Gall, Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus VOICE chun cabhrú le scoileanna dramhaíl a laghdú agus scaradh dramhaíola a fheabhsú.
- Cruthaíodh feachtas meán sóisialta a leag béim ar an tionchar a bhíonn ag bruscar toitíní.

Gnó Glas

I ngeall ar thionchar athrú aeráide, rialacháin nua, costais acmhainne atá ag méadú agus ionchais custaiméirí atá ag athrú, tá ceanglas ar gach gnólacht, is cuma cén mhéid nó cén earnáil, cur chuige éiceabhách a ghlacadh. Tá sprioc ag Éirinn laghdú de 51% astaíochtaí carbóin/gás ceaptha teasa faoi 2030, agus geilleagar aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050. Chuige sin, spreagtar gnólachtaí le hinfheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí níos glaise, trí tháirgí, seirbhísí agus samhlacha gnó inbhuanaithe.

Tacaíonn Oifig Ghnó Ghlas Chomhairle Contae dlr le clár feasachta comhshaoil do ghnólachtaí agus tugann urraim do na heagraíochtaí sin a léiríonn ceannasaíocht i maoirseacht maidir le cúrsaí comhshaoil sa chontae. Spreagann sé freisin aistriú ó gheilleagar líneach go eacnamaíocht chiorclach chun fostaíocht a fheabhsú agus luach na haisghabhála agus athchúrsáil acmhainní a mhéadú. Cuimsíonn Gnó Glas dea-chleachtais comhshaoil a chur chun cinn, lena n-áirítear cosc dramhaíola, éifeachtúlacht fuinnimh, caomhnú uisce agus gníomhaíochtaí iompair inbhuanaithe trí hacmhainneacht a thógáil in earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide agus in institiúidí poiblí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ligeann sé seo do ghnólachtaí na gníomhartha beartais

atá sa Phlean Gníomhaithe maidir le Dramhaíl le haghaidh Eacnamaíocht Chiorclach 2020-2025 de chuid an Rialtais agus sna Gníomhartha um Bhainistiú Acmhainní atá ábhartha do ghnóthais sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019-2024 de chuid Chomhairle Contae an dlr agus an Plean Forbartha Contae dlr 2022-2028. Eagraíonn agus comhordaíonn Gnó Glas imeachtaí le haghaidh gnóthaí glasa, éascaíonn sé deimhniúchán comhshaoil agus tacaíonn sé le hóstáil na ngradam bliantúil do ghnóthaí sa chontae. Oibríonn Gnó Glas i gcomhar le gníomhaireachtaí tacaíochta gnó, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Fiontraíocht Éireann agus grúpaí ionadaíocha gnóthaí áitiúla, e.g., Comhlachas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus CLG Ceantair Feabhsúcháin Gnó Áth an Ghainimh chun freastal ar ghnóthaí a chuireann prionsabail um éifeachtúlacht acmhainní i bhfeidhm.

Oiliúint

I gcomhar le SustHub agus Comhlachas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, sholáthair Gnó Glas oiliúint inbhuanaitheachta ar líne agus meantóireacht duine le duine d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun cuidiú leo straitéis aeráide a fhorbairt agus le lorg carbóin na ngnóthaí sin a thomhas. Cuireadh oiliúint MODOS don Eacnamaíocht Chiorclach ar fáil do ghnóthaí ar líne i gcomhréir le Sustainability Works, The Eastern & Midlands Regional Waste Plan Office (Oifig Phlean Dramhaíola Réigiúnach an Oirthir & Lár Tíre), Dublin City Economic Development Unit (An tAonad um Fhorbairt Eacnamaíocht Chathair Bhaile Átha Cliath) agus Oifig Fiontair Áitiúil dlr. Reáchtáladh imeacht líonraithe amháin ar an láthair ag deireadh na hoiliúna chun tuilleadh foghlama idir piaraí a éascú.

Clár €CoMerit

Dearadh an Clár €CoMerit, arna soláthar ag €CoMerit, sainchomhairleoireacht atá lonnaithe i gContae Loch Garman, chun cabhrú le heagraíochtaí a bheith níos tíosaí ar fhuinneamh, cur amú a chosc, uisce a chaomhnú agus, ag an am céanna, airgead a shábháil. Geallann sealbhóirí na ndeimhniúchán go gcuirfidh siad feasacht chomhshaoil chun cinn i measc a bpríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an fhoireann, custaiméirí agus soláthraithe. Tugtar aitheantas do na rannpháirtithe as a n-éachtáil ar son an chomhshaoil trí dheimhniú €CoMerit a bhronnadh orthu, agus déantar athbhreithniú air sin gach bliain chun a chinntiú go mbeidh feabhsú comhshaoil leanúnach bliain i ndiaidh bliana. Thuairiscigh sealbhóirí Dheimhniúcháin €CoMerit laghduithe bliain ar bhliain ar astaíochtaí carbóin de 9.2% ó bhí 2009 ann. Leanadh le hathbhreithnithe bliantúla 2022 a dhéanamh ó chian agus ní raibh mórán de dheis ann rannpháirtithe nua a earcú de bharr thionchar leanúnach Covid-19 ar chuairoteanna ar an láthair a shocrú. Bronnadh an t-aon Deimhniúchán €CoMerit nua ar Brennan and Co., Áth an Ghainimh.

Is cuid riachtanach de phlean feabhsúcháin ar son an chomhshaoil a chur le chéile iad na cuairteanna ar an láthair seo le rannpháirtí nua sa chlár agus b'iomáil láithreán/oifig a raibh oibríochtaí srianta acu agus baill foirne fós ag obair ó chian.

Dámhachtainí Gnó 2022

Thug Gnó Glas urraíocht don chatagóir Gnó Glas de Ghradaim Gnó Chomhlachas Tráchtála Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin anuas ar ainmniúcháin a lorg agus moltóireacht a dhéanamh. Is imeacht é a dhéanamh ceiliúradh ar ghnólachtaí a léiríonn barr feabhais i ndea-chleachtas maidir le cúrsaí comhshaoil. Bronntar gradam amháin ar eagraíocht le níos lú ná 50 fostaí agus gradam eile ar eagraíochtaí le níos mó ná 50 fostaí ag an imeacht ar an láthair.

Forfheidhmiú Comhshaoil, Bruscar agus Rialú Ainmhithe

Tá sé de chúram ar an rannóg um Fhorfheidhmiú Comhshaoil, Bruscar & Rialú Ainmhithe an eacnamaíocht chiorclach a chur chun cinn, deireadh a chur le truailliú ó bhruscar agus athchúrsáil agus tionscnaimh áitiúla comhshaoil eile a spreagadh amhail:

- monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar rialacháin chomhshaoil a bhaineann le haer, torann, dramhaíl, bruscar agus rialú ainmhithe, agus an reachtaíocht agus na rialacháin sin a chur i bhfeidhm;
- gearáin a logáiltear ar chóras CRM na Comhairle a imscrúdú, a mheasúnú agus a réiteach.

Is iad na Tosaíochtaí Comhshaoil Náisiúnta a bhfuil an rannóg seo freagrach as ná:

- Bruscar agus Dramhaíl
 - Dul i ngleic le gníomhaíochtaí mídhleathacha dramhaíola,
 - Patróil Bhruscair agus rialacháin agus fodhlíthe lena mbaineann a chur i bhfeidhm,
 - Dramhaíl Tógála & Scartála,
 - Feithiclí agus Miotail Ré Cainte,
 - Dramhaíl Tí agus Tráchtála,
 - Tionscnaimh maidir le Freagracht an Táirgeora lena n-áirítear DTLL (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach), Cadhnaí, scéim comhlíonta ELVES, dramhaíl pacáistithe.
- Aer agus Torann
 - Breoslaí Soladacha
 - Monatóireacht ar Chaighdeán an Aeir agus Úsáid Sonraí
 - Treoir maidir le Torann Comhshaoil (ENDanna)
 - Rialú Aeir agus Torainn (lena n-áirítear Pleanáil)
 - Obair Forfheidhmithe Leanúnach maidir le hAer agus Torann
 - Rialacháin maidir le Tuaslagóirí, Péinteanna Maisiúcháin agus Gal Pheitríliam

Mórghníomhartha 2022

- Bainistíodh 2,489 ceist ó chustaiméirí trínár gcóras CRM
- Chuir ár Maoir Forfheidhmithe Comhshaoil 4,739 Patról Bruscair i gcrích
- D'eisigh ár Maoir Forfheidhmithe Comhshaoil 519 fíneáil
- Baineadh 44 carr tréigthe ó limistéir phoiblí
- Baineadh 5,402.5 méadar cearnach de ghraifítí
- Rinne an Maor Madraí 167 seic ar cheadúnais madraí
- Tógadh 2 chapall fáin agus 2 asal fáin ó thalamh poiblí agus tugadh baile nua dóibh go léir
- 554 gnáth-iniúchadh dramhaíola pleanáilte curtha i gcrích
- Cuireadh 1,655 iniúchadh dramhaíola neamhghnáthaimh i gcrích
- Cuireadh 245 iniúchadh neamhghnáthaimh agus 99 gnáthiniúchadh Aeir agus Torainn i gcrích
- Rinneadh 166 cigireacht ar Fhreagracht an Táirgeora maidir le DTLL, Cadhnaí, Feithiclí Ré Cainte (FRC), Málaí Plaisteacha, Pacáistíocht, Plaistigh Feirme agus Boinn
- Cuireadh 308 Iniúchadh Comhshaoil a bhain le ceadanna pleanála i gcrích

Ionaid Athchúrsála

Cuireann an Chomhairle seirbhísí athchúrsála ar fáil d'úsáideoirí teaghlach ag 38 ionad fág anseo, dhá ionad athchúrsála áitiúla (Páirc Éidin & Seangánach) agus ag Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin.

Mórghníomhartha 2022

- Tugadh 8,322 tonna d'earraí in-athchúrsáilte go Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin agus d'úsáid 260,904 custaiméir an tsaoirid
- Tugadh 866 tonna d'earraí in-athchúrsáilte go Ionad Athchúrsála Páirc Éidin
- Tugadh 488 tonna d'earraí in-athchúrsáilte go hIonad Athchúrsála Sheangánaí
- Tugadh 4,690 tonna d'earraí in-athchúrsáilte go dtí Ionaid Fág Anseo ar fud an Chontae
- Bhí Bailiúchán Dramhaíola Guaisí i nDún Laoghaire agus Maithiúnais Tochta ar siúl i mBaile Uí Ógáin
- Socraíodh go nglacfaí le plaistigh chrua lena n-athchúrsáil ar bhonn trialach ag Ionad Athchúrsála Sheangánaí

Rannóg Bainistíochta Eastát

Is iad príomhsheirbhísí na Rannóige Bainistíochta Eastáit ná:

- Dea-bhainistíocht agus dea-chosaint mhaoin na Comhairle a chinntiú
- Seilbh a fháil ar thailte chun cuspóirí Corparáideacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chomhlíonadh de réir mar is gá;
- Clár na Láithreán Tréigthe a choinneáil suas chun dáta;
- Teagmháil le páirtithe leasmhara an Stáit lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht, Uisce Éireann, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún
- Teagmháil a dhéanamh le mórfhorbróirí réadmhaoine, amhail Hines agus Crios Forbartha Straitéisí (CFS) Choill na Síliní, chun mórtionscdaíil bhonneagair a chur chun cinn

Mórghníomhartha 2022

- Comhaontú Ceadúnais Idirbheartaithe leis an Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta (IADT) dá n-áitiú ag leabharlann Carnegie (Struchtúr Cosanta) agus oifigí cúnta chun a láithreacht i nDún Laoghaire a éascú
- Ba bheag nár críochnaíodh comhaontú ceadúnais, rud a cheadaigh don Roinn Oideachais & Scileanna rochtain a fháil ar chuid den iarshuíomh iosta ag Mount Anville chun bunscóil eatramhach 3 stór le 8 seomra ranga a thógáil le 2 uimh. Seomra Ranga i gcomhair Riachtanais Speisialta Oideachais agus scoil fhorbartha choimhdeach
- Stáisiún DART Shruthán na Coille: Diúscairt talún i gcomhréir le hAlt 183 ag Sruthán na Coille/Seangánach tugtha chuig cruinniú na Comhairle i mí na Nollag agus faomhadh é chun forbairt stáisiún DART a éascú
- Eagraíodh agus éascaíodh sraith ceardlanna idir Dublin Array (RWE Renewables Ireland Ltd) agus Rannóga na Comhairle le linn 2022 chun an bealach cábla agus suíomh láithreáin fo-stáisiún 200kv nua is fearr a shainaithint sula gcuirfear a n-iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Phleanála le haghaidh feirm gaoithe amach ón gcósta

- Chabhraigh Bainistíocht Eastát leis na Seirbhísí Cathracha maoirsiú a dhéanamh ar athchóiriú an stáisiúin burlála, Baile Uí Ógáin le go bhféadfar é a úsáid mar dhéan/lóistín gearrthéarmach do suas le 300 dídeanaí ón Úcráin
- Caisleán Sheangánaí: Tá iarratas de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun dul ar aghaidh le suirbhé/costáil chun Foirgnimh Chaisleán Sheangánaí [Iar-Halla Spóirt (Foirgneamh C) agus Suanlios (Foirgneamh B)] a athchóiriú do chóiríocht éigeandála meántéarmach. Leanann dlr ag obair le IPAS (International Protection Accommodation Services), an Roinn Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Seirbhísí Sóisialta agus na Gardaí chun teacht ar réitigh do chóiríocht shealadach sa chontae
- Tá oibreacha uasghrádaithe ar an Teach Níocháin, Ascaill Uí Cheallaigh, Dún Laoghaire beagnach críochnaithe agus uasmhéadóidh na hoibreacha seo úsáid fhéideartha an fhoirgnimh (Struchtúr atá faoi Chosaint)
- Chuir Bainistíocht na nEastát dlr Meitheal Oibre Náisiúnta d'Údaráis Áitiúla ar bun agus tá an grúpa ag obair leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) agus le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCBCC) faoi stiúir Bhainistíocht na nEastát DLR chun athbhreithniú a dhéanamh ar réitigh bunachair sonraí um Bainistíocht Réadmhaoine agus Saoráidí ar fud na hÉireann. Is é an sprioc ná ardán TF a fhorbairt le go bhféadfar é a úsáid chun monatóireacht agus bainistíocht lárnach a dhéanamh ar ár bhFoirgnimh Chorpáirídeacha agus ar Phunann Eastát & Réadmhaoine níos leithne dlr

Staitisticí maidir le Bainistíocht Eastát:

- 2 ordú ceannaigh éigeantacha curtha i gcrích – Scéim Feabhsaithe Bóithre an Ghleanna Dhuibh/Bóthar Ghráinseach an Araltaigh), agus Scéim Bóithre Cheantar Ghleann na Muc
- 54 léas tráchtála i bhfeidhm in 2022
- 10 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe, a bhfuil, ag deireadh na bliana 2022, 3 cinn acu fós le baint agus 3 cinn á ndíol.

Cosaint Shibhialta agus an tSeirbhís Dóiteáin

Soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Cosaint Shibhialta do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Seirbhís Dóiteáin do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin freisin de bhun comhaontaithe faoi Alt 59 den Acht um Rialtas Áitiúil 1955.



Buaiteoirí na gCeantar Slachtmhar 2022

Roinn na Seirbhísí DLÍ



Roinn na Seirbhísí Dlí

In 2022, thacaigh an Roinn Seirbhísí Dlí leis an bhFeidhmeannas chun seirbhísí a sholáthar de réir a ráitis mhisin mar seo a leanas:


“Seirbhísí dlí éifeachtacha éifeachtúla freagrúla a chur ar fáil dár gCliaint. Tacaíocht a thabhairt dár gCliaint torthaí éifeachtacha a sholáthar. Ról gníomhach a ghlacadh chun riosca dlí a aithint agus a láimhseáil. Faisnéis agus saineolas a roinnt lenár gCliaint.”

Phléigh an Roinn Dlí le treoracha agus iarratais ar chomhairle ón bhFeidhmeannas sna réimsí seo a leanas:

- Comhairle – comhairle dlí a thabhairt don Fhoireann Bainistíochta agus d'fhoireann na Comhairle i dtaca le feidhmeanna na Comhairle de réir na Reachanna éagsúla a bhaineann le Rialtas Áitiúil
- Réadmhaoine agus talamh – Éadail agus diúscairt réadmhaoine agus talún, comhairle, léasú breisithe, léasanna agus ceadúnais, ceannach ag tionóntaí, iasachtaí na Comhairle, comhaontuithe Chuid V agus cead slí
- Athbhreithniú breithiúnach ar chinntí riaracháin
- Réiteach díospóidí lena n-áirítear díospóidí foirgníochta (idirbheartaíocht, idirghabháil, comhréiteach)
- Conarthaí tráchtála
- Forfheidhmiú rialála – pleanáil agus forfheidhmiú bruscair
- Dlíthíocht shibhialta
- Aisghabháil rátaí agus bailiú fiach
- Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise
- Rialachas Corparáideach

Seirbhísí BARDASACHA





BHI SEACHTAIN NA ROTHAR 2022 ar siúl on **14 GO DTI AN 22 BEALTAINÉ** agus reáchtáladh roinnt imeachtaí lena n-áirítear **BEALACH SOGHLUAISTEACHTA COSTA LE HAGHAIDH ROTHAIÓCHT TEAGHLAIGH SPRAOIUIL 6KM**

Rinneadh Seirbhís na Maor Scoile a sholáthar le - 72 maor lánaimseartha agus 10 maor cúltaca



Soláthraíodh Oiliúint Rothaíochta do

1364 DALTA san iomlán in **27 SCOIL**

57% d'idirbhearta íocaíochtaí páirceála déanta "gan airgead tirim"



Cuireadh isteach **2 LUCHTAIRE D'FHEITHICLÍ LEICTREACHA** agus **2** mhol luchtaithe DO ROTHAIR LEICTREACHA le BSL xHub

595 SPÁS PÁIRCEÁLA ROTHAR + **260 SEASTÁN SCÚTAR**

curtha isteach in áiteanna poiblí agus scoileanna



Coinníodh an stádas Brataí Goirme ag Rinn na Mara agus ag Cill Iníon Léinín



Clár Athdhromchlaithe Bóthair, Móroibreacha (An Clár 'Bóithre') – atógáladh/ athdhromchlaíodh fad

c. 8.5KM



Críochnaíodh **thart ar 64,859** bailiúchán araidí sráide



An Clár um Bealaí Rothaíochta a Chothabháil – rinneadh athdhromchla ar fhad bhealaigh rothaíochta

c. 1.7KM

Glanadh **c. 11,912** silteán



Glacadh le Plean um



Shábháilteacht ar Bhóithre in 2022

24,300 soirse á gcothabháil ag an Rannóg Soilsithe Phoiblí



Rinneadh domhainghlantóireacht i **12** bhaile/shráidbhaile



Ceannaíodh **25** nBosca Bruscair Big Belly nua

3 trasrian Shíogacha phiólótacha do choisithe críochnaithe le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair



Seirbhísí Bardasacha

Is é Seirbhísí Bardasacha an roinn oibríochtaí i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a phléann le formhór na n-oibríochtaí allamuigh a dhéanann an Chomhairle. Cuimsíonn sé seo na rannóga Uisce & Draenála, lena n-áirítear an Comhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann; Maolú ar Thionchar Tuilte; Cosaint an Chósta; Rialú Truailithe Uisce; Trácht; Sábháilteacht ar Bhóithre; Maoir Scoile; Páirceáil Íochta; Cothabháil Bóithre; Rialú Bóithre, Soilsiú Poiblí; Glantachán; Tránna; Cosaint an Chósta; Clós Cabhlach/Innealra agus Cuan Dhún Laoghaire.

Seirbhísí Uisce

Bainistíonn an Rannóg um Maolú ar Thionchar Tuilte laistigh de na Seirbhísí Uisce na tionscadail Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair an Oirthir (ECFRAM) arna mhaoiniú ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Cuireadh tús leis an gcéad thionscadal in 2019, is é sin an Scéim um Fhaoiseamh Tuile Shruathán Ghráinseach an Déin (FRS); is é seo an chéad chuid de Scéim Bhaile Uí Lachnáin.

Tá Deansgrange Stream FRS faoi lán seoil. Tá an tsamhail hidrálach mhionsonraithe críochnaithe agus rinneadh teagmhais tuilte thromchúiseacha a shamhaltú. Tá an tionscadal ag iniúchadh roghanna iomadúla um maolú tuile (agus na costais a bhaineann leo). Cuireadh an rogha tosaíochta atá ag teacht chun cinn i láthair an phobail le linn imeacht rannpháirtíochta poiblí i mí na Nollag 2022.

Cuireadh tús leis an dara cuid de Scéim Bhaile Uí Lachnáin, Scéim um Fhaoiseamh Tuile na nAibhneacha Carraig Mhaighin/Seangánach in 2020. Reáchtáladh lá rannpháirtíochta an phobail (go fíorúil) agus tugadh faoi bhailiú sonraí. Áiríodh leis sin suirbhéanna topagrafaíochta, suirbhé ar an mbáisteach agus tomhas an tsreafa agus suirbhéanna forleathan comhshaoil. Forbraíodh samhail na habhann. Tá an chéad iniúchadh láithreáin beagnach críochnaithe. Cuirfear roghanna atá ag teacht chun cinn os comhair an phobail i lár 2023.

Cuireadh tús le tionscadal mapála tuilte phurláin Bhaile na Manach/Shráid an tSruatháin in 2021 agus tá sé críochnaithe den chuid is mó anois leis an dréachtmhapáil deiridh le soláthar don dlí ag an gcomhairleoir i mí Feabhra 2023. Tá an tionscadal seo maoinithe i bpáirt ag meicníocht mhaoinithe Mhionoibreacha Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá tionscadal eile, Céim 3 FRS na Dothra, faoi athbhreithniú leanúnach ag ár bhfoireann. Cé go bhfuil an tionscadal á bhainistiú ag DCC, tá an Dothra mar theorainn le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus tá tábhacht ag baint lenár gcuid ionchuir.

Mórgníomhartha 2022

- Bainistíocht tionscadail leanúnach ar Scéim Bhaile Uí Lachnáin ECFRAM.
- Tá an tionscadal mapála tuilte maidir le purláin Bhaile na Manach/Sráid an tSruatháin críochnaithe den chuid is mó

Rialú Truailithe Uisce

Thosaigh an Dublin Urban Rivers Life Project (Tionscadal um Shaol Abhainn Bhaile Átha Cliath) arna mhaoiniú ag an AE (i gcomhpháirtíocht le SDCC) i nDobharcheantar Charraig Mhaighin in 2021. Is é aidhm an tionscadail ná an bealach is éifeachtaí chun mícheangal baile a bhaint ó réadmhaoin i gceantair uirbeacha a léiriú. Rinneadh measúnú ar 808 réadmhaoin ó mhí

na Bealtaine go dtí mí na Nollaig 2021. Rinneadh naisc chontráilte ar 89 de na réadmhaoin seo agus deisíodh 56 dóibh siúd faoi dheireadh na bliana. Cuireadh córas nua DWWT in ionad dabhach séarachais seanbhunaithe neamhchomhlíontach ar theip air na Critéir Iniúchta Náisiúnta DWWTS a chomhlíonadh. Déantar na haibhneacha ar fad sa Chontae a shampláil ar bhonn ráithiúil nó go leathbhliantúil. Glacadh na samplaí uile atá riachtanach de réir an Water Framework Directive (Creat-Treoir Uisce) agus cuireadh chuig Saotharlann GCC i gCluain Sceach iad.

Mórgníomhartha 2022

- rinneadh measúnú ar 808 réadmhaoin le haghaidh mícheangail. Aimsíodh 89 mícheangal agus deisíodh 56 acu.
- Tá 18 láithreán tógála ceadúnaithe anois i leith sceitheadh eisilteach trádála uisce faoi Alt 4 den Acht um Thruailliú Uisce.

Seirbhísí Uisce – Comhaontú Seirbhíse (SLA) le hUisce Éireann

Déanann an Rannóg Seirbhísí Uisce bainistíocht agus cothabháil ar na córais uisce phoiblí agus draenála bréantais sa chontae faoi réir an Chomhaontaithe Seirbhíse le hUisce Éireann agus i gcomhréir leis an bPlean Seirbhíse Bliantúil.

Chomh maith leis sin, mar chuid den Comhaontú Seirbhíse, cabhraíonn foireann Sheirbhísí Uisce Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le hUisce Éireann an bonneagar sa chontae don todhchaí a phleanáil. Tá sé sin riachtanach chun na Spriocanna Corparáideacha sa chontae a bhaint amach, is iad sin forbairt tithíochta a éascú agus tacú le deiseanna fostaíochta agus le fás gnó.

Seirbhísí Iompair

An Rannóg Tráchta agus Sábháilteachta Bóithre

I measc phríomhghníomhaíochtaí na Rannóige Tráchta agus Sábháilteachta Bóithre tá:

- Dearadh, tógáil agus uasghrádú líonra bóithre na Comhairle, bainistíocht tráchta agus sábháilteacht bóithre
- Bainistíocht an chórais soilse tráchta (SCATS)
- Soláthar na Comharthaíochta & na Líneála Reachtúla
- Soláthar agus uasghrádú áiseanna do choisithe agus rothaithe agus feabhsú ar na háiseanna d'úsáideoirí bóithre maol-luaineachta agus d'úsáideoirí bóithre faoi mhíchumas.
- Tionscnaimh inbhuanaithe um luaineacht agus taisteal gníomhach a sholáthar



Seachtain na Rothar 2022 - Pedal Power

An Rannóg Rialaithe Páirceála Íochta

Cuireann an Chomhairle Scéim Páirceála Íochta i bhfeidhm ar roinnt bóithre agus i roinnt carrchlós poiblí laistigh dá ceantar riaracháin agus i gceantar an Chuain. Cuirtear an scéim i bhfeidhm faoi Fhodhlíthe na Comhairle um Rialú Páirceála 2020.

An Rannóg Tráchtá agus Sábháilteachta Bóithre

Cuireadh na rudaí seo a leanas ar fáil le maoiniú (€39m) ón Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhair Iompair Inbhuanaithe a sholáthar trí bheartais Rothaíochta agus Siúil a chur i bhfeidhm:

- Glacadh le Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2022
- Slí isteach nua do choisithe agus do rothaithe Nova COBÁC tugtha chun críche
- 3 scéim um chosaint rothaithe tugtha chun críche (Bóthar Avondale, Ascaill an Draighin agus Bóthar Reabóige)
- Trasrian coisithe nua suiteáilte ar Bhóthar Bhaile Sheáin agus rinneadh feabhsúcháin ar chosáin i bPáirc Clarinda Thiar
- 3 thrasrian Shíogacha phiólótacha do choisithe críochnaithe le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI)
- Cuireadh 595 spás páirceála do rothair in áiteanna poiblí agus scoileanna chomh maith le 260 seastán scútair
- Soláthraíodh Oiliúint Rothaíochta do 1,364 mac léinn san iomlán in 27 scoil
- Thit Seachtain na Rothar 2022 amach idir an 14 agus an 22 Bealtaine agus reáchtáladh roinnt imeachtaí, lena n-áirítear Bealach Soghluaisteachta Cóta le haghaidh Rothaíocht Teaghlaigh Spreaúil 6km (1,700 rannpháirtí)

An Rannóg Rialaithe Páirceála Íochta

- Úsáideadh íocaíocht gan airgead tirim le haghaidh 57% d'idirbhearta íocaíochta
- Scéim Nua Páirceála Íochta tugtha isteach i bPáirc Uí Mhaoilmhiaigh, Dún Droma
- Tá Gairdín na Creige Móire agus Wilmount Avenue ina Scéimeanna Páirceála Íochta "Gan Airgead Tirim" anois

Bainistíocht Flít

Déanann an Rannóg Bainistíochta Flít flít na Comhairle a bhainistiú agus a chothabháil, agus díreann ar riachtanais oibríochtúla na Comhairle a chomhlíonadh fad is a bhíonn sé éifeachtach ó thaobh an chostais agus an fhuinnimh de, agus ag teacht leis an mBille um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Mórghníomhartha 2022

- 2 fheithicil leictreacha nua
- 1 jíp díosail agus 1 feithicil fóntais ceannaithe

Cuan Dhún Laoghaire

Tá 12 ball foirne fostaithe go díreach ag Rannóg an Chuain, sa bhainistíocht, riarachán, cothabháil agus slándáil. Tá foireann an Chuain freagrach as bainistíocht na soithí laistigh, nó atá ag teacht isteach chuig an gCuan, Comharthaí Loingseoireachta, riachtanais maidir le Slándáil an Chalafoirt agus forfheidhmiú Fhodhlíthe an Chuain chomh maith le stóráil bád agus feistiú scóipe. Chomh maith leis sin, tá foireann an Chuain freagrach as bainistiú agus cothabháil Réadmhaoin an Chuain, a bheith ag caidreamh le Tionóntaí an Chuain, glanadh agus ghnáthchothabháil laistigh den Chuan chomh maith le bainistíocht gach imeacht agus scannánú laistigh d'Eastát an Chuain.

Mórghníomhartha 2022

- Máistir an Chuain nua ceaptha
- Tháinig 65 Long Chrúsála isteach i nDún Laoghaire le haiseolas dearfach ó chuairoteoirí i rith an ama ar fad
- Críochfort Farantóireachta ar léas le Quarterdeck Ltd
- Iarratais rathúla ar Dheontais le haghaidh
 - Tionscadal um Dheisiú Sraodbhalla na Cé Thoir
 - Tionscadal um na Gardaí do Bheart 2 a athsholáthar
 - Tionscadal um na Gardaí do Bheart 3 a athsholáthar
 - Tionscadal um an nGléasra Oighir a Scartáil
- Cuireadh an Tionscadal um an nGléasra Oighir a Scartáil i gcrích & cuireadh isteach áiseanna níos fearr do chabhlaigh iascaigh i nDún Laoghaire
- Uasghrádu ar an gClós Bád Poiblí curtha i gcrích
- Coincheap an National Watersports Campus (Campas Náisiúnta Spóirt) curtha ar aghaidh le Irish Sailing agus Diving Ireland

Mórghníomhartha 2022

- Fuarthas €1.2m de mhaoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair do réimse Scéimeanna maidir le Taisteal Gníomhach chun cur le scéimeanna Bóithre, Cosán, Bealaí Rothaíochta agus Feabhsúcháin Rochtana.
- Scéim Bhóthar Reabóige maoinithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) - atógáil bóthair - 1.0km, cosáin 1.9km, cosaint rothaíochta 2.0k, 5 fheabhsúchán aomhal
- Clár Athdhromchlaithre Bóthair, Móroibreacha (An Clár Bóithre) – rinneadh fad bóthair thart ar 8.5km a atógáil/athdhromchlú
- Clár Athdhromchlaithre Bóthair Mionoibreacha (An Clár Paisteála) - rinneadh fad bóthair thart ar 2.4km a atógáil/athdhromchlú
- Cycleway Maintenance Programme (An Clár um Bealaí Rothaíochta a Chothabháil) - rinneadh thart ar 1.7km de bhealach rothaíochta a athdhromchlú.
- Rinneadh Deisiúchán suntasach Draenála agus deisiúchán ar Shilteáin ag 13 shuíomh.



Star Pride ar an duga ag Cé Carlisle Iúil 2022

Cothabháil Bóithre

Déanann an Rannóg Cothabhála Bóithre cothabháil ar líonra thart ar 809 km de bhóithre chomh maith le thart ar 1,400 km de chosáin. Déanann an Rannóg réimse leathan oibreacha cothabhála, lena n-áirítear athdhromchlú bóithre, cláir cosán, cothabháil droichead agus struchtúr, deisiúcháin draenála agus altán, cothabháil bealaí rothaíochta agus cláir um oibreacha inrochtana, i measc oibreacha eile.

- Rinneadh uasghrádu ar chosáin agus athdhromchlú fairsing in 2 shuíomh de chuid Fóraim Bainistíochta Eastáit.
- Cuireadh feabhsúcháin rochtana i gcrích ag 3 shuíomh.

Rialú Bóithre

Tá an tAonad Rialaithe Bóithre freagrach as oibreacha bóthair a rialú agus a bhainistiú ar fud an chontae. Chomh maith leis sin, próiseálann an tAonad iarratais ar Cheadúnais Dromchla, lena n-áirítear ceadúnais do chlársonsaí, scafalra, scípeanna bruscair

agus ceadúnais d'ualaigh neamhghnácha, agus cuireann an tAonad an clár oibreacha deisiúcháin athchóirithe buan i bhfeidhm ar son Uisce Éireann/Seirbhísí Uisce mar a aontaíodh faoin gComhaontú Seirbhíse reatha.

Déanann an tAonad oibreacha athchóirithe at bhóithre agus ar chosáin atá imithe in olcas go díreach de bharr oibreacha fóntais nó oibreacha forbraíochta príobháideacha trí mhuirir 'tionchair fhadtéarmaigh' a bhailiú ó cheadúnais oscailte bóithre.

Mórghníomhartha 2022

- Próiseáladh agus eisíodh 2,437 Ceadúnas Oscailte Bóithre.
- Próiseáladh agus eisíodh 43 Ceadúnas Dromchla agus Cláir Fógraí.
- Cuireadh i gcrích 683 athchóiriú dromchlaí bóthair buan ar son Uisce Éireann
- Cuireadh oibreacha athdhromchlaíthe ag Páirc Silchester i gcrích i gcomhar le hUisce Éireann

Soilsiú Poiblí

Déanann an Rannóg Soilsithe Phoiblí cothabháil ar an soilsiú ar gach bóthar, cosáin, bealach coisithe agus páirc ar féidir leis an bpobal iad a úsáid 24 uair an chloig, gach lá.

Tá breis agus 24,300 solas sa chontae a ndéanann an Rannóg Soilsithe Phoiblí cothabháil orthu. I dteannta leis an gcothabháil laethúil seo, tá clár uasghrádaithe leanúnach ar bun ar cholúin, bracanna, líonraí agus díchúpláil líonraí fotha dhírih.

Leis an gClár Laghdaithe Fuinnimh, tá an Rannóg Soilsithe Phoiblí tiomanta do shoilsiú atá oiriúnach don chomhshaol. Tá an clár seo dírithe ar lóchrainn LED atá tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil, rud a chuideoidh leis an gComhairle a spriocanna laghdaithe fuinnimh

agus carbóin a bhaint amach agus muid ag obair i dtreo 2030. Tá Soilsiú Poiblí dlr ag obair i dtreo phointí luchtaithe tapaidh d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil in áiteanna éagsúla ar fud an chontae de réir an Dublin Metropolitan Area EV Charging Strategy (Straitéis maidir le Luchtú Feithiclí Leictreacha i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath).

Mórghníomhartha 2022

- Leanadh ar aghaidh le cothabháil d'ardchaighdeán a sholáthar le linn na tréimhse i ndiaidh COVID
- Suiteáladh 2,026 lóchrann LED
- Críochnaíodh 5,655 deisiúchán
- Cuireadh isteach 2 luchttaire d'fheithiclí leictreacha agus 2 mhol luchtaithe do rothair leictreacha le BSL xHub

Glantachán agus Tránna

Soláthraíonn an Rannóg Glantacháin agus Tránna seirbhísí atá dírithe ar ghlanadh bóithre agus láithreacha poiblí agus cothabháil tránna agus cuanta.

Cuireann an rannóg réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Bóithre, cosáin, lánaí agus raonta rothar a ghlanadh
- Bainistiú na seirbhíse araidí sráide
- Cothabháil ar 22,000 silteán
- Seirbhís freagartha éigeandála ar thuilte a sholáthar
- Dumpáil agus bruscar a ghlanadh
- 2 ionad athchúrsála agus bainc buidéal ar fud na tíre a bhainistiú
- Srianadh salachair ar fud an Chontae



Timpeallán san oíche

- Bainistiú trána, cuanta agus láithreacha snámha, lena n-áirítear seirbhís Gharda Tarrthála
- Monatóireacht agus Tuairisciú a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce Snámha
- Leithris phoiblí a bhainistiú

Mórghníomhartha 2022


- Rinneadh domhainghlantóireacht in 12 bhaile/sráidbhaile
- Soláthraíodh Tionscail Glanta N11 agus Bóthar Ceangail Wyattville
- Rinneadh gortghlanadh séasúrach fairsing ar fud an Chontae
- Bainistíocht rathúil de shéasúr dúshlánach snámha
- Coinníodh an stádas Brataí Goirme ag Rinn na Mara agus ag Cill Iníon Léinín
- Osclaíodh Folcadáin dlr don phobal i mí na Nollag
- Bronnadh tairiscint dréimire agus ráillí láimhe ag Cladach an Daichead Troigh le tógáil le bheith ar siúl in R1 2023.
- Rinneadh thart ar 64,859 bailiúchán sráide de bhoscaí bruscair
- Ceannaíodh thart ar 25 Bosca Boilg Mhóra
- Tugadh tacaíocht d'os cionn 717 glantachán deonacha
- Glanadh thart ar 11,912 silteán
- Ainmníodh Dún Laoghaire mar cheantar atá "Glan de réir Noirm na hEorpa" i suirbhé Ghnó na hÉireann i gcoinne Bruscair (IBAL) – éacht iontach
- Bhí ról lárnach aige seo maidir le gradam Academy of Urbanism (Acadamh an Uirbeachais) a bhaint do Dhún Laoghaire.

Cosaint an Chósta

Tá monatóireacht á dhéanamh ag an gComhairle ar an gcreimeadh cósta ag príomhshuíomhanna feadh an chósta, suíomhanna a bhfuil baol láidir creimthe ag baint leo de bharr na geolaíochta nó cineál na hithreach atá ann. Tá na príomhshuíomhanna ó dheas de Thrá Chill Iníon Léinín chomh fada le teorainn dlr ag Bré.

Mórghníomhartha 2022

- Tionscadal feabhsúcháin ag Seanláithreán Líonta Talún i mBré críochnaithe den chuid is mó
- Rinneadh monatóireacht leanúnach ar an méid creimthe a bhí ag tarlú ag príomhshuíomhanna ar feadh imeallbhord dlr
- Cuireadh tús le huasdátú a dhéanamh ar an Coastal Defence Strategy (Straitéis um Chosaint Cósta) agus tá sé le bheith críochnaithe in 2023
- Cuireadh iarratas pleanála isteach chuig an mBord Pleanála agus ceadaíodh boltaí carraige a shuiteáil ar aghaidh bhuncharraig an Ché Theas ag Cuan na Coille Móire. Oibreácha le déanamh in R3 2023.
- Críochnaíodh próiseas tairisceana le haghaidh deisiú coincreit agus oibreácha feabhais ar shuiteáil an armúir carraige ar an bpointe rochtana trá ag Bóthar Uí Chuinn. Tá tús le cur le hoibreácha ar an láthair go déanach in R1 2023.



Bád Patrúil Sábháilteachta um Thionlacan Deilfe



PLEANÁIL



1713

Cinntí
Pleanála eisithe



676

Certificate of
Compliance
on Completions



23%

méadú
i gcomhlíontachtaí
a fuarthas

Cead socraithe le haghaidh



18,022

teach

676



Fógraí Tosaithe
Bailíochtaithe



2022_2028 AN
PLEAN FORBARTHA
CONTAE
Glactha



Léiriú den
dréachtmhapa CTCC

Líon na dtithe atá
á dtógáil

5725



10

bhForbraíocht tógtha i gcúram



Pleanáil

Ba é buaicphointe 2022 ná cruthú an Phlean Forbartha Contae Nua agus ba thoradh é seo ar phróiseas dhá bhliain de theagmháil, machnamh agus díospóireacht ag na Comhaltaí Tofa, chomh maith le comhairliúchán fairsing agus rannpháirtíocht leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara reachtúla.

Bliain ghnóthach a bhí ann freisin maidir le bainistíocht forbartha. Ag deireadh R3 2022 bhí cead ag dlr do 18,022 teach agus bhí 10,027 teach sa phróiseas pleanála. San áireamh anseo bhí iarratas FST ag 6,984 teach.

In 2022 achtaíodh reachtaíocht a mhéadaigh ról rialála agus bainistíochta talún na Roinne Pleanála, lena n-áirítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Forbairtí Cónaithe Mórscála 2021) a tháinig in ionad an phróisis Forbartha Straitéisí Tithíochta (FST) agus tabhairt isteach an Residential Zoned Land Tax (RZLT) Finance Act 2021 (Acht Airgeadais maidir le Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe (CTCC) 2021).

Pleanáil Chun Cinn

Ghlac na Comhaltaí Tofa le Plean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2022 – 2028 i mí an Mhárta 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm in Aibreán 2022. Leagann an Plean amach creat forbartha sa Chontae ar feadh tréimhse sé bliana suas go dtí 2028. Tá ráiteas scríofa ann, 17 agusín lena n-áirítear Sandyford



Urban Framework Plan (Creatphlean Uirbeach Áth an Ghainimh)

Dún Laoghaire Urban Framework Plan (Creatphlean Uirbeach Dhún Laoghaire), Strategic Flood Risk Assessment (Measúnú Straitéiseach Riosca Tuile), Housing Strategy & Housing Needs Demand Assessment (HNDA) (Straitéis Tithíochta & Measúnú ar Éileamh ar Riachtanais Tithíochta) agus Straitéis Airde Foirgnimh, 14 mhapáil criosaithe maidir le húsáid Talún, 14 mhapáil maidir le Riosca Tuilte agus tuarascálacha comhshaoil gaolmhara.

Mórghníomhartha 2022

- Ullmhúchán Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar Leasuithe ábhartha
- Rinne na comhaltaí an Dréachtphlean agus Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar Leasuithe ábhartha a mheas
- Glacadh le plean Forbartha Contae le leasuithe
- Cuireadh Alt 55 leis an Taifead ar Dhéanamhais Chosanta
- Síneadh ar Phlean Ceantair Áitiúil Shruathán na Coille Sheangánaí ar feadh 5 bliana breise

Bainistíocht Forbartha

Is é an t-ardú ar tháillí pleanála is fearr a léiríonn an méadú ar iarratais phleanála, mar go léiríonn táillí pleanála scála na forbartha atá beartaithe. In 2022 bhí méadú 5% ar tháillí pleanála.

Maidir le hiarratais Chomhlíonta, bhí méadú 23% ar líon na n-iarratas. Léirítear leis seo an leibhéal gníomhaíochta tógála agus an leibhéal tosaithe ar an láithreán. In 2022 freisin aistríodh ó FST (Forbairt Straitéiseach Tithíochta) go LRD (Forbairt Cónaithe ar Mhórscála). Leis an aistriú seo, tháinig “boilsciú” ar iarratais FST i dtréimhse ghairid, rud a d'éiligh ar an Údarás Pleanála tuairisc a thabhairt ar 15 iarratas ar scéimeanna cónaithe níos mó ná 100 aonad thar thréimhse 7 seachtaine.

Mórghníomhartha 2022

- Eisíodh 1713 cinneadh in 2022
- Líon na n-iarratas FST 25
- Bainistíodh an t-aistriú ó FST go LRD agus mhéadaigh ualaí oibre
- Reáchtáladh 23 cruinniú réamhphleanála LRD

- Méadú 9% ar líon na gcásanna forfheidhmithe a dúnadh
- Rinne an tÚdarás Pleanála cinneadh ar 610 Comhlíonadh Pleanála

Bainistíocht Talún Gníomhach

Is é atá i gceist le Bainistíocht Talún Gníomhach ná sraith uirlisí atá ar fáil don Roinn Pleanála a bhfuil sé mar aidhm acu forbairt talún a ghníomhachtú le haghaidh forbairt chónaithe. Áirítear leis an tobhach láithreán Folamh, Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe (CTCC) agus Athbhreithniú ar an Tascfhórsa Tithíochta

Mórghníomhartha 2022

- Ullmhú den Cháin ar Thalamh Chriosaithe Cónaithe Samhain 2022
- Léiriú den dréachtmhapá CTCC
- Leanúint le Tascfhórsa Tithíochta
 - 121 láithreán le cead do 18,022 aonad (R3 2022)
 - Tá tógáil ar bun ar 54 de na láithreáin seo agus tá 5725 teach á dtógáil
 - Tús fós le cur ar thógáil 11,321 teach

Rialú Foirgníochta

Is é an sprioc atá ag Rialú Foirgníochta ná cultúr comhlíontachta maidir le Rialacháin Fhoirgníochta a chur chun cinn trí fheidhmeanna reachtúla éagsúla a chomhlíonadh agus rannpháirtíocht gníomhach trí phróiseas iniúchta a bhfuil measúnú riosca déanta air. Bhí laghdú beag ar líon na bhfógraí tosaithe (CNanna) a bailíochtaíodh in 2022 (7%). Chun an figiúr sin a chur i gcomhthéacs, in 2021 bhí méadú 30% ar CNanna. Cé go



Suíomh Gníomhach

bhfuil laghdú tagtha ar líon iomlán na n-iarratas, tá na táillí le haghaidh fógraí 7 lá ag méadú i gcónaí, rud a léiríonn scála agus castacht na bhforbairtí atá ag tosú

Déanann an rannóg um Rialú Foirgníochta bainistiú freisin ar phróisis maidir le tógáil i gcúram agus tabhairt ar ais bannaí. In 2022 mhol an rannóg do na comhaltaí tofa 10 bhforbraíocht a thógáil i gcúram, ar forbraíochtaí iad a tógadh i gcúram go foirmiúil ag Cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair



Tógáil i gCúram

Mórghníomhartha 2022

- 10 bhForbraíocht Tógtha i gCúram
- 685 Fógraí Tosaithe bailíochtaithe
- 63 Fógra 7-Lá bailíochtaithe
- 153 Deimhniúchán um Shábháilteacht ó Dhóiteáin eisithe
- 154 Teastas um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas eisithe
- 676 Deimhniúchán um Chomhlíonadh ar Chríochnú bailíochtaithe
- Beartas nua um Thógáil i gCúram ullmhaithe

Feabhsuithe ar na Seirbhísí Roinne

Mar gheall ar an athrú leanúnach ar Reachtaíocht Pleanála, coinnítear próisis agus nósanna imeachta laistigh den Roinn Pleanála faoi athbhreithniú go leanúnach chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an reachtaíocht. In 2022 áirítear leis seo an t-aistriú ó LRD go FST, na hamlínte a tugadh isteach maidir le comhlíonadh pleanála, díolúintí pleanála nua chun cabhrú le cóiríocht a sholáthar do dhéanaithe ón gcogadh san Úcráin agus tabhairt isteach Treoirínte Alt 28 "Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua. Teastaíonn athbhreithniú ar phróiseas agus nósanna imeachta na Ranna Pleanála chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach dá bhfeidhm.

In 2022 sheol an Roinn Pleanála modúl réamhphleanála a ligeann d'arratasóirí cur isteach agus teagmháil a dhéanamh go hiomlán ar líne maidir le hiarratas réamhphleanála. In 2022 fuaireamar thart ar 90% dár bhfiosruithe réamhphleanála tríd an tairseach.

Chun ullmhú don ríomhphleanáil, tá meitheal ann a bhfuil sé de chúram air scrúdú a dhéanamh ar na próisis clárúcháin agus cinnidh go léir atá ann cheana féin agus athdhearadh nuair is gá chun ailíniú leis an ríomhphleanáil agus leis an gcóras agus chun próisis gnó a fheabhsú.

Mórghníomhartha 2022

- Athbhreithniú leanúnach ar phróisis agus ar nósanna imeachta chun ailíniú le reachtaíocht atá ag athrú
- Seoladh agus cur i bhfeidhm rathúil an mhodúil réamhphleanála
- Meitheal le hathbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus ar nósanna imeachta roimh an ríomhphleanáil
- An t-aistriú ó FST go LRD
- Rinneadh an próiseas a athrú chun ailíniú leis na hamlínte a tugadh isteach maidir le comhlíonadh

Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) amhail ar an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
Sócmhainní Seasta	1		
Oibríochtúil		1,487,806,340	1,480,301,335
Infreastruchtúr		1,766,121,709	1,771,343,791
Pobal		58,086,139	56,729,140
Neamhoibríochtúil		101,967,287	101,967,287
		3,413,981,475	3,410,341,553
Obair idir Lámha agus Réamhchostais	2	63,580,640	39,624,137
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	154,546,543	141,795,993
Sócmhainní Reatha			
Stoc	4	1,104,920	980,204
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	77,130,097	64,957,730
Infheistíochtaí Baint		374,663,229	315,161,708
Airgead tirim ag an mBanc		4,618,529	140,482
Airgead Tirim faoi Bhealach		1,106,325	2,904,669
		458,623,101	384,144,794
Dlíteanais Reatha			
Rótharraingt Baint		-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	6	131,586,396	110,905,019
Léasanna Airgeadais		-	-
		131,586,396	110,905,019
Glansócmhainní / (Dlíteanais) reatha		327,036,705	273,239,775
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	7	124,853,986	132,840,016
Léasanna Airgeadais		-	-
Éarlaisí In-aisíoctha	8	44,908,983	43,187,981
Eile		70,296,338	52,957,753
		3,719,086,057	3,636,015,707
Glansócmhainní / (Dlíteanais)		3,636,015,707	3,560,935,144
Arna Léiriú ag			
Caipitliú	9	3,413,981,475	3,410,341,553
Ioncam maidir le hObair idir Lámha	2	58,879,093	32,327,364
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		8,875,579	8,810,086
Cúlchiste Eile		12,033,190	12,033,190
Iarmhéideanna Eile	10	225,316,721	172,503,515
Cúlchiste Iomlán		3,719,086,057	3,636,015,708

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntais um Ioncam & Caiteachas) don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022

Tugann an Ráiteas Cuntais um Ioncaim agus Caiteachas le chéile an t-ioncam ar fad a bhaineann le hioncam agus caiteachas.

Léiríonn sé an barrachas/(easnamh) don bhliain.

Leithdháileann Nóta 16 aistriú de réir rannán seirbhíse, san fhormáid chéanna is atá i dTábla A den bhuiséad Údarás Áitiúil a glacadh.

	Nóta	Ollchaiteachas 2022 €	Ioncam 2022 €	Glanchaiteachas 2022 €	Glanchaiteachas 2021 €
Caiteachas de réir Rannáin					
Tithíocht agus Foirgníocht		58,870,764	52,369,841	6,500,922	4,118,978
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht		27,315,716	12,909,116	14,406,600	15,909,238
Seirbhísí Uisce		11,872,508	8,106,261	3,766,247	4,173,132
Bainistíocht Forbartha		34,007,247	16,343,658	17,663,589	16,098,189
Seirbhísí Comhshaoil		32,794,899	7,302,655	25,492,244	26,223,225
Áineas & Taitneamhacht		35,198,401	6,185,112	29,013,289	28,374,101
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas		4,723,137	3,609,318	1,113,819	1,439,550
Seirbhísí Ilchineálacha		12,614,092	14,782,102	(2,168,010)	747,981
Caiteachas/Ioncam iomlán	15	217,396,763	121,608,063		
Glanhostas an Rannáin le cistiú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				95,788,701	97,084,394
Rátaí				93,497,908	92,026,671
Cáin Mhaoine Áitiúil				11,818,975	18,633,673
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh an Aistriú				9,528,182	13,575,951
Aistriú ó/(chuig) an gCúlchiste	14			(9,462,689)	(13,506,676)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain	16			65,493	69,274
Cúlchiste Ginearálta amhail ar an 1 Eanáir				8,810,086	8,740,812
Cúlchiste Ginearálta amhail ar an 31 Nollaig				8,875,579	8,810,086



AGUISÍN



Aguisín 1

Bainistíocht Fuinnimh agus Feasacht

Bainistíocht Fuinnimh agus Feasacht

Déanann Foireann Fuinnimh dlr tras-ranna, faoi stiúir an Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh agus an tAiltire Contae Andrée Dargen, iarracht feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú ar fud na heagraíochta. Tá ionadaithe ar an bhfoireann ó na hÚsáideoirí Suntasacha Fuinnimh (SEUnna) a bhfuil an tionchar is mó acu ar ídiú fuinnimh laistigh de réimse feidhme Chóras Bainistíochta Fuinnimh dlr (EnMS). Is iad seo an Roinn Pobail, lena n-áirítear Leabharlanna, Páirceanna agus foirgnimh Fóillíochta dlr a bhfuilimid freagrach astu; an Roinn Cathrach, lena n-áirítear Soilsiú Poiblí agus Flít; agus Seirbhísí Corparáideacha, lena n-áirítear príomhfhoirgnimh Halla an Chontae agus Bloc 1, Cearnóg an Chuain. I mí na Nollag 2022, rinne Certification Europe iniúchadh domhain athdheimhnithe 3 lá ar EnMS dlr agus d'éirigh le dlr creidiúnú ISO 50001:2018 a choinneáil.

Chomh maith le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh laistigh den eagraíocht, féachann an Foireann Fuinnimh agus foireann níos leithne dlr le feabhsú fuinnimh a spreagadh agus a thacú ar fud an Chontae. Trí thionscnaimh ar nós 'Úsáid Níos Lú' a chuimsigh feachtas fairsing ar na meáin shóisialta, agus an t-imeacht um Fhuinneamh Baile a Uasghrádú, seachadadh feasachta agus tacaíochtaí praiticiúla don phobal chun cabhrú le pobail ar a dturas feabhsaithe fuinnimh.

Mórgníomhartha 2022

- Bunaithe ar an gcóras Monatóireachta agus Tuarascála de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), d'fheabhsaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin éifeachtúlacht fuinnimh le 51% in 2021 i gcomparáid le bonnlíne 2009, ag coinneáil an leibhéal feidhmíochta a baineadh amach in 2020.
- In 2021, bhí astaíochtaí dlr a bhain le fuinneamh 39% níos ísle ná an bhonnlíne den mheán in 2016-2018. Cé go léirítear leis seo céimeanna maithe leis an sprioc 50% a bhaint amach faoi 2030, léiríonn sé laghdú ar an 44% a tuairiscíodh in 2020 agus mar sin ní mór aird a thabhairt air lena chinntiú nach ndéantar na céimeanna iontacha seo a thiontú thart.
- Tá sprioc ar leith ann d'astaíochtaí neamhleictreachais a bhaineann le hídiú fuinnimh iompair agus teirmeach (foirgnimh a théamh) agus feabhas de 51% de dhíth faoi 2030. Déantar an feabhsúchán a thomhas i gcoinne bunlíne de mheán 2016-2018 agus thaifead dlr laghdú 27% ar astaíochtaí neamhleictreachais in 2021.
- Ghlac dlr páirt san fheachtas 'Úsáid Níos Lú' de chuid an Rialtais, feachtas a thacaigh le laghdú ar ídiú fuinnimh, le fócas ar leith ar bhreoslaí iontacha. Go dtí seo, rinneadh 444 postáil ar na cuntais meán dlr agus na Leabharlann dlr mar chuid den bhfeachtas, lena gcruthaíodh 1,777 rannpháirtíocht. Cuirfear tuarascáil deiridh ar fáil nuair a chríochnófar an feachtas, ach léiríonn na réamhshonraí go bhfuil dlr ar an mbóthar ceart chun an laghdú 15% ar a bhfuil sé dírithe a bhaint amach.
- Choinnigh Soilsiú Poiblí 24,300 solas ar bhóithre cosáin, láná, agus céanna ar fud an Chontae. Rinneadh 5,655 deisiúchán soilsithe agus suiteáladh 2,026 lóchrann LED, ag cur céatadán na lóchrann LED go 85.9%. Chomh maith leis sin, cuireadh 2 luchtair d'fheithicil leictreacha agus 2 mhol luchtair

do rothair leictreacha isteach le BSL xHub. Laghdaíodh an meánfhuinneamh in aghaidh an tsolais ó 77.96W go 71.5W fiú agus líon na soilse a mhéadú le 600 soilse breise.

- Laistigh den Rannóg Pobail, bhí cruinniú amháin ag Foireann Fuinnimh Samuel Beckett. Bhí Oibríthe Pobail dlr ag spreagadh na saoráidí agus grúpaí pobail éagsúla faoin ngá le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Cuireadh maoiniú deontais (Deontais Phobail na Comhairle, agus an Clár um Fheabhsú an Phobail arna mhaoiniú ag an Rialtas, Ciste Gníomhaíochtaí Pobail) de níos mó ná €61,000 ar fáil ar mhaithe le tionscadail inmharthana lena n-áirítear tionscadail a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- Faoi ISO50001 is Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh iad na trí hIonad Fóillíochta, Baile na Manach, Sruthán na Cluana agus Baile Uí Lachnáin. Shínigh Fóillíocht dlr Conradh Feidhmíochta Fuinnimh (EPC) le Cuideachta Soláthair Fuinnimh, Lawlor Sustainability, in 2021. Tar éis oibreacha infheistíochta caipitil agus athruithe oibriúcháin, chomh maith le hinfeistíocht in oiliúint agus feasacht ar fud na foirne, baineadh amach coigilt fuinnimh iomlán de 21% in 2022 ar fud na dtrí ionad fóillíochta.
- Laistigh de na Leabharlanna, uasghrádaíodh veain na Leabharlainne go feithicil leictreach agus rinneadh oibreacha deisiúcháin caomhantais ar chuid d'fhuinneoga Leabharlann na Seanchille. Tugadh 3 Phacáiste Coigilte Fuinnimh sa Bhaile (HESKanna) breise in 2022, rud a fhágann go bhfuil 13 pacáiste sa leabharlann. Tugadh na HESKanna ar iasacht 183 uair agus chuir foireann na Leabharlainne i láthair iad ag an Imeacht um Fuinnimh Baile a Uasghrádú i mí Dheireadh Fómhair 2022 i Halla an Chontae. Ina theannta sin, cuireadh na Brathadóirí Sceite Teirmeacha atá sna pacáistí leis an stoc iasachta sna leabharlanna, agus cuireadh 25 gléas ar fáil agus taifeadadh 28 iasacht ó cuireadh ar fáil don phobal iad.
- Laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha, i measc na mbuaicphointí tá cuimsiú Bloc 1, Cearnóg an Chuain i gconradh nua bainistíochta saoráidí ilshuimh – áireofar leis sin monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht fuinnimh agus éascóidh sé bainistiú feabhsaithe ar úsáid fuinnimh ar an láithreán. Rinneadh uasghrádú ar sheomraí an ghléasra i gCearnóg an Chuain in 2022 freisin.
- Tá soilsiú seachtrach ina úsáideoir suntasach fuinnimh ag Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin. In R4 2021, coimisiúnaíodh tionscadal chun tús a chur le cur chuige céimnithe maidir le soilsiú seachtrach de chineál sóidiam a thiontú go LED - tiontaíodh ocht lóchrann sráide déag go LED le linn chéim I den tionscadal. In 2022, chuir céim II athrú ar an soilsiú imlíne sa chlós oibríochtaí. Chuaigh Céim III i ngleic le tuilsoilse i gcarrchlós na foirne. Táthar ag súil go laghdóidh tomhaltas leictreachais a bhaineann le soilsiú seachtrach 40-60%. Ba iarracht chomhoibríoch é seachadadh an tionscadail idir foireann Gnóthaí Corparáideacha agus Seirbhísí Cathracha.
- Áiríodh le hiarrachtaí breise i mBaile Uí Ógáin fócas ar imscrúdú a dhéanamh ar an scoilt idir ranníocaíochtaí fuinnimh teirmeach ó ghás nádúrtha i gcoinne millíní adhmaid (bithmhais) agus sainaitníodh straitéisí feabhsaithe cothabhála, iontaofachta agus rialaithe. Ar deireadh, forbraíodh straitéisí cothabhála chun feidhmíocht an chórais soilsithe DALI atá i bhfeidhm ag Baile

Uí Ógáin a fheabhsú. Áiríodh leis seo athsholáthar a dhéanamh ar 15 gheata DALI, rud a d'fheabhsaigh rialú, freagrúlacht agus éifeachtúlacht fuinnimh an chórais.

- Déanann an Rannóg Bainistíochta Flít flít na Comhairle a bhainistiú agus a chothabháil, agus díreann ar riachtanais oibríochtúla na Comhairle a chomhlíonadh fad is a bhíonn sé éifeachtach ó thaobh an chostais agus an fhuinnimh de, agus ag teacht leis an mBille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. I measc na mórghníomhartha sa rannóg tá ceannach 2 fheithicil leictreacha nua.
- Reáchtáladh cur i láthair foirne ar líne ar fheasacht fuinnimh i mBealtaine 2022 agus d'fhreastail 120 ball foirne air. Cuireadh taifead den chur i láthair ar fáil freisin dóibh siúd nach raibh in ann freastal air, chomh maith le sleamhnáin ar a raibh acmhainní praiticiúla chun tacú leis an bhfoireann iarrachtaí fuinneamh a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí ag an obair agus sa bhaile.

Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2023

- I measc na bpleananna do shoilsiú poiblí in 2023 tá suiteáil soilsithe sráide atá diúltach ó thaobh carbóin de ar Bhóthar Wyattville. I measc na bpleananna eile tá uasghrádú ar na lóchrainn mhaisiúla ar an gCé Thoir, Siúlbealach Bhaile Nua Ghabhann agus Sráidbhaile na Carraige Duibhe. Bronnfar tairiscint luchtair EV do mhoil thapa agus do luchtairí ceann scríbe araon.
- Táthar ag súil le dul chun cinn ar an Tionscadal DeliveREE, a bhfuil sé mar aidhm leis dlús a chur le seachadadh tionscadail um éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite i Halla an Chontae, sa Lexlcon dlr agus in Amharclann an Phailliúin. Táthar ag súil go gcuirfear tacaíocht ar fáil don tionscadal trí Scéim Pathfinder an SEAL, a sholáthróidh maoiniú caipitil chun cur chuige iomlán a chur chun cinn maidir le hathfheistiú foirgnimh, lena n-áirítear úsáid teasa in-athnuaite chun freastal ar 90% den éileamh iomlán ar théamh spáis. Ag an am céanna,

beifear ag súil le dul chun cinn ar thionscadal painéil ghréine i Halla an Chontae in 2023. Ina theannta sin, feabhsófar nósanna imeachta rialaithe oibríocháin i Halla an Chontae.

- Cuirfear tús le Céim II d'uasghrádú seomra gléasra i gCearnóg an Chuain (lena n-áirítear suiteáil BMS nua) agus suiteáil córas Soilsithe LED atá tíosach ar fhuinneamh mar chuid d'athchóiriú Leibhéal 3 ar Chearnóg an Chuain. Aithníodh il-uasghrádú gléasra agus teicneolaíochta inbhuanaithe d'Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin, tá iarrachtaí féidearthachta agus forbartha ar bun d'fhonn tionscadail a cheadú agus tús a chur lena chur i bhfeidhm. Déanfar tuilleadh uasghrádaithe ar shoilsiú LED freisin; feabhsú leanúnach ar an gCóras Bainistíochta Fuinnimh; agus ceanglais ISO50001 a chur i bhfeidhm mar aon le hobair chun ullmhacht d'iniúchadh faireachais ISO50001 in R4 2023 a chinntiú.
- Tá uasghrádú sceidealaithe in 2023 do Leabharlanna Dheilginse agus Ghráinseach an Déin agus áireofar orthu sin Teaschaidéil agus fótavoltachas gréine a shuiteáil sa dá bhrainte. Ina theannta sin, cuirfear insliú i bhfeidhm ar an bpíobair timpeall an umar uisce ar dhíon Leabharlann Ghráinseach an Déin. Beidh deisiúcháin ar an gcoire bithmhaise sa dlr Lexlcon críochnaithe agus cuirfear ag obair arís é.
- Cuirfear Pacáistí Codema Coigilte Fuinnimh sa Bhaile breise le stoc na Leabharlainne. Cuirfear Méadair Fuinnimh Breiseáin le stoc iasachta na Leabharlanna freisin.
- Leanfar le grúpaí pobail a spreagadh chun díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus chun cur isteach ar mhaoiniú éifeachtúlachta fuinnimh. Leanfaidh na saoráidí pobail atá faoi úinéireacht dlr ar aghaidh le sonraí fuinnimh a bhailiú agus cuirfear treoir ar fáil nuair is féidir chun tacú le laghdú ídithe fuinnimh. Nuair is cuí, ós rud é go bhfuil gá le trealamh, amhail soilsiú, i saoráidí faoi úinéireacht na Comhairle a athsholáthar, cuirfear trealamh atá níos tiosaí ar fhuinneamh ina ionad.





Clr Mary Hanafin, an Cathaoirleach, agus Andree Dargan, Ailtire an Chontae, ag seoladh seimineáir ar Uasghrádú ar Fhuinneamh Baile


Aguisín 2


Acrainmneacha

- ACP** - An Comhchoiste Poilineachta
- BAA** - Bonneagar agus Athru Aeraide
- BOO** - Boird Oideachais agus Oiliuma
- BPCC** - Bonneagar don Phleanail Chun Cinn
- CBASTG** - An Ciste Bonneagair Aitiuil um Sheachadadh Tithiochta a Ghníomhachtu
- CBS** - Coiste um Beartais Straiteiseacha
- CCBCC** - Cumann na mBainisteoiri Contae agus Cathrach
- CCSGP** - An Clar um Chuimsiu Soisialta agus Gníomhachtu Pobail
- CCT** - Clar Coiriochta do Thaistealaithe (TAP)
- CFAU** - An Ciste Forbartha agus Athghiniuna Uirbi
- CFPA** - Coisti Forbartha Pobail Aitiuil
- CFS** - Crios Forbartha Straiteisi
- CMAC** - Clar Monatoireachta ar an Aer Chomhthimpeallach
- CNMI** - An Coimisiun Naisiunta Maoirseachta agus Iniuchoireachta
- CR** - Ceistneoir Reamhchailiuchain (PQQ)
- CS** - Comhairle na Seanoiri
- DSD** - Deimhniuchain Sabhailteachta o Dhoitean (FSC)
- DTLL** - Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE)
- FAP** - Foraim Aitiula Poilineachta (LPF)
- FST** - Forbairt Straiteiseach Tithiochta (SHD)
- GBRA** - An Ghníomhaireacht Bainistiochta Rialtais Aitiuil
- GCC** - An Ghníomhaireacht um Chaomhnu Comhshaoil (EPA)
- GFT** - Gníomhaireacht Forbartha Talun
- IRAE** - Institiuid Rioga Ailtiri na hEireann (RIAI)
- LRP** - Lionra Rannphairtiochta Pobail (PPN)
- LRP dlr** - Lionra Rannphairteachais Phoibli Dhun Laoghaire-Rath an Duin
- MTUS** - Morshuimhanna um Thithiocht Uirbeach a Sholathar (MUHDS)
- OCE** - Ordu Ceannaigh Eigeantaigh
- OSR** - an Oifig um Sholathar Rialtais (OGP)
- PFC** - Plean Forbartha Contae (CDP)
- PGAA** - Plean Gníomhaithe ar son na hAeraide
- QQI** - Quality & Qualification Ireland
- RGCS** - An Rialachan Ginearalta maidir le Cosaint Sonrai
- RTRAO** - An Roinn Tithiochta, Rialtais Aitiuil agus Oidhreachta (DHLGH)
- SIBAE** - Sceim Iasachta Baile Atogail Eireann (RIHL)
- SIOT** - An Sceim Infheistiochta don Oidhrecht Thogtha 2021 (BHIS)
- UFIE** - Udaras Fuinnimh Inmharthana na hEireann
- UNI** - Udaras Naisiunta Iompair









Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,
Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Áth Cliath, A96 K6C9
Teil (00353-1) 2054700 Ríomhphost: info@dlrcoco.ie